

Iris Oifigiúil

an Aontais Eorpaigh



An t-eagrán Gaeilge

Faisnéis agus Fógraí

Clár

Leathanach

III Gníomhartha ullmhúcháin

AN CHOMHAIRLE

Seasamh (AE) Uimh. 9/2013 ón gComhairle ar an gcéad léamh chun go nglacfaí Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle

Arna ghlacadh ag an gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 2013	1
Ráiteas ón gComhairle maidir le pleananna ilbhliantúla	45
Ráiteas ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sonraí a bhailiú	45
Ráitis ón gCoimisiún	45

Seasamh (AE) Uimh. 10/2013 ón gComhairle ar an gcéad léamh chun go nglacfaí Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comheagrú na margáí i dtáirgí iascaigh agus dobh-arshaothraithe, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1184/2006 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 104/2000 ón gComhairle

Arna ghlacadh ag an gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 2013	46
Ráiteas ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialacha rialaithe i réimse na hinriannaitheachta táirge agus na faisnéise do thomhaltóirí	72
Ráitis ón gCoimisiún	72

GA

III

(Gníomhartha ullmhúcháin)

AN CHOMHAIRLE

SEASAMH (AE) Uimh. 9/2013 ÓN gCOMHAIRLE AR AN gCÉAD LÉAMH

chun go nglacfaí Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle

Arna ghlacadh ag an gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 2013

(2013/C 351 E/01)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na Parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (1),

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiúin (2),

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach (3),

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 (4) ón gComhairle córas Comhphobail maidir le caomhnú agus le saothrú inbhuanaithe acmhainní iascaigh faoin gComhbheartas Iascaigh (CBI).
- (2) Le raon feidhme CBI, cuimsítear caomhnú acmhainní bitheolaíocha na mara agus bainistiú na n-iascach sin a

(1) IO C 181, 21.6.2012, lch.183.

(2) IO C 225, 27.7.2012, lch.20.

(3) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 6 Feabhra 2013 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh an 17 Deireadh Fómhair 2013. Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an ... agus cinneadh ón gComhairle an ...

(4) Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle an 20 Nollaig 2002 maidir le caomhnú agus le saothrú inbhuanaithe acmhainní iascaigh faoin gComhbheartas Iascaigh (IO L 358, 31.12.02, lch. 59).

dhíríonn orthu. Ina theannta sin, cuimsítear ann, i ndáil le bearta margaidh agus bearta airgeadais chun tacú lena chuspóirí, acmhainní bitheolaíocha fionnuisce agus gníomhaíochtaí do bharshaothraithe, próiseáil agus margaiócht táirgí iascaigh agus do bharshaothraithe, i gcás ina dtarlaíonn na gníomhaíochtaí sin i gcóir na mBallstát, nó in uiscí an Aontais, lena n-áirítear gníomhaíochtaí ag soithí iascaireachta faoi bhratach tríú tíortha, agus atá cláraithe i dtírú tíortha, nó ag soithí iascaireachta an Aontais, nó ag náisiúnaigh de na Ballstáit, gan dochar don phríomhfhreagracht atá ar an mBratstát, agus aird á tabhairt ar fhorálacha Airteagal 117 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 (5) (UNCLOS).

- (3) D'fhéadfadh tionchar suntasach a bheith ag iascaigh áineasa ar acmhainní éisc agus ba cheart do na Ballstáit dá bhrí sin a áirithiú go seolfar iad ar bhealach atá ag luí le cuspóirí CBI.

- (4) Ba cheart go n-áiríteofaí leis an gComhbheartas Iascaigh go gcuirfidh gníomhaíochtaí iascaireachta agus do bharshaothraithe leis an inbhuanaitheacht chomhshaoil, eacnamaíoch agus shóisialta san fhadtéarma. Ba cheart a áirithiú go mbeidh rialacha ann arb é an aidhm a bheidh leo go n-áiríteofar inrianaitheacht, slándáil agus cáilíocht na dtáirgí sin a mhargaítear san Aontas. Thairis sin, ba cheart go cuirfeadh CBI le táirgiúlacht mhéadaithe, le caighdeán cóir maireachtála don earnáil iascaigh, lena n-áirítear iascaireacht ar mhionscála, agus le margáí cobhsaí agus ba cheart dó infhaighteacht acmhainní a áirithiú agus a áirithiú go mbíonn soláthairtí bia ar fáil do thomhaltóirí ar phraghsanna réasúnta. Ba cheart go rannchuideodh CBI le Straitéis Eoraip 2020 maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uileghabhálach, agus go gcaibhródh sé leis na cuspóirí a leagtra amach sa straitéis sin a bhaint amach.

(5) Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 agus an Comhaontú a bhaineann le Cuid XI de (IO L 179, 23.6.1998, lch. 3).

- (5) Is páirtí conarthach é an tAontas in UNCLOS ⁽¹⁾ de bhun Chinneadh 98/414/CE ón gComhairle ⁽²⁾, Chomhaontú na Náisiún Aontaithe maidir le Forálacha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 i ndáil le Caomhnú agus le bainistiú stoc éisc traslimistéir agus stoc éisc mór-imirceach a chur chun feidhme an 4 Nollaig 1995 ⁽³⁾ (Comhaontú NA maidir le Stoic Éisc) agus de bhun Chinneadh 96/428/CE ón gComhairle ⁽⁴⁾, an Comhaontaithe chun comhlíonadh beart caomhnaithe idirnáisiúnta agus beart bainistíochta idirnáisiúnta ag soithí iascaireachta ar an mórmhuir a chur chun cinn an 24 Samhain 1993, ar comhaontú de chuid Eagraíocht Bia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe é ⁽⁵⁾.
- (6) Leagtar síos go príomha leis na hionstraimí idirnáisiúnta sin oibleagáidí caomhnaithe, lena n-áirítear oibleagáidí bearta caomhnaithe agus bearta bainistíochta a dhéanamh atá ceaptha le hacmhainní mara a chothabháil nó a athbhunú ag leibhéal a fhéadfaidh an uastáirgeacht inbhuanaithe a tháirgeadh laistigh de limistéir farraige faoin dlínse náisiúnta agus ar an mórmhuir, agus le dul i gcomhar le Stáit eile chuige sin, oibleagáidí chun an cur chuige réamhchúraim a chur i bhfeidhm go forleathan maidir le stoic éisc a chaomhnú, a bhainistiú agus a shaothrú, oibleagáidí comhoiriúnacht na mbearta caomhnaithe agus bainistíochta a áirithiú i gcásanna ina mbeidh na hacmhainní mara i limistéir farraige a bhfuil stádas dlínsiúil difriúil i bhfeidhm iontu agus oibleagáidí chun aird chuí a thabhairt ar úsáidí dlísteana eile na bhfarraigí. Ba cheart do CBI rannchuidiú, dá bhrí sin, leis an Aontas a oibleagáidí idirnáisiúnta faoi na hionstraimí idirnáisiúnta sin a chur chun feidhme. I gcás ina nglacfaidh Ballstáit bearta caomhnaithe agus bearta bainistíochta, a bhfuil cumhacht tugtha dóibh i leith na mbearta sin faoi chuimsiú CBI, ba cheart dóibh gníomhú ar dhóigh a thiocfaidh go hiomlán leis na hoibleagáidí idirnáisiúnta caomhnaithe agus comhair faoi na hionstraimí idirnáisiúnta sin.
- (7) Ag an gCruinniú Mullaigh Domhanda um Fhorbairt Inbhuanaithe in Johannesburg in 2002, gheall an tAontas agus a Bhallstáit go ngníomhóidís chun deireadh a chur leis an meath leanúnach atá ag teacht ar go leor stoc éisc. Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas CBI a fheabhsú trí rátaí saothraithe a choigeartú chun a áirithiú, laistigh d'achar ama réasúnta, go ndéanfar le saothráthú acmhainní bitheolaíocha na mara líon na stoc saothraithe a athbhunú agus a chothabháil os cionn leibhéal lena bhféadtar an uastáirgeacht inbhuanaithe a tháirgeadh. Ba cheart na rátaí saothraithe a bhaint amach faoi 2015. Níor cheart a cheadú go mbainfear na rátaí saothraithe sin amach ar dháta níos faide anonn ach amháin dá ndéanfaí inbhuanaitheacht eacnamaíoch agus sóisialta na gcabhlach iascaireachta a chur i mbaol go mór dá mbainfí amach faoi 2015 iad. Tar éis 2015, ba cheart na rátaí sin a bhaint amach a luaithe is féidir agus, i gcás ar bith, tráth nach déanaí ná 2020. I gcás nach leor an fhaisnéis eolaíoch atá ann chun na leibhéil sin a chinneadh, féadfar machnamh a dhéanamh ar neaspharaiméadair.
- (8) Le cinní bainistíochta maidir le huastáirgeacht inbhuanaithe in iascach measctha, ba cheart aird a thabhairt ar an deacracht a bhaineann le stoic uile in iascach measctha a iascach ar leibhéal na huastáirgeachta inbhuanaithe ag an am céanna, go háirithe i gcásanna ina dtugtar le tuiscint le comhairle eolaíoch gur fíordheacair é feinimeán an 'tachtspeiceas' a sheachaint trí mhéadú ar roghnaíocht na dtrealamh iascaireachta atá á n-úsáid. Ba cheart a iarraidh ar chomhlachtaí iomchuí eolaíocha comhairle a thabhairt maidir leis na leibhéil iomchuí bhásmhaireachta san iascaireacht in imthosca mar sin.
- (9) Le CBI, ba cheart go n-áiritheofaí comhleánúnachas leis na spriocanna iascaigh a leagtar síos sa Chinneadh ó Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch maidir leis an bPlean Straitéiseach um Bithéagsúlacht 2011-2020, agus leis na spriocanna bitheolaíocha a ghlac an Chomhairle Eorpach an 25 agus 26 Márta.
- (10) Ba cheart saothráthú inbhuanaithe acmhainní bitheolaíocha na mara a bheith bunaithe ar chur chuige réamhchúraim, a thagann ó phrionsabal an réamhchúraim dá dtagraítear sa chéad fhómhír d'Airteagal 191(2) den Chonradh, agus sonraí eolaíocha atá ar fáil á gcur san áireamh.
- (11) Ba cheart do CBI cur le cosaint na muirthimpeallachta, le bainistiú inbhuanaithe na speiceas uile sin a ndéantar saothráthú tráchtála orthu, agus go háirithe le dea-stádas comhshaoil a bhaint amach faoi 2020, mar a leagtar amach é in Airteagal 1(1) de Threoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁶⁾.
- (12) Ba cheart do CBI rannchuidiú freisin le bia ardchothaitheach a sholáthar do mhargadh an Aontais, agus le spleáchas mhargadh an Aontais ar allmahairithe biasin a laghdú. Ba cheart go gcothófaí leis freisin cruthú post díreach agus indíreach agus le forbairt eacnamaíoch i limistéir chósta.

⁽¹⁾ Cinneadh 98/392/CE ón gComhairle na 23 Márta 1998, (IO L 179, 23.06.98, lch. 1).

⁽²⁾ Cinneadh 98/414/CE ón gComhairle an 8 Meitheamh 1998 maidir le daingniú ag an Chomhphobal Eorpach den Comhaontú a bhaineann le Cuid XI de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 a chur chun feidhme i ndáil le Caomhnú agus le Bainistiú Stoc Éisc Traslimistéir agus Stoc Éisc Mór-imirceach a chur chun feidhme (IO L 189, 3.7.1998, lch. 14).

⁽³⁾ An Comhaontú a bhaineann le Cuid XI de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 a chur chun feidhme i ndáil le Caomhnú agus le Bainistiú Stoc Éisc Traslimistéir agus Stoc Éisc Mór-imirceach a chur chun feidhme (IO L 189, 3.7.1998, lch. 164).

⁽⁴⁾ Cinneadh 96/428/CE ón gComhairle an 25 Meitheamh 1996 an Comhaontú chun Comhlíontacht Bád Iascaireachta ar an Mórmhuir i dtaca le Bearta Idirnáisiúnta Caomhantais agus Bainistíochta a chur chun cinn

⁽⁵⁾ An Comhaontú chun Comhlíontacht Bád Iascaireachta ar an Mórmhuir i dtaca le Bearta Idirnáisiúnta Caomhantais agus Bainistíochta a chur chun cinn (IO L 177, 16.7.1996, lch. 26).

⁽⁶⁾ Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais comhshaoil mhuirí (Creat-Treoir um Straitéis Mhuirí) (IO L 164, 25.6.08, lch. 19).

- (13) Ba cheart cur chuige bunaithe ar éiceachórais i leith bainistiú iascaigh a chur chun feidhme, ba cheart an tionchar atá ag gníomhaíochtaí iascaireachta ar an gcomhshaoil a theorannú, agus ba cheart gabhálacha de thaisme a sheachaint agus a laghdú a mhéid is féidir.
- (14) Is tábhachtach é go mbeadh bainistiú CBI bunaithe ar phrionsabail an dea-rialachais. Cuimsíonn na prionsabail sin cinnteoireacht bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil, rannpháirtíocht go leor páirtithe leasmhara agus dearcadh fadtéarmach. Tá bainistiú rathúil CBI ag brath freisin ar shainmhíniú soiléir ar fhreagrachtaí ar leibhéal an Aontais, agus ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil agus ar chomhoiriúnacht fhrithpháirteach na mbearta dhéantar agus ar a gcomhsheasmhacht le beartais eile an Aontais.
- (15) Ba cheart go rannchuideofaí, le CBI, le feabhas a chur ar an tsábháilteacht agus ar na coinníollacha oibre d'oibreacha iascaireachta.
- (16) I gcás inarb ábhartha, ba cheart go dtabharfaí lánaird i CBI ar shláinte ainmhithe, ar leas ainmhithe, agus ar shábháilteacht bia agus ar shábháilteacht beatha ainmhithe.
- (17) Ós rud é go bhfuil gach ábhar a bhaineann le haigéin agus le farraigí na hEorpa idirnasctha, ba cheart CBI a chur chun feidhme ar bhealach atá comhsheasmhach le beartais eile de chuid an Aontais agus, go háirithe, lena dtugtar aird ar idirbhearta le gníomhaíocht an Aontais i réimsí beartais mhuirí eile. Ba cheart comhleánúchais a áirithiú maidir le beartais earnálacha éagsúla a bhainistiú laistigh de Mhuir Bhailt, den Mhuir Thuaidh, den Mhuir Cheilteach, de Bhá na Bioscáine agus laistigh d'imchuacha farraige Chósta Leithinis na hIbéire, na Meánmhara agus na Mara Duibhe.
- (18) Ba cheart rochtain chothrom a bheith ag soithí iascaireachta an Aontais ar uisce agus ar acmhainní an Aontais faoi réir rialacha CBI.
- (19) Tá na rialacha atá ann cheana lena gcuirtear srian ar rochtain ar acmhainní laistigh de chriosanna 12 mhuirmhíle na mBallstát á bheith míú go sásúil, rud a chuaigh chun sochair do chúrsaí caomhnaithe trí iarracht iascaireachta a shrianadh sa chuid is íogaire d'uisce an Aontais. Caomhnaíodh leis na rialacha sin gníomhaíochtaí iascaireachta traidisiúnta a bhfuil forbairt shóisialta agus eacnamaíoch roinnt pobal cósta ag brath go mór orthu. Ba cheart go leanfadh na rialacha sin d'fheidhm a bheith acu, dá bhrí sin. Ba cheart do na Ballstáit rochtain fhabhrach a thabhairt d'iascairí beagscála, do cheardiascairí nó d'iascairí cósta.
- (20) Ba cheart, i gcás inarb iomchuí, aitheantas ar leith agus tacaíocht ar leith a thabhairt d'oileáin bheaga amach ón gcósta, ina bhfuiltear ag brath ar an iascaireacht, d'fhonn go bhféadfaid siad maireachtáil agus a bheith rathúil.
- (21) Ba cheart cosaint ar leith a thabhairt d'acmhainní bitheolaíoch na mara timpeall réigiúin fhorimeallacha an Aontais dá dtagraítear sa chéad mhír d'Airteagal 349 den Chonradh toisc go gcuireann siad le caomhnú gheilleagar áitiúil na gcósta sin, ag féachaint don staid struchtúrach, shóisialta agus eacnamaíoch ina bhfuil siad. Ba cheart gníomhaíochtaí áirithe iascaireachta sna huisc sin a theorannú do shoithí iascaireachta atá cláraithe i gcalafort na gcósta sin.
- (22) D'fhonn rannchuidiú le beo-acmhainní uisceacha agus éiceachórais mhuirí a chaomhnú, ba cheart don Aontas féachaint le limistéir atá íogair ó thaobh na bitheolaíochta de a chosaint, trí na limistéir sin a ainmniú mar limistéir chosanta. I limistéir den sórt sin, ba cheart go bhféadfaí gníomhaíochtaí iascaireachta a shrianadh nó a thoirmeasc iontu. Agus cinneadh á dhéanamh maidir leis na limistéir sin ba cheart a ainmniú, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar na limistéir sin a bhfuil fianaise shoiléir ann ina leith go bhfuil tiúchain arda iasc faoi bhun na híosmhéide caomhnaithe iontu agus láthreacha sceite, agus ar na limistéir sin a meastar ina leith go bhfuil siad íogair ó thaobh na bithgeografaíochta de. Ba cheart na limistéir chaomhnaithe atá ann cheana a chur san áireamh freisin. Le gur fusa a bheidh próiseas ainmnithe, ba cheart do na Ballstáit limistéir oiriúnacha a shaináithint, lena n-áirítear limistéir atá mar chuid de líonra comhtháite agus, i gcás inarb iomchuí, ba cheart dóibh dul i gcomhar lena chéile, agus moltaí comhpháirteacha a ullmhú agus a sheoladh chuig an gCoimisiún. D'fhonn go mbunófar limistéir chosanta ar bhealach níos éifeachtaí, ba cheart go mbeadh sé indéanta an Coimisiún a chumhachtú chun iad a bhunú mar i bplean ilbhliantúil. D'fhonn leibhéal oiriúnach a áirithiú ó thaobh na cuntasachta daonlatha agus an rialaithe dhaonlathaigh, ba cheart don Choimisiún tuarascáil a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle go tráthrialta maidir le feidhmiú na limistéir chosanta sin.
- (23) Déantar saothrú inbhuanaithe acmhainní bitheolaíoch na mara a bhaint amach ar bhealach níos éifeachtaí mar chuspóir trí chur chuige ilbhliantúil maidir le bainistiú iascaigh, ina dtugtar tosaíocht do bhunú pleananna ilbhliantúla a léiríonn sainiúlachtaí an iascaigh éagsúil.
- (24) Ba cheart ilstoic a chumhdach i bpleananna ilbhliantúla, i gcás inarb féidir, i gcás ina bhfuil na stoic sin á saothrú i gcomhpháirt. Ba cheart, sna pleananna ilbhliantúla, go mbunófaí an creat do shaothrú inbhuanaithe na stoc agus éiceachórais na mara lena mbaineann, agus amhláir shoiléire agus sásraí coimirce a shainiú iontu chun déileáil le forbairtí gan choinne. Ba cheart na pleananna ilbhliantúla a bheith faoi rialú le cuspóirí bainistíochta a shainítear go soiléir d'fhonn go rannchuideofar leo le saothrú inbhuanaithe na stoc agus le cosaint na n-éiceachóras muirí lena mbaineann. Ba cheart na pleananna sin a ghlacadh i gcomhairle le Comhairlí Comhairleacha, le hoibreacha i dtionscal na hiascaireachta, le heolaithe agus le geallsealbhóirí eile a bhfuil leas acu i mbainistiú iascaigh.
- (25) Maidir le Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 ⁽¹⁾, Treoir 92/43/CEE ón gComhairle ⁽²⁾ agus Treoir 2008/56/CE, forchuirtear leo oibleagáidí áirithe ar Bhallstáit i ndáil le limistéir speisialta faoi chosaint, le limistéir speisialta

⁽¹⁾ Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO L 201, 26.1.2010, lch. 7).

⁽²⁾ Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.92, lch. 7).

- chaomhantais, agus le limistéir speisialta mhuirí faoi chosaint, faoi seach. D'fhéadfaí a chur de cheangal go ndéanfaí bearta a ghlacadh a thagann faoi CBI le bearta den chineál sin. Dá bhrí sin, is iomchuí a údarú do na Ballstáit, sna huiscí atá faoina gceannasacht nó faoina n-údarás, bearta caomhnaithe den chineál sin a ghlacadh, ar bearta iad a bheidh riachtanach chun a n-oibleagáidí faoi ghníomhartha sin an Aontais a chomhlíonadh i gcás nach ndéanfaidh bearta den chineál sin dochar do leasanna iascach de chuid Ballstát eile. I gcás ina d'fhéadfadh bearta den chineál sin dochar a dhéanamh do leasanna iascach de chuid Ballstát eile, ba cheart an chumhacht chun bearta den chineál sin a bhronnadh ar an gCoimisiún agus ba cheart iontaoibh a dhéanamh maidir le comhar réigiúnach i measc na mBallstát lena mbaineann.
- (26) Tá gá le bearta chun leibhéil arda reatha na ngabhálacha de thaisme a laghdú agus an ábhair mhuirí aiscurtha a dhíothú de réir a chéile. Is diomailt shuntasach iad gabhálacha de thaisme agus ábhar muirí aiscurtha agus bíonn tionchar díobhálach acu ar shaothrú inbhuanaithe acmhainní bitheolaíocha na mara agus ar éiceachórais na mara, agus ar inmharthanacht airgeadais an iascaigh chomh maith. Ba cheart oibleagáid a bhunú agus a chur chun feidhme de réir a chéile chun na gabhálacha uile a thabhairt i dtír ('an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír') agus ba cheart a bheith ag gabháil leis sin na rialacha a aisghairm lenar cuireadh mar oibleagáid ar iascairí go dtí seo ábhar muirí a aiscur, ar gabhálacha iad de na speicis sin atá faoi réir teorainneacha gabhála agus, sa Mheánmhuir, gabhálacha atá faoi réir íosmhéideanna gabhála a dhéantar le linn gníomhaíochtaí iascaireachta, in uiscí an Aontais nó ag soithí iascaireachta an Aontais.
- (27) Ba cheart an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír a thabhairt isteach, ag brath ar an iascach a bheidh i gceist, go dtabharfar na gabhálacha uile i dtír. Ba cheart a ligean do na hiascairí leanúint de speicis a aiscur, a bhfuil, de réir na comhairle eolaíche is fearr atá ar fáil, ráta ard marthanais ann ina leith nuair a scaoiltear ar ais san fharraige iad.
- (28) D'fhonn gur inoibrithe a bheadh an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír agus d'fhonn maolú a dhéanamh ar an éifeacht a bhíonn ag athruithe ar chomhdhéanaimh na ngabhálacha ó bhliain go bliain, ba cheart a ligean do na Ballstáit cuótaí a aistriú idir na blianta, suas go céatadán áirithe.
- (29) Mar chuid de bhainistiú na hoibleagáide maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír, ní mór do Bhallstáit a ndícheall a dhéanamh chun gabhálacha de thaisme a laghdú. Chuige sin, caithfidh go mbeidh ardtosaíocht ag feabhsuithe maidir le teicnící iascaireachta roghnaíocha chun gabhálacha de thaisme a sheachaint agus a laghdú a mhéid is féidir. Tá sé tábhachtach go ndáilfidh Ballstáit cuótaí idir soithí ar bhonn a léireoidh comhdhéanamh ionchasacha na speiceas sna hiascaigh a mhéad is féidir i gcás mhíréireachta idir na cuótaí a bheidh ar fáil agus na patrúin iascaireachta, ba cheart do Bhallstáit breithniú a dhéanamh ar choigeartuithe trí mhalartuithe cuótaí le Ballstáit eile, lena n-áirítear ar bhonn buan. D'fhéadfadh na Ballstáit machnamh a dhéanamh chomh maith ar éascú a dhéanamh ar thiomnú a bheith á dhéanamh ag úinéirí soithí ar chuótaí aonair mar shampla in eagraíochtaí táirgeachta nó i ngrúpaí d'úinéirí soithí. Ar deiridh ba cheart do Bhallstáit breithniú a dhéanamh go ndéanfaí speicis fo-ghabhála a chomhaireamh i gcoinne cuóta an, ag brath ar stádas caomhnaithe an speicis fo-ghabhála.
- (30) Ba cheart ceann scríbe na gabhálacha éisc sin a thabharfar i dtír atá faoi bhun na híosmhéide tagartha caomhnaithe a bheith teoranta agus ba cheart a ndíol mar bhia don duine a eisiáimh.
- (31) Chun freastal ar ghabhálacha de thaisme nach féidir a sheachaint fiú agus na bearta uile chun iad a laghdú á gcur i bhfeidhm, ba cheart roinnt díolúintí de minimis ón oibleagáid maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír a bhunú do na hiascaigh sin a bhfuil an oibleagáid maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír infheidhme ina leith, go príomha trí phleananna ilbhliantúla.
- (32) Faoi réir comhairle eolaíche agus gan cuspoirí uastáirge inbhuanaithe chur i gcontúirt agus gan básmhairacht iascaireachta a mhéadú, nuair atá oibleagáid maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír i bhfeidhm, lena n-áirítear an oibleagáid doiciméadú a dhéanamh ar ghabhálacha, ba cheart go dtuarfaí go dtiocfaidh méadú ar ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an iascaireacht, chun a chur san áireamh go dtabharfar éisc i dtír, ar éisc iad ba ghnách a aiscur roimhe seo.
- (33) Ba cheart rochtain ar iascach a bheith bunaithe ar chritéir thrédhearcacha, oibiachtúla lena n-áirítear critéir maidir leis an gcomhshaol agus de chineál sóisialta agus eacnamaíoch. Ba cheart do na Ballstáit iascaireacht fhreagrach a chur chun cinn trí dhreasachtaí a chur ar fáil do na hoibreoirí sin a iascann ar an mbealach is lú a ndéantar díobháil don chomhshaol leis agus a chuireann na tairbhí is fearr ar fáil don tsochaí.
- (34) I gcás stoc nach bhfuil aon phlean ilbhliantúil bunaithe ina leith, ba cheart rátaí saothraithe a sholáthraíonn uastáirgeacht inbhuanaithe a áirithiú trí theorainneacha ar ghabhálacha nó ar iarracht iascaireachta a shocrú. Muna na sonraí atá ar fáil leordhóthanach, ba cheart iascaigh a bhainistiú trí neaspharaméadair a úsáid.
- (35) I bhfianaise staid eacnamaíoch neamhbhuan thionscal na hiascaireachta agus an chaoi a bhfuil pobail chósta áirithe ag brath ar an iascaireacht, is gá cobhsaíocht choibhneasta na ngníomhaíochtaí iascaireachta a áirithiú trí dheiseanna iascaireachta a chionroinnt ar Bhallstáit, bunaithe ar sciar intuairthe na stoc do gach Ballstát.
- (36) Leis an gcobhsaíocht choibhneasta sin i ngníomhaíochtaí iascaireachta, i bhfianaise staid bhitheolaíoch shealadach na stoc, ba cheart riachtanais ar leith na réigiún ina bhfuil pobail áitiúla ag brath go mór ar iascach agus ar ghníomhaíochtaí gaolmhara a chosaint agus a chur san áireamh go hiomlán de réir mar a chinn an Chomhairle sa Rún uaithi an 3 Samhain 1976 ⁽¹⁾, agus go háirithe Iarscríbhinn VII a ghabhann leis.

⁽¹⁾ (IO C 105, 7.5.1981, lch.1).

- (37) Dá bhrí sin, ba cheart coincheap na cobhsaíochta coibhneasta a thuiscint sa chomhthéacs sin.
- (38) Ba cheart an Coimisiún a údarú chun bearta sealadacha a ghlacadh i gcás ina mbeadh bagairt mhór, a déileodh beart láithreach, ar chaomhnú acmhainní bitheolaíocha na mara nó ar éiceachóras na mara mar thoradh ar ghníomhaíochtaí iascaireachta. Ba cheart na bearta sin a shainiú laistigh de thréimhsí agus ba cheart go mbeidís ag feidhmiú ar feadh tréimhse ama shocraithe.
- (39) Ba cheart go gcomhoibredh na Ballstáit ar leibhéal réigiúnach d'fhonn moltaí comhpháirteacha agus ionstraimí eile a ghlacadh chun bearta caomhnaithe agus bearta a dhéanfaidh dochar do ghníomhaíocht iascaireachta i réimsí atá caomhnaithe faoin dhlí comhshaoil a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Faoi chuimsiú an chomhair réigiúnaigh, níor chóir don Choimisiún bearta caomhnaithe a ghlacadh ach trí ghníomhartha cur chun feidhme nó trí ghníomhartha tarmlichte amháin, i gcás ina gcomhaontaíonn na Ballstáit ar fad lena mbaineann i réigiún maidir le moladh comhpháirteach. In éagmais comhaontú comhpháirteach, ba cheart don Choimisiún togra reachtach a thíolacadh maidir leis na bearta ábhartha de bhun an Chonartha.
- (40) Ba cheart go gcumhachtófaí do Bhallstáit bearta caomhnaithe agus bearta bainistíochta a ghlacadh le haghaidh stoc in uiscí an Aontais nach bhfuil infheidhme ach maidir le soithí iascaireachta an Aontais a bhfuil a mbratach ar foluain acu.
- (41) Ba cheart gcumhachtófar do Bhallstáit, laistigh dá gcíos 12 mhuirmhíle, bearta caomhnaithe agus bearta bainistíochta is infheidhme maidir le gach soitheach iascaireachta de chuid an Aontais a ghlacadh, ar an gcoinníoll, i gcás ina mbeidh feidhm ag na bearta sin maidir le soithí iascaireachta an Aontais ó Bhallstáit eile, go bhfuil na bearta a ghlacfar neamh-idirdhealaitheach, go rachaidh siad i gcomhairle leis na Ballstáit eile lena mbaineann roimh ré agus nár ghlac an tAontas bearta a dhíríonn go sonrach ar chaomhnú agus ar bhainistíocht laistigh den chrios 12 mhuirmhíle lena mbaineann.
- (42) Ba cheart go mbeadh na Ballstáit in ann córas lamháltas iascaireachta inaistrithe a thabhairt isteach.
- (43) Ba cheart do na Ballstáit bearta sonracha a dhéanamh chun líon na soithí iascaireachta de chuid an Aontais a chur ar chomhréim leis na hacmhainní atá ar fáil, ar bhonn na measúnuithe a dhéanfaidh siad ar an gcothro- maíocht idir acmhainn iascaireachta a gcabhlach agus na deiseanna iascaireachta a bheidh ar fáil dóibh. Ba cheart na measúnuithe a dhéanamh i gcomhréir leis na treoirlínte ón gCoimisiún agus ba cheart iad a chur ar fáil i dtuarasaíl bhliantúil a bheidh le cur chuig an gCoimisiúin. Ba cheart na tuarascálacha sin a thagann as sin a chur ar fáil don phobal. Ba cheart do gach Ballstát a bheith in ann na bearta agus na hionstraimí a roghnú ar mian leis a ghlacadh d'fhonn acmhainn iomarcach iascaireachta a laghdú.
- (44) Ina theannta sin, ba cheart go gcoinneofaí uasteorainneacha éigeantacha le haghaidh acmhainne iascaireachta cabhlaigh agus scéimeanna náisiúnta iontrála/scoir i ndáil le maoiniú díchoimisiúnaithe, chun an acmhainn iascaireachta a bhainistiú agus a choigeartú.
- (45) Ba cheart do na Ballstáit an fhaisnéis íosta a thaifeadadh maidir le saintréithe agus le gníomhaíochtaí soithí iascaireachta an Aontais a bhfuil a mbratach ar foluain acu. Ba cheart na taifid sin a chur ar fáil don Choimisiún ar mhaithe le faireachán a dhéanamh ar mhéid chabhlaigh na mBallstát.
- (46) Tá tacair shonraí chomhchuibhithe, iontaofa agus bheachta ag teastáil do bhainistiú iascaigh atá bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil. Ba cheart do Bhallstáit, dá bhrí sin, sonraí faoi chabhlaigh agus faoina ngníomhaíochtaí iascaireachta a bhailiú, go háirithe sonraí bitheolaíoch faoi ghabhálacha, lena n-áirítear ábhar muirí aiscurtha, faisnéis suirbhéanna faoi stoic éisc agus faoin tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag gníomhaíochtaí iascaireachta ar éiceachóras na mara. Ba cheart do na Ballstáit na sonraí arna mbailiú a bhainistiú agus a chur ar fáil d'úsáideoirí deiridh agus do pháirtithe leasmhara eile. Ba cheart do na Ballstáit freisin comhoibriú lena chéile agus leis an gCoimisiún chun gníomhaíochtaí bailithe sonraí a chomhordú. I gcás inarb iomchuí, ba cheart do na Ballstáit comhoibriú le tríú tíortha freisin maidir le bailiú sonraí. Ba cheart do na Ballstáit tuarascáil bhliantúil a chur ar fáil don Choimisiún, ar tuarascáil é maidir lena gcuid gníomhaíochtaí bailithe sonraí a ndéanfaidh an Coimisiún measúnú air agus a chuirfear ar fáil don phobal.
- (47) Ba cheart a áireamh sa bhailiúchán sonraí sonraí a éascaíonn measúnú eacnamaíoch ar ghnóthais atá gníomhach san earnáil iascaigh, i ndobharshaothrú agus i bpróiseáil táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe agus ar threochtaí fostaíochta sna tionscail sin.
- (48) Maidir leis an gCoiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (CETE) mar a bunaíodh le Cinneadh ón gCoimisiún 93/619/CE⁽¹⁾, féadfar dul i gcomhairle leis maidir le hábhair a bhaineann le hacmhainní bitheolaíoch na mara a chaomhnú agus a bhainistiú, chun an cúnaimh is gá ó phearsanra ardcháilíochta eolaíochta a áirithiú, go háirithe maidir le disciplíní bitheolaíoch, eacnamaíoch, comhshaoil, sóisialta agus teicniúla a chur i bhfeidhm.
- (49) Ba cheart eolaíocht iascaigh atá dírithe ar bheartais a neartú trí chláir bhailithe sonraí eolaíochta agus trí chláir thaighde agus nuálaíochta in ábhar iascaigh arna nglacadh go náisiúnta i gcomhar le Ballstáit eile agus laistigh de chreataí taighde agus nuálaíochta an Aontais agus comhar níos fearr idir tionscal agus eolaithe a chothú.

⁽¹⁾ Cinneadh 93/619/CE ón gCoimisiún an 19 Samhain 1993 maidir le bunú An Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (IO L 297, 2.12.1993, lch. 25)

- (50) Ba cheart don Aontas cuspóirí an Chomhbheartais lascaigh a chur chun cinn go hidirnáisiúnta, lena n-áirítheofar gníomhaíochtaí iascaireachta an Aontais taobh amuigh d'uiscí an Aontais a bhunú ar na prionsabail chéanna agus ar na caighdeáin chéanna is infheidhme faoi dhlí an Aontais, agus lena gcuirfear cothroime iomaíochta chun cinn d'oibreoirí an AE agus d'oibreoirí de chuid trío tíortha. Chun na críche sin, ba cheart don Aontas a bheith ag iarraidh an próiseas a stiúradh chun feidhmíocht na n-eagraíochtaí réigiúnacha agus idirnáisiúnta a neartú ionas go mbeidh siad in ann na hacmhainní muirí beo atá faoina gcúram a chaomhnú agus a bhainistiú, lena n-áirítear an iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuiriscithe agus neamhrialáilte a chomhrac. Ba cheart go gcomhoibreodh an tAontas le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta ar mhaithe le comhlíonadh na mbeart idirnáisiúnta a fheabhsú lena n-áirítear an iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuiriscithe agus neamhrialáilte a chomhrac. Ba cheart go mbeadh seasaimh an Aontais bunaithe ar an gcomhairle eolaíochta is fearr dá bhfuil ann.
- (51) Ba cheart go n-áirítheofaí le comhaontuithe comhpháirtíochta maidir le hiascaigh inbhuanaithe go mbeadh gníomhaíochtaí iascaireachta an Aontais in uiscí tríú tíortha bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch is fearr dá bhfuil ann, agus ar mhalartú iomchuí faisnéise, lena n-áirítheofar saothrú inbhuanaithe acmhainní bitheolaíochta muirí, mar aon le trédhearcacht maidir leis an mbarrachas a chinneadh, agus, dá réir sin, na hacmhainní a bhainistiú ar bhealach a bheidh ar aon dul le cuspóirí an CBI. Ba cheart do na comhaontuithe sin, ina ndéantar foráil do rochtain ar acmhainní i gcomhréir le leas na gcabhlach Eorpach mar mhalairt ar ranníocaíocht ón Aontas, rannchuidiú le creat rialachais ardcháilíochta a bhunú chun bearta éifeachtúla maidir le bailiú sonraí, faireachán, rialú agus faireachas a áirithiú go háirithe.
- (52) Ba cheart go mbeadh urramú phrionsabail an daonlathais agus chearta an duine, mar a leagtar síos i nDearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine agus in ionstraimí idirnáisiúnta eile maidir le cearta an duine, agus urramú phrionsabal riail an dlí, ina ngné bhunúsach de na comhaontuithe comhpháirtíochta maidir le hiascaigh inbhuanaithe agus beidh an t-urramú sin faoi réir clásail shonraigh maidir le cearta an duine. Ba cheart clásal um chearta an duine a thabhairt isteach i gcomhaontuithe comhpháirtíochta maidir le hiascaigh inbhuanaithe ar bhealach a bheidh comhsheasmhach go hiomlán le cuspóirí bheartais an Aontais maidir le forbairt fhoriomlán.
- (53) Ba cheart don dogharshaothrú rannchuidiú le caomhnú na hacmhainneachta táirgthe bia ar bhonn inbhuanaithe ar fud an Aontais chun sábháilteacht fhadtéarmach an tsoláthair bia a ráthú lena n-áirítear soláthairtí bia, mar aon le fás agus fostaíocht do shaoránaigh an Aontais agus chun rannchuidiú le héileamh méadaitheach an domhain ar bhia uisceach a shásamh.
- (54) I Straitéis an Choimisiúin um Fhorbairt Inbhuanaithe Dhobharshaothrú na hEorpa a glacadh in 2009, doiciméad a d'fhorghuinigh an Chomhairle, ar fháiltigh sí roimhe agus ar fháiltigh Parlaimint na hEorpa roimhe, meabhraíodh gur gá cothroime iomaíochta a chruthú agus a chur chun cinn maidir le dogharshaothrú agus é sin a chur chun cinn mar bhonn taca faoi fhorbairt inbhuanaithe an dogharshaothraithe.
- (55) Bíonn tionchar ag dálaí éagsúla thar theorainneacha náisiúnta ar ghníomhaíochtaí dogharshaothraithe san Aontas, lena n-áirítear i gcás údaruithe a thugtar d'oibreoirí. Dá bhrí sin, ba cheart treoirlínte straitéiseacha de chuid an Aontais a fhorbairt le haghaidh pleananna straitéiseacha náisiúnta chun iomaíocht thionscal an dogharshaothraithe a fheabhsú, chun tacú le forbairt agus le nuálaíocht ann, agus gníomhaíochtaí eacnamaíochta agus éagsúlú a spreagadh agus mianach saoil i gceantair chósta agus intíre a fheabhsú. Thairis sin ba cheart sásraí a thabhairt isteach idir Ballstáit chun faisnéis agus dea-chleachtais a mhalartú ar bhealach oscailte trína ndéantar comhordú ar bhearta náisiúnta maidir le slándáil gnó, le rochtain ar uiscí agus ar spás an Aontais agus le simpliú i dtaobh na nósanna imeachta ceadúnaithe.
- (56) Mar gheall ar nádúr sonrach an dogharshaothraithe, tá Comhairle Chomhairleach ag teastáil le dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara faoi ghnéithe de bheartais an Aontais a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don dogharshaothrú.
- (57) Is gá iomaíocht earnáil iascaigh agus dogharshaothraithe an Aontais a neartú, agus simpliú a dhéanamh ar mhaithe le bainistíocht níos fearr ar ghníomhaíochtaí táirgthe agus margafóchta na hearnála sin. Ba cheart go n-áireofar leis an gcomheagrú margaidh i dtáirgí iascaigh agus dogharshaothraithe cothroime iomaíochta do na táirgí iascaigh agus dogharshaothraithe ar fad a mhargaítear san Aontas, beag beann ar a dtionscnamh, rud a chuirfeadh ar chumas na dtomhaltóirí roghanna níos eolaí a dhéanamh agus táirgí a thomhailt ar bhealach freagrach, agus ba cheart go gcuideodh an Comheagrú sin le tuiscint níos fearr ar mhargaí an Aontais feadh shlabhra an tsoláthair mar aon leis an eolas eacnamaíoch fúthu.
- (58) Ba cheart an comheagrú margaidh a chur chun feidhme i gcomhréir le tiomantais idirnáisiúnta an Aontais, go háirithe maidir le forálacha na hEagraíochta Domhanda Trádála.
- (59) D'fhonn comhlíonadh rialacha an CBI a áirithiú, ba cheart córas éifeachtach um rialú, um chigireacht agus um fhorfhaidhmiú a bhunú, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iascaireachta neamhdhleathacha, neamhthuiriscithe agus neamhrialáilte a chomhrac..
- (60) Ba cheart an úsáid a bhaintear as teicneolaíochtaí nua-aimseartha éifeachtacha a chur chun cinn faoi chuimsiú chóras an Aontais um rialú, um chigireacht, agus um fhorfhaidhmiú. Ba cheart an deis a bheith ag Ballstáit agus ag an gCoimisiún treoirthionscadail a stiúradh maidir le teicneolaíochtaí rialaithe agus córais bhainistithe sonraí nua.
- (61) Chun a áirithiú gur mar a chéile a bheidh na dálaí sna Ballstáit éagsúla i gcur chun feidhme rialacha maidir le rialú agus forghníomhú, ba cheart comhar a spreagadh idir na Ballstáit maidir le pionóis éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha a shainaitheint.

- (62) Chun a áirithiú go mbeidh na hoibreoirí rannpháirteach i gcóras bailithe sonraí an Aontais agus i gcóras an Aontais um rialú, um chigireacht agus um fhorfheidhmiú, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann a chur de cheangal ar a gcuid oibreoirí ranníocaíocht chomhréireach a dhéanamh i leith na gcostas oibríochtaí comhfhreagrach.
- (63) Ní féidir leis na Ballstáit féin cuspóirí an CBI a bhaint amach go leormhaith de bharr na bhfadhbanna a bhaineann le forbairt agus le bainistíocht thionscal na hiascaireachta, agus de bharr na srianta atá ar acmhainní airgeadais na mBallstát. Dá bhrí sin, d'fhonn cabhrú chun na cuspóirí sin a bhaint amach, ba cheart cúnaimh airgeadais ilbhliantúil ón Aontas a bhronnadh, agus é dírithe ar thosaíochtaí an Chomhbheartais lascaigh agus curtha in oiriúint do ghnéithe sonracha an tionscail iascaireachta i mBallstáit aonair.
- (64) Níor cheart cúnaimh airgeadais ón Aontas a thabhairt ach ar choinníoll go gcomhlíonfaidh na Ballstáit agus oibreoirí lena n-áirítear úinéirí soithí, rialacha CBI. Faoir réir rialacha sonracha atá le glacadh, ba cheart cúnaimh airgeadais ón Aontas a bhearnú, a fhionraí nó a cheartú i gcásanna nach gcomhlíonann Ballstát oibleagáid shonrach faoi CBI nó i gcás ina ndéanfaidh oibreoir sárú tromchúiseach ar na rialacha sin.
- (65) Is léir go bhfuil sé fíor-riachtanach agallamh a bheith ar siúl le páirtithe leasmhara ionas gur féidir cuspóirí CBI a bhaint amach. Agus na dálaí ilghnéitheacha ar fud uiscí an Aontais agus réigiúnú méadaithe an Chomhbheartais lascaigh á gcur san áireamh, ba cheart go gcuirfí ar chumas Comhairlí Comhairleacha, agus an Chomhbheartais lascaigh a chur chun feidhme acu, leas a bhaint as eolas agus as taithí na ngeallsealbhóirí go léir.
- (66) I bhfianaise saintréithe na réigiún forimeallach, an do Bharshaothraithe, na margáí agus na Mara Duibhe, is iomchuí Comhairle Chomhairleach nua a bhunú do gach ceann acu.
- (67) Ba cheart an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligeán chuig an gCoimisiún i ndáil le: bearta caomhnaithe a ghabhann le hoibleagáidí áirithe comhshaoil atá ar Bhallstáit a ghlacadh, an oibleagáid chun gach gabháil a thabhairt i dtír a oiriúnú chun oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais a chomhlíonadh, an oibleagáid maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír a shíneadh go dtí speicis eile trí leas a bhaint as próiseas an réigiúnaithe, pleananna a ghlacadh maidir le hábhar muirí a aiscur trí leas a bhaint as próiseas an réigiúnaithe, díolúintí de minimus a ghlacadh ón oibleagáid maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír murar glacadh beart eile cur chun feidhme don oibleagáid sin, agus mionsonraí a bhunú maidir le feidhmiú na gComhairlí Comhairleacha..
- (68) Is rithábhachtach é go ndéanfaidh an Coimisiún comhairliúcháin iomchuí le linn an ullmhúcháin a bheidh ar bun aige, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe.
- (69) Ba cheart don Choimisiún a áirithiú, agus gníomhartha tarmligthe á n-ullmhú agus á dtarraingt suas aige, go ndéanfar na doiciméid ábhartha a tharchur an tráth

céanna, go tráthúil agus go hionchuí chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

- (70) D'fhonn coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú i gcur chun feidhme fhorálacha an Rialacháin seo i ndáil le bearta sealadacha chun maolú a dhéanamh ar bhagairt thromchúiseach ar chaomhnú acmhainní bitheolaíocha na mara, don scéim iontrála/scoir a chur chun feidhme sa bhainistíocht cabhlach, agus do shonraí a thaifeadadh, a fhor máidiú agus a tharchur don chlár de chabhlach iascaireachta an Aontais, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾.
- (71) I gcomhréir le príonsabal na comhréireachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun a chuspóirí a bhaint amach.
- (72) Ar theacht i bhfeidhm do na rialacha comhfhreagracha de bhun an Rialacháin seo, ba cheart Cinneadh 585/2004/CE ón gComhairle ⁽²⁾ a aisghairm.
- (73) Mar gheall ar líon na leasuithe atá le déanamh agus a thábhachtaí atá siad, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 a aisghairm,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CUID I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Raon feidhme

1. Cumhdóidh an Comhbheartas lascaigh (CBI):
 - (a) caomhnú acmhainní bitheolaíocha na mara agus bainistiú iascach agus cabhlach a shaothraíonn na hacmhainní sin;
 - (b) maidir le bearta i ndáil le margáí agus maidir le bearta aigeadais lena dtacaítear le cur i bhfeidhm CBI: acmhainní bitheolaíocha fionnuisce, iascaigh agus do Bharshaothrú a phróiseáil agus margáíocht a dhéanamh i leith na dtáirgí sin.
2. Cumhdóidh CBI na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1 i gcás go dtugtar fúthu:
 - (a) ar chríoch na mBallstát lena mbaineann an Conradh; nó

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na príonsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

⁽²⁾ Cinneadh 2004/585/CE ón Chomhairle lena mbunaítear Comhairlí Comhairleacha Réigiúnacha faoin gComhbheartas lascaigh (IO L 256, 3.8.2004, lch. 17).

- (b) in uiscí an Aontais, lena n-áirítear soithí iascaireachta a bhfuil bratach tríú tíortha ar foluain acu, nó atá cláraithe i dtríú tíortha; nó
- (c) ag soithí iascaireachta an Aontais lasmuigh d'uiscí an Aontais; nó
- (d) ag náisiúnaigh na mBallstát, gan dochar do phríomhfhreagracht an Bhratstáit.

Airteagal 2

Cuspóirí

1. Le CBI, áiríteofar go mbeidh gníomhaíochtaí iascaireachta agus doibharshaothraithe inbhuanaithe san fhadtárma ó thaobh an chomhshaoil agus go mbainisteofar iad ar bhealach a bheidh ag lú leis na cuspóirí tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus fostaíochta a bhaint amach, agus lena gcuirfear le hinfaighteacht soláthairtí bia.

2. Cuirfidh CBI cur chuige réamhchúraim i bhfeidhm i leith bainistiú iascaigh, agus beidh sé mar aidhm leis a áirithiú go ndéanfaidh saothrú bheo-acmhainní bitheolaíoch na mara líon na speiceas atá á saothrú a athbhunú agus a chothabháil ag leibhéal atá in acmhainn an uastáirgeacht inbhuanaithe a tháirgeadh.

D'fhonn an cuspóir a bhaint amach maidir le stoic éisc a athbhunú nó a chothabháil os cionn leibhéal bhithmhaise atá in acmhainn an uastáirgeacht inbhuanaithe a tháirgeadh, bainfear amach ráta dúshaothraithe na huastáirgeachta inbhuanaithe, más féidir, faoi 2015 agus, ar bhonn forchéimneach, incriminteach, faoi 2020 ar a dhéanaí i gcás na stoc uile.

3. Cuirfear le CBI an cur chuige bunaithe ar éiceachórais i leith bainistiú iascaigh chun feidhme lena áirithiú gur lú agus is féidir na tionchair dhiúltacha a bheidh ag gníomhaíochtaí iascaireachta ar éiceachóras na mara, agus féachfar leis lena áirithiú go seachnófar sna gníomhaíochtaí maidir le doibharshaothrú agus iascaigh an díghrádú ar an gcomhshaoil muirí.

4. Le CBI cuirfear le sonraí eolaíochta a bhailiú.

5. Déanfar leis an gComhbheartas Iascaigh go háirithe, an méid a leanas:

- (a) deireadh céimneach a chur le hábhair mhuirí aiscurtha ar bhonn cás ar chás agus an chomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil á cur san áireamh trí ghabhálacha de thaisme a sheachaint agus a laghdú a mhéid is féidir agus a dheimhniú go céimneach go dtugtar gabhálacha i dtír;
- (b) nuair is gá, an úsáid is fearr a bhaint as gabhálacha de thaisme, gan margadh a chruthú do na gabhálacha sin atá faoi bhun an íosmhéid tagartha caomhnaithe;
- (c) dálaí a chur ar fáil do thionscal iascaireachta, gabhála agus próiseála agus do ghníomhaíochtaí iascaireachta ar talamh, ar tionscal agus gníomhaíochtaí iad atá, ó thaobh na heacnamaíochta, inmharthana agus iomaíoch;
- (d) foráil a dhéanamh do bhearta acmhainn iascaireachta na gcabhlach a choigeartú go dtí leibhéal deiseanna iascaireachta a bheidh ag lú le mír 2, d'fhonn go mbeidh

cabhlaigh ann a bheidh inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta gan acmhainní bitheolaíoch na mara a shaothrú an iomarca;

- (e) gníomhaíochtaí doibharshaothraithe inbhuanaithe an Aontais a chur chun cinn chun cur le soláthairtí agus slándáil an bhia agus le fostaíocht;
- (f) caighdeán cóir maireachtála a bhaint amach dóibh siúd a bhíonn ag brath ar ghníomhaíochtaí iascaireachta, le feasacht ar ghnéithe an iascaigh cois cósta agus ar ghnéithe soch-eacnamaíochta;
- (g) cur le margadh inmheánach éifeachtúil, trédhearcach do tháirgí iascaigh agus doibharshaothraithe agus rannchuidiú lena áirithiú go mbeidh cothroime iomaíochta ann do tháirgí iascaigh agus doibharshaothraithe a mhargaítear san Aontas;
- (h) leas na dtomhaltóirí agus na dtáirgeoirí araon a chur san áireamh;
- (i) gníomhaíochtaí iascaireachta cósta a chur chun cinn, agus gnéithe socheacnamaíochta á gcur san áireamh;
- (j) bheith i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais, go háirithe maidir leis an gcuspoir dea-stádas comhshaoil a bhaint amach faoi 2020 mar a leagtar amach in Airteagal 1(1) de Threoir 2008/56/CE, agus le beartais eile an Aontais chomh maith.

Airteagal 3

Prionsabail an dea-rialachais

Gheobhaidh CBI treoir ó na prionsabail dea-rialachais seo a leanas:

- (a) sainiú soiléir freagrachtaí ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal réigiúnach, ar an leibhéal náisiúnta, agus ar an leibhéal áitiúil;
- (b) go gcuirtear san áireamh sainiúlachtaí réigiúnacha trí chur chuige réigiúnaithe;
- (c) bearta a bhunú i gcomhréir leis an gcomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil;
- (d) dearcadh fadtéarmach;
- (e) cost-éifeachtacht riaracháin;
- (f) rannpháirtíocht iomchuí na bpáirtithe leasmhara, go háirithe rannpháirtíocht Comhairlí Comhairleacha, ag gach céim ó cheapadh go cur chun feidhme na mbeart;
- (g) príomhfhreagracht an Bhratstáit;
- (h) comhleanúnachas le beartais eile an Aontais,
- (i) leas a bhaint as measúnuithe tionchair de réir mar is iomchuí;
- (j) comhleanúnachas idir an ghné inmheánach agus an ghé sheachtrach de CBI;

(k) trédhearcacht sa láimhseáil sonraí i gcomhréir le ceanglais dhlíthiúla atá ann cheana, agus an saol príobháideach, cosaint na sonraí pearsanta agus rialacha rúndachta a urramú go cuí; sonraí a bheith ar fáil do na comhlachtaí eolaíochta iomchuí, do chomhlachtaí eile a bhfuil leas eolaíoch nó bainistíochta acu, agus d'úsáideoirí deiridh eile a shainítear.

Airteagal 4

Sainmhínte

1. Chun críche an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- (1) ciallaíonn 'uiscí an Aontais' uiscí faoi cheannasacht nó faoi dhlínse na mBallstát cé is moite de na huiscí atá cóngarach do na críocha a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gConradh;
- (2) ciallaíonn 'acmhainní bitheolaíoch na mara' speicis uisceacha bheo na mara atá ar fáil agus atá inrochtana, lena n-áirítear speicis anadromacha agus speicis chatadromacha le linn a saoil mhuirí;
- (3) ciallaíonn 'acmhainní bitheolaíoch fionnuisce' speicis uisceacha fionnuisce bheo atá ar fáil agus atá inrochtana;
- (4) ciallaíonn 'soitheach iascaireachta' soitheach ar bith atá feistithe le haghaidh saothrú tráchtála a dhéanamh ar acmhainní bitheolaíoch na mara nó gaiste tuinnín ghoirm bheo;
- (5) ciallaíonn 'soithí iascaireachta an Aontais' soithí iascaireachta faoi bhratach Ballstáit agus atá cláraithe san Aontas;
- (6) ciallaíonn 'iontráil sa chabhlach iascaireachta' soitheach iascaireachta a chlárú i gclár Ballstáit do shoithí iascaireachta;
- (7) ciallaíonn 'uastáirgeacht inbhuanaithe' an ghabháil uasta cothromaíochta teoiricí is féidir a thógáil go leanúnach as stoc éisc faoi na meánchoinníollacha comhshaoil atá ann faoi láthair gan cur isteach go mór ar an bpróiseas síolraithe;
- (8) ciallaíonn 'cur chuige réamhchúraim i leith bainistiú iascaigh', dá dtagraítear in Airteagal 6 de Chomhaontú NA maidir le Stoic Éisc cur chuige lena n-áirítear nár cheart go mbeadh easpa faisnéise eolaíche leormhaithe ina bhonn cirt le bearta bainistíochta a chur siar chun spriocspeicis, speicis ghaolmhara nó spleácha agus speicis nach spriocspeicis iad agus a dtimpeallacht a chaomhnú nó gan na bearta sin a dhéanamh;
- (9) ciallaíonn 'cur chuige bunaithe ar éiceachórais i leith bainistiú iascaigh' cur chuige comhtháite i leith bainistíochta iascaigh taobh istigh de theorainneacha a bhfuil brí leo ó thaobh na héiceolaíochta de lena bhféachtar le bainistiú a dhéanamh ar úsáid acmhainní nádúrtha, agus aird á tabhairt ar iascaireacht agus ar ghníomhaíochtaí doanna eile, agus ag an am céanna lena gcaomhnófar an saibhreas bitheolaíochta agus na próisis bitheolaíochta is gá chun comhdhéanamh, struchtúr agus feidhmiú na ngnáthóg a chosaint san éiceachóras lena mbaineann, tríd an eolas agus trí na héiginnteachtaí maidir le compháirteanna bitheacha, aibitheacha agus daonna de chuid éiceachóras a chur san áireamh;
- (10) ciallaíonn 'ábhair mhuirí aiscurtha' gabhálacha a chuirtear ar ais san fharraige;
- (11) ciallaíonn 'iascaireacht ísealtionchair' teicnící roghnaíoch a úsáid lena ngabhann tionchar díobhálach íseal ar éiceachórais mhuirí nó a d'fhéadfadh astaíochtaí ísle breosla a bheith mar thoradh orthu, nó an dá rud;
- (12) ciallaíonn 'iascaireacht roghnaíoch' iascaireacht a dhéanamh agus modhanna iascaireachta á n-úsáid nó trealamh iascaireachta a úsáid lena ndírítear ar orgánaigh agus lena ngabhtar iad de réir méide nó de réir speicis le linn na hoibríochta iascaireachta, lena gceadaítear eiseamail nach ndírítear orthu a sheachaint nó a scaoileadh saor gan díobháil;
- (13) ciallaíonn 'ráta básmhaireachta san iascaireacht' an ráta a bhaintear bithmhais nó éisc aonair de stoc trí ghníomhaíochtaí iascaigh thar tréimhse ar leith;
- (14) ciallaíonn 'stoc' acmhainn bhitheolaíoch mhara a tharlaíonn i limistéar bainistíochta ar leith;
- (15) ciallaíonn 'teorainn ghabhála', de réir mar is iomchuí, teorainn chainníochtúil ar ghabhálacha stoc éisc nó ar ghrúpa stoic éisc, thar tréimhse ar leith, sa chás ina mbeidh na stoic éisc nó an grúpa stoic éisc sin faoi réir oibleagáide iad a thabhairt i dtír, nó teorainn chainníochtúil ar ghabhálacha stoc éisc nó ar ghrúpa stoic éisc nach bhfuil faoi réir na hoibleagáide iad a thabhairt i dtír thar tréimhse ar leith;
- (16) ciallaíonn 'pointe tagartha caomhnaithe' luachanna na bparaiméadar de líon an stoic éisc (ar nós bithmhaise nó an ráta básmhaireachta san iascaireacht) a úsáidtear i mbainistiú iascaigh, mar shampla i ndáil le leibhéal inghlactha de riosca bitheolaíoch nó leibhéal táirgeachta inmhianaithe;
- (17) ciallaíonn 'íosmhéid tagartha caomhnaithe' méid an speicis uiscigh bheo mhuirí agus an aibíocht á cur san áireamh, arna bunú ag dlí an Aontais, a mbeidh srianta nó dreasachtaí i bhfeidhm orthu agus iad faoin méid sin a mbeidh sé d'aidhm acu gabháil a sheachaint trí ghníomhaíocht iascaireachta; gabhfaidh an méid sin ionad an íosmhéid gabhála, i gcás inarb ábhartha;
- (18) ciallaíonn 'stoc laistigh de theorainneacha bitheolaíoch a sábháilte' stoc a bhfuil ard-dóchúlacht ann ina leith gurb airde a bhithmhais sceite mheasta ag deireadh na bliana roimhe sin ná an pointe tagartha teorann bithmaise (Blim) agus gur lú a ráta básmhaireachta san iascaireacht don bhliain roimhe sin ná an pointe tagartha um an ráta básmhaireachta san iascaireacht teorann (Flim);
- (19) ciallaíonn 'coimirce' beart réamhchúraim a ceapadh ionas nach dtarlóidh teagmhas neamh-inmhianaithe;
- (20) ciallaíonn 'beart teicniúil' an beart lena rialaítear, trí choinníollacha a bhunú ar úsáid agus ar struchtúr an trealaimh iascaireachta agus trí rochtain ar limistéir iascaireachta a shrianadh, comhdhéanamh na speiceas, comhdhéanamh méide na ngabhálacha agus na héifeachtaí ar na compháirteanna de na héiceachórais a d'eascair as gníomhaíochtaí iascaireachta;

- (21) ciallaíonn ‘iarracht iascaireachta’ an toradh ar chumas agus ar ghníomhaíocht soithigh iascaireachta; i gcás grúpa de shoithí iascaireachta is é suim na n-iarrachtaí iascaireachta ag gach soitheach sa ghrúpa atá i gceist;
- (22) ciallaíonn ‘Ballstát a bhfuil leas díreach bainistíochta aige’ Ballstát a bhfuil leas aige de bharr deiseanna iascaireachta nó de bharr iascaireacht nach ndéantar ach amháin i limistéar eacnamaíoch eisiach an Bhallstáit lena mbaineann nó, sa Mheánmhuir, ag iascach traidisiúnta ar an mórmhuir;
- (23) ciallaíonn ‘lamháltais iascaireachta inaistrithe’ teidlíochtaí in-aisghairthe úsáideoirí ar chuid ar leith de na deiseanna iascaireachta atá cionroinnte ar Bhallstát nó a leagtar síos i bpleananna bainistíochta arna nglacadh ag Ballstát i gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle ⁽¹⁾, a bhféadfaidh an sealbhóir iad a aistriú.
- (24) ciallaíonn ‘acmhainn iascaireachta’ tonnáiste soithigh in OT (Olltonnáiste) agus a chumhacht in kW (Cileavatanna) mar a shainítear in Airteagal 4 agus Airteagal 5 de Rialachán (CEE) Uimh. 2930/86 ón gComhairle ⁽²⁾iad;
- (25) ciallaíonn ‘dobharshaothrú’ orgánaigh uisceacha a thógáil nó a shaothrú ag úsáid teicníochtaí a ceapadh chun táirgeadh na n-orgánach atá i gceist a mhéadú thar ghnáth-chumas na timpeallachta, agus fanfaidh na horgánaigh faoi úinéireacht duine nádúrtha nó dhlítheanaigh feadh na gcéimeanna tógála agus saothraithe, go dtí tráth na buainte, agus an tráth sin san áireamh;
- (26) ciallaíonn ‘ceadúnas iascaireachta’ ceadúnas mar a shainítear in ‘Airteagal 4(9) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle ⁽³⁾;
- (27) ciallaíonn ‘údarú iascaireachta’ údarú mar a shainítear Airteagal 4(10) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009;
- (28) ciallaíonn ‘gníomhaíocht iascaireachta’ cuardach éisc, lámhach, socrú, tarraingt, tarlú an trealaimh iascaireachta, gabháil a thabhairt ar bord, éisc agus táirgí iascaigh a thrasloingsiú, a choinneáil ar bord, a phróiseáil ar bord, a aistriú, a chur i ngaiste, a ramhrú agus a thabhairt i dtír;
- (29) ciallaíonn ‘táirgí iascaigh’ orgánaigh uisceacha a eascraíonn as gníomhaíocht iascaireachta ar bith, nó as táirgí a fhaightear uathu sin;
- (30) ciallaíonn ‘oibreoir’ an duine nádúrtha nó dlítheanach a oibríonn nó a shealbháíonn gnóthas ar bith atá ag tabhairt faoi cheann ar bith de na gníomhaíochtaí a bhaineann le céim ar bith de na slabhraí táirgthe, próiseála, margaióchta, dáilte agus miondíola ar tháirgí iascaigh agus dobharshaothraithe;
- (31) ciallaíonn ‘sárú tromchúiseach’ sárú mar a shainítear i ndlí ábhartha an Aontais, lena n-áirítear in Airteagal 42(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ⁽⁴⁾ ón gComhairle agus in Airteagal 90(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009;
- (32) ciallaíonn ‘úsáideoir deiridh sonraí eolaíochta’ comhlacht a bhfuil leas taighde nó bainistíochta aige san anailís eolaíochta ar shonraí san earnáil iascaigh;
- (33) ciallaíonn ‘barrachas den ghabháil incheadaithe’ an chuid sin den ghabháil incheadaithe nach saothraíonn Stát cósta, rud a fhágfaidh go mbíonn ráta foriomlán saothraithe ann do stoic aonair a fhanann faoi bhun na leibhéal sin a bhfuil na stoic in ann iad féin a athshlánú agus lena ndéantar méid na speiceas sin a shaothraítear a choinneáil os cionn leibhéal inmhianaithe ar bhonn na comhairle eolaíche is fearr atá ar fáil;
- (34) ciallaíonn ‘táirgí dobharshaothraithe’ orgánaigh uisceacha ag céim ar bith dá saolré a eascraíonn as gníomhaíocht dobharshaothraithe ar bith nó na táirgí a fhaightear uathu sin;
- (35) ciallaíonn ‘bithmhais stoic sceite’ meastachán ar mhais éisc acmhainne ar leith a atáirgeann ag am sainithe, lena n-áirítear fireannaigh agus baineannaigh aron agus lena n-áirítear iasc a atáirgeann go beobhreitheach;
- (36) ciallaíonn ‘iascach measctha’ iascach ina bhfuil níos mó ná speiceas amháin i láthair agus ina a bhfuil an dóchúlacht ann go ngabhfar speicis eile san oibríocht chéanna iascaireachta;
- (37) ciallaíonn ‘comhaontuithe comhpháirtíochta maidir le hiascaigh inbhuanaithe’ comhaontuithe idirnáisiúnta a thugtar i gcrích le tríú stát ar mhaithe le rochtain a fháil ar acmhainní agus ar uiscí d’fhonn cion den bharrachas d’acmhainní bitheolaíoch na mara, mar mhalairt ar chúiteamh airgeadais ón Aontas a bhféadfaidh tacaíocht earnála a bheith mar chuid de;

2. Chun críche an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe geografacha ar limistéir gheografacha seo a leanas:

⁽⁴⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 lena mbunaítear córas Comhphobail chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chos, a dhíspreagadh agus a dhíothú, lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1936/2001 agus (CE) Uimh. 601/2004 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1093/94 agus (CE) Uimh. 1447/1999 (IO L 286, 29.10.2008, lch.1).

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle an 21 Nollaig 2006 maidir le bearta bainistíochta i leith saothrú inbhuanaithe acmhainní iascaigh sa Mheánmhuir, lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 2847/93 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1626/94 (IO L 409, 30.12.2006, lch. 11)

⁽²⁾ Rialachán (CEE) Uimh. 2930/86 ón gComhairle an 22.9.1986 (IO L 274, 25.9.1986, lch. 1).

⁽³⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail d’fhonn comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 and (CE) Uimh. 1966/2006 (IO L 343, 22.12.09, lch. 1.)

- (a) ciallaíonn ‘an Mhuir Thuaidh’ ranna ICES ⁽¹⁾ IV and IIIa
- (b) ciallaíonn ‘an Mhuir Bhailt’ ranna ICES IIIb, IIIc agus IIId
- (c) ciallaíonn ‘Uiscí an Iarthuaiscirt’ ranna ICES V (seachas Va agus uiscí an Aontais in Vb amháin), VI agus VII;
- (d) ciallaíonn ‘Uiscí an Iardheiscirt’ ranna ICES VIII, IX agus X (uiscí timpeall ar na hAsóir), agus limistéir CECAF ⁽²⁾ 34.1.1, 34.1.2 agus 34.2.0 (uiscí timpeall ar Mhaidéara agus ar na hOileáin Chanáracha;)
- (e) ciallaíonn ‘Uiscí Meánmhara’ Uiscí farraige na Meánmhara soir ó líne 5°36’ siar
- (f) ciallaíonn ‘an Mhuir Dhubh’ fo-cheantar geografach CIGM [Coimisiún Iascaigh Ginearálta don Mheánmhuir] mar a shainmhínítear sa rún GFCM/33/2009/2 é.

CUID II

ROCHTAIN AR UISCÍ

Airteagal 5

Rialacha ginearálta maidir le rochtain ar uiscí

1. Beidh rochtain chothrom ag soithí iascaireachta an Aontais ar uiscí agus ar acmhainní in uiscí uile an Aontais seachas sna cásanna sin dá dtagraítear i mír 2 agus mír 3, faoi réir ag na bearta arna nglacadh faoi Chuid III.
2. Sna huiscí suas le 12 mhuirmhíle óna mbonnlínte a thagann faoina gceannasacht nó faoina ndlíne, beidh údarás ag Ballstáit go dtí 31 Nollaig 2022 an iascaireacht a shrianadh ach do shoithí iascaireachta ar gnách leo bheith ag iascaireacht sna huiscí sin ó chalafoirt ar an gcósta in aice láimhe. Beidh údarú den sórt sin gan dochar do na socrúithe le haghaidh shoithí iascaireachta an Aontais a bhfuil bratach Ballstát eile ar foluain acu faoi chaidrimh chomharsanachta atá ann cheana féin idir Bhallstáit agus na socrúithe atá le fáil in Iarscríbhinn I, lena socraítear do gach Ballstát na criosanna geografacha laistigh de na bandaí ar chóstaí na mBallstát eile ina dtugtar faoi ghníomhaíochtaí iascaireachta agus na speicis lena mbaineann. Cuirfidh na Ballstáit na srianta a chuirfear i bhfeidhm faoin mír seo in iúl don Choimisiún.
3. Sna huiscí suas le 100 mhuirmhíle ó bhonnlínte na réigiún is forimeallaí de chuid an Aontais dá dtagraítear sa chéad mhír d’Airteagal 349 den Chonradh, udarófar do na Ballstáit lena mbaineann go dtí an 31 Nollaig 2022 an iascaireacht a shrianadh ach do shoithí iascaireachta atá cláraithe i gcalafoirt na gcríoch sin. Ní bheidh feidhm leis na srianta sin maidir le soithí an Aontais ar gnách leo bheith ag iascaireacht sna huiscí sin, sa mhéid is nach sáróidh na soithí sin an ghnáthiarracht iascaireachta. Cuirfidh na Ballstáit na srianta a chuirfear i bhfeidhm faoin mír seo in iúl don Choimisiún.
4. Déanfar na bearta a mbeidh feidhm leo tar éis dul in éag na socrúithe atá leagtha amach i mír 2 agus i mír 3 a ghlacadh faoin 31 Nollaig 2022.

(1) ICES: Rialachán (CE) Uimh 218/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Ballstáit atá ag iascaireacht san Atlantach Thoir Thuaidh do thíolacadh staidrimh ar ghabháil ainmniúil (IO L 87, 31.3.2009, lch. 70).

(2) CECAF: Rialachán (CE) Uimh. 216/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Ballstáit atá ag iascaireacht i limistéir áirithe seachas i limistéir an Atlantach Thuaidh do thíolacadh staidrimh ar ghabháil ainmniúil (IO L 87, 31.3.2009, lch 1).

CUID III

BEARTA CHUN ACMHAINNÍ BITHEOLAÍOCHA NA MARA A CHAOMHNÚ AGUS A SHAOTHRÚ AR BHEALACH INBHUANAITHE

TEIDEAL I

Bearta caomhnaithe

Airteagal 6

Forálacha ginearálta

1. Chun cuspóirí CBI i ndáil le hacmhainní bitheolaíocha na mara a chaomhnú agus a shaothrú go hinbhuanaithe mar a leagtar amach in Airteagal 2 a bhaint amach, glacfaidh an tAontas bearta caomhnaithe mar a leagtar amach in Airteagal 7 iad.
2. Agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm aige, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis na comhlachtaí ábhartha comhairliúcháin agus leis na comhlachtaí ábhartha eolaíochta. Glacfar bearta caomhnaithe, agus comhairle agus cuirfear san áireamh comhairle eolaíoch, teicniúil agus eacnamaíoch lena n-áirítear, nuair is ábhartha, tuarascálacha a bheidh curtha i dtoll a chéile ag CETEI agus ag comhlachtaí eile comhairliúcháin, mar aon le comhairle a gheofar ó na Comhairlí Comhairliúcháin agus moltaí comhpháirteacha a gheofar ó na Ballstáit de bhun Airteagal 18.
3. Féadfaidh na Ballstáit dul i mbun comhair lena chéile ar mhaithe le bearta an Aontais a ghlacadh de bhun Airteagal 11, Airteagal 15 agus Airteagal 18.
4. Déanfaidh Ballstáit comhordú lena chéile sula nglacfar bearta náisiúnta de bhun Airteagal 20(2).
5. I gcásanna sonracha, go háirithe i dtaca le réigiún na Meánmhara, féadfar a thabhairt de chumhacht do na Ballstáit gníomhartha atá ceangailteach ó thaobh dlí a ghlacadh i réimse CBI, lena n-áirítear bearta caomhnaithe. Beidh feidhm ag Airteagal 18, i gcás inarb iomchuí.

Airteagal 7

Cineálacha beart caomhnaithe

1. Féadfar, inter alia, na nithe seo a leanas a áireamh sna bearta chun acmhainní bitheolaíocha na mara a chaomhnú agus a shaothrú ar bhealach inbhuanaithe:
 - (a) pleananna ilbhliantúla faoi Airteagal 9 agus faoi Airteagal 10;
 - (b) spriocanna chun stoic a chaomhnú agus a shaothrú ar bhealach inbhuanaithe agus bearta gaolmhara chun tionchar na hiascaireachta ar an muirthimpeallacht a íoslaghdú;
 - (c) bearta chun acmhainn iascaireachta soithí iascaireachta a chur in oiriúint do dheiseanna iascaireachta;

- (d) dreasachtaí, lena n-áirítear dreasachtaí eacnamaíocha amhail deiseanna iascaireachta, chun modhanna iascaireachta a chur chun cinn a chuideoidh le hiascaireacht níos roghnaí, le gabhálacha de thaisme a sheachaint agus a laghdú a mhéid is féidir, agus le hiascaireacht a bhfuil tionchar íseal aici ar an éiceachóras muirí agus ar acmhainní iascaigh;
- (e) bearta maidir le deiseanna iascaireachta a leagan síos agus a leithdháileadh;
- (f) bearta chun cuspóirí Airteagal 15 a bhaint amach;
- (g) íosmhéideanna tagartha chaomhnaithe;
- (h) treoirthionscadail maidir le teicníochtaí malartacha bainistithe iascaireachta agus trealaimh a mheadaíonn an roghnaíocht nó a íoslaghdaíonn an drochthionchar a bhíonn ag gníomhaíochtaí iascaireachta ar an muirthimpeallacht;
- (i) bearta atá riachtanach chun na hoibleagáidí faoi reachtaíocht comhshaoil an Aontais, a glacadh de bhun Airteagal 11, a chomhlíonadh;
- (j) bearta teicniúla dá dtagraítear in mír 2.

2. Féadfaidh an méid seo a leanas, inter alia, a bheith san áireamh sna bearta teicniúla:

- (a) saintréithe trealamh iascaireachta agus rialacha maidir le húsáid na dtrealamh sin;
- (b) sonraíochtaí maidir le trealamh iascaireachta a thógáil, lena n-áirítear:
 - (i) mionathruithe nó gléasanna breise chun roghnaíocht a fheabhsú nó chun an drochthionchar ar an éiceachóras a íoslaghú;
 - (ii) mionathruithe nó gléasanna breise chun gabháil de thaisme speiceas atá i mbaol, faoi bhagairt agus faoi chosaint a laghdú, agus chun gabhálacha eile de thaisme a laghdú freisin;
- (c) srianta nó toirmeasc ar chineálacha áirithe trealaimh iascaireachta a úsáid, agus ar ghníomhaíochtaí iascaireachta, i limistéir áirithe nó le linn tréimhsí áirithe;
- (d) ceanglais ar shoithí iascaireachta a gcuid oibríochtaí a stopadh i limistéar sainithe ar feadh íostréimhse sainithe d'fhonn comhbhailiúchán sealadach de speiceas atá i mbaol, d'iasc sceite, d'iasc faoi bhun na híosmhéide tagartha caomhnaithe, agus d'acmhainn mhara eile atá leochaileach a chosaint;
- (e) bearta sonracha chun an drochthionchar atá ag gníomhaíochtaí iascaireachta ar bhithéagsúlacht mhuirí agus ar éiceachórais mhuirí a íoslaghú, lena n-áirítear bearta chun gabhálacha de thaisme a sheachaint agus a laghdú a mhéid is féidir.

Airteagal 8

Limistéir aisghabhála stoc éisc a bhunú

1. Déanfaidh an tAontas gach iarracht limistéir faoi chosaint a bhunú ar fhoras a n-íogaireacht bhitheolaíoch, lena n-áirítear

limistéir inar ríléir go bhfuil tíúchain arda iasc faoi bhun na híosmhéide caomhnaithe tagartha agus láithreacha sceite, ag féachaint go cuí do na limistéir chaomhnaithe atá ann cheana. Sna limistéir sin, féadfar srian nó cosc a chur ar ghníomhaíochtaí iascaireachta chun beo-acmhainní uisceacha agus éiceachórais mhuirí a chaomhnú. Tabharfaidh an tAontas cosaint bhreise i gcónaí do limistéir atá íogair ó thaobh na bitheolaíochta de.

2. Chun na gcríoch sin, sainaithneoidh na Ballstáit, nuair is féidir, limistéir oiriúnacha a bheadh mar chuid de líonra comhleanúnach agus ullmhóidh siad, i gcás inarb iomchuí, moltaí comhpháirteacha i gcomhréir le forálacha Airteagal 18(7), ionas go bhféadfaidh an Coimisiún togra a thíolacadh i gcomhréir leis an gConradh.

3. Féadfar a thabhairt de chumhacht don Choimisiún, i bplean ilbhliantúil, limistéar den sórt sin atá íogair ó thaobh na bitheolaíochta de agus atá faoi chosaint a bhunú; Beidh feidhm ag Airteagal 18(1)-(6). Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Parlaimint na hEorpa agus na Comhairle go tráthrialta maidir le limistéir faoi chosaint.

TEIDEAL II

Bearta sonracha

Airteagal 9

Prionsabail agus cuspóirí pleananna ilbhliantúla

1. Glacfar pleananna ilbhliantúla mar ábhar tosaíochta bunaithe ar chomhairle eolaíoch, theicniúil agus eacnamaíoch agus beidh bearta caomhnaithe iontu chun stoic éisc a athbhunú agus a chothabháil ag leibhéal atá os cionn na leibhéal sin atá in acmhainn an uastáirgeacht inbhuanaithe a tháirgeadh i gcomhréir le hAirteagal 2(2).

2. Nuair nach féidir spriocanna a dheimhniú maidir le huastáirgeacht inbhuanaithe dá dtagraítear in Airteagal 2(2) de dheasca sonraí easnamhacha, déanfar foráil sna pleananna ilbhliantúla do bhearta a bhunófar ar an gcur chuige réamhchúraim, ionas go bhféadfar ar a laghad leibhéal inchoimparáide maidir le caomhnú na stoc ábhartha a áirithiú.

3. Cumhdóidh pleananna ilbhliantúla an méid seo a leanas faoi seach:

(a) speiceas amháin; nó

(b) i gcás iascach measctha nó i gcás ina mbaineann dinimic na stoc lena chéile, iascaigh a bhfuil stoic éagsúla á ndúshaothrú acu i limistéar ábhartha geografach, agus eolas faoi na hidirghníomhaíochtaí idir stoic éisc, iascaigh agus éiceachórais na mara á chur san áireamh.

4. Maidir leis na bearta sin a áireofar sna pleananna ilbhliantúla, agus an féilire le hiad a chur chun feidhme, beidh siad i gcomhréir leis na cuspóirí agus leis na spriocanna atá le baint amach agus laistigh den amchlár atá beartaithe. Sula n-áireofar na bearta sna pleananna ilbhliantúla, cuirfear san áireamh an tionchar is dóichí a bheidh acu ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta agus sóisialta de.

5. Féadfaidh cuspóirí agus bearta sonracha caomhnaithe a bheith sna pleananna ilbhliantúla, ar cuspóirí agus bearta iad a bheadh bunaithe ar chur chuige na n-éiceachóras, chun aghaidh a thabhairt ar dheacrachtaí sonracha na n-iascach measctha i dtaca leis na cuspóirí atá leagtha amach in Airteagal 2(2) a bhaint amach i gcás na stoc éagsúla a chumhdaítear leis an bplean i gcásanna ina léiríonn comhairle eolaíoch nach féidir méaduithe sa roghnaíocht a bhaint amach. Nuair is gá, cuimseoidh an plean ilbhliantúil bearta caomhnaithe sonracha agus ailtéarnacha, bunaithe ar chur chuige na n-éiceachóras, maidir le roinnt de na stoic a chumhdaítear ann.

Airteagal 10

Ábhar na bpleananna ilbhliantúla

1. Áireofar an méid seo a leanas i bplean ilbhliantúil, de réir mar is iomchuí agus gan dochar do na hinniúlachtaí ábhartha faoin gConradh:

- (a) an raon feidhme, i dtéarmaí stoc, iascaigh agus an limistéar a gcuirfear an plean ilbhliantúil i bhfeidhm maidir leis;
- (b) cuspóirí atá i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 2 agus le forálacha ábhartha Airteagal 6 agus Airteagal 9;
- (c) spriocanna inchainníochtaithe amhail rátaí básmhaireachta san iascaireacht agus/nó bitimhais stoic sceite;
- (d) amchláir shoiléire chun na spriocanna inchainníochtaithe a bhaint amach;
- (e) pointí tagartha caomhnaithe atá i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 2;
- (f) cuspóirí maidir le bearta caomhnaithe agus teicniúla a bheidh le glacadh chun na spriocanna a leagtar amach in Airteagal 15 a bhaint amach agus bearta atá ceaptha le gabhálacha de thaisme a sheachaint agus a laghdú a mhéid is féidir;
- (g) cosaintí chun a áirithiú go mbainfear amach spriocanna inchainníochtaithe, chomh maith le gníomhaíocht cheartaitheach, lena n-áirítear i gcásanna ina gcuirtear inbhuanaitheacht na stoc i mbaol toisc infhaighteacht sonraí nó cáilíocht sonraí bheith dul i léig.

2. Féadfar an méid seo a leanas a áireamh i bplean ilbhliantúil:

- (a) bearta eile caomhnaithe, go háirithe bearta chun ábhar muirí aiscurtha a dhíchur de réir a chéile agus an chomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil á cur san áireamh nó chun drochthionchar na hiascaireachta ar an éiceachóras a íoslaghdú, agus na bearta sin le sonrú tuilleadh, nuair is iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 18;
- (b) táscairí inchainníochtaithe chun faireachán agus measúnú a dhéanamh go tráthrialta ar an dul chun cinn maidir le spriocanna an phlean ilbhliantúil a bhaint amach;
- (c) cuspóirí sonracha maidir leis an gcuid fionnuisce de shaolré na speiceas anadromach agus catadromach, nuair is iomchuí;

3. Forálfar i bplean ilbhliantúil dá athbhreithniú tar éis céadmheasúnú ex-post, go háirithe chun athruithe maidir le comhairle eolaíoch a thabhairt ar aire.

Airteagal 11

Bearta caomhnaithe is gá chun oibleagáidí faoi reachtaíocht chomhshaoil an Aontais a chomhlíonadh

1. Cumhachtófar do Bhallstáit, bearta caomhnaithe a ghlacadh nach gcuirfidh isteach ar shoithí iascaireachta Ballstát eile agus a bheidh infheidhme maidir le huiscí atá faoina gceannasacht nó faoina ndlínse agus a bheidh riachtanach chun a n-oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Airteagal 13(4) de Threoir2008/56/CE, faoi Airteagal 4 de Threoir2009/147/CE nó faoi Airteagal 6 de Threoir92/43/CEE, ar choinníoll go mbeidh na bearta sin: comhoiriúnach do na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 2 den Rialachán seo, i gcomhréir le cuspóirí reachtaíocht ábhartha an Aontais a mbeidh sé i gceist acu go gcuirfear chun feidhme leis í, agus chomh dian céanna ar a laghad leis na bearta atá ann cheana faoi dhlí an Aontais.

2. Nuair a bhíonn Ballstát ('an Ballstát tionscantach') den tuairim gur gá bearta a ghlacadh chun na hoibleagáidí dá dtagraítear i mír 1 a chomhlíonadh agus go bhfuil leas bainistíochta díreach ag Ballstáit eile san iascach sin a ndéanfar difear dó leis na bearta sin, tabharfar de chumhacht don Choimisiún, bearta den sórt sin a ghlacadh, arna iarraidh sin dó, trí bhithinn gníomhartha tarmiligthe i gcomhréir le hAirteagal 46. Chuige sin, beidh feidhm ag Airteagal 18(1) go (4) agus (6) mutatis mutandis.

3. Tabharfaidh an Ballstát tionscantach gach faisnéis ábhartha maidir leis na bearta a bheidh ag teastáil don Choimisiún agus do na Ballstáit eile a bhfuil leas bainistíochta díreach acu, lena n-áirítear réasúnú, fianaise eolaíoch agus sonraí maidir le cur chun feidhme agus forghníomhú praiticiúil. Féadfaidh an Ballstát tionscantach agus na Ballstáit eile a mbeidh leas díreach bainistíochta acu moladh comhpháirteach a thíolacadh amhail dá dtagraítear in Airteagal 18(1), laistigh de shé mhí ón tráth a gcuirfear an fhaisnéis leordhóthanach ar fáil. Laistigh de thrí mhí ón dáta ar a bhfaighfear iarratas iomlán, glacfaidh an Coimisiún na bearta sin agus aon chomhairle eolaíoch a bheidh ar fáil á cur san áireamh.

Mura bhfuil gach Ballstát in ann teacht ar chomhaontú maidir le moltaí comhpháirteacha atá le cur faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir leis na chéad mhír laistigh den sprioc-am atá socraithe nó má mheastar nach bhfuil na moltaí comhpháirteacha maidir le bearta caomhnaithe comhoiriúnach do chuspóirí agus spriocanna inchainníochtaithe na mbearta caomhnaithe atá i gceist, féadfaidh an Coimisiún togra a chur isteach i gcomhréir leis an gConradh.

4. De mhaolú ar mhír 3, in uireasa molta comhpháirtigh amhail dá dtagraítear i mír 3, i gcásanna práinne, glacfaidh an Coimisiún na bearta Na bearta a bheidh le glacadh i gcás práinne, beidh siad teoranta dóibh siúd a mbeadh an baol ann, dá n-uireasa, nach mbainfí amach na gcuspóirí maidir le bunú na mbearta caomhnaithe sin i mbaol. Beidh na cuspóirí sin i gcomhréir leis an Treoir dá dtagraítear i mír 1 agus le rún na mBallstát.

5. Maidir leis na bearta dá dtagraítear i mír 4 beidh feidhm acu ar feadh tréimhse 12 mhí ar a mhéid ar tréimhse í ar féidir a fhadú ar feadh 12 mhí ar a mhéid fad is a bhfuil na coinníollacha dá bhforáiltear sa tréimhse sin fós ann.

6. Déanfaidh an Coimisiún comhar sa phróiseas cur chun feidhme a éascú idir an Ballstát lena mbaineann agus na Ballstáit eile a mbeidh leas díreach bainistíochta acu san iascach a bheidh i gceist, agus déanfar na bearta arna nglacadh faoi mhír 2, 3 agus 4 a fhorghníomhú.

*Airteagal 12***Bearta an Choimisiúin i gcás bagartha tromchúisí ar acmhainní bitheolaíocha na mara**

1. Ar mhórchúiseanna práinne a bhfuil údar cuí leo maidir le bagairt thromchúiseach ar chaomhnú acmhainní bitheolaíocha na mara nó ar éiceachóras na mara, ar chúiseanna iad a mbeidh fianaise mar bhunús leo féadfaidh an Coimisiún, ar iarratas réasúnaithe a fháil ó Bhallstát nó ar a thionscnamh féin gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach a ghlacadh ar feadh uastréimhse de shé mhí i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 47(3).

2. Cuirfidh an Ballstát an iarraidh dá dtagraítear i mír 1 in iúl go comhuaineach don Choimisiún, do Bhallstáit eile agus do na Comhairlí Comhairleacha lena mbaineann. Féadfaidh na Ballstáit eile agus na Comhairlí Comhairleacha a gcuid barúlacha scríofa a chur isteach laistigh de sheacht lá oibre tar éis dóibh an fógra a fháil. Déanfaidh an Coimisiún cinneadh laistigh de 15 lá oibre tar éis dó an iarraidh dá dtagraítear i mír 1 a fháil.

3. Roimh éag don tréimhse feidhme tosaigh de ghníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach bonn dá dtagraítear i mír 1, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach bonn a ghlacadh, lena gcuirtear fad le feidhmiú an bhirt éigeandála faoi réir uastréimhse de 6 mhí le héifeacht láithreach. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 47(3).

*Airteagal 13***Bearta éigeandála na mBallstát**

1. Ar bhonn fianaise de bhagairt thromchúiseach ar chaomhnú acmhainní bitheolaíocha na mara nó ar éiceachóras na mara a bhaineann le gníomhaíochtaí iascaireachta in uiscí a thagann faoi cheannasacht nó faoi dhlínse Ballstáit a éilíonn gníomh láithreach, féadfaidh an Ballstát sin bearta éigeandála a ghlacadh chun an bhagairt a mhaolú. Beidh na bearta sin comhoiriúnach do na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 2 agus beidh siad chomh dian céanna ar a laghad leis na bearta dá bhforáiltear i ndlí an Aontais. Glacfar bearta den sórt sin ar feadh uastréimhse trí mhí.

2. I gcás ina bhféadfaidh tionchar a bheith ag bearta éigeandála atá le glacadh ag Ballstát ar shoití iascaireachta de chuid Ballstáit eile, ní ghlacfar na bearta sin ach tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún, leis na Ballstáit iomchuí agus leis na Comhairlí Comhairleacha iomchuí i dtaobh dréachta de na bearta agus beidh meabhrán míniúcháin ag gabháil leis an dréacht sin. Don chomhairliúchán sin, féadfaidh an Ballstát comhairliúcháin spriocam réasúnta a leagan síos ach nach bhféadfaidh bheith níos giorra ná aon mhí amháin.

3. Nuair atá an Coimisiún den tuairim nach gcomhlíonann bearta a glacadh faoin Airteagal seo na coinníollacha arna leagan amach i mír 1, faoi réir cúiseanna ábhartha a chur faoi bhráid, féadfaidh sé iarraidh ar an mBallstát lena mbaineann an bearta sin a leasú nó a aisghairm.

*Airteagal 14***Gabhálacha de thaisme a sheachaint agus a íoslaghú**

1. Chun go bhféadfar an oibleagáid a thabhairt isteach maidir leis na gabhálacha uile a thabhairt i dtír san iascach faoi seach, i

gcomhréir le hAirteagal 15 (an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír), féadfaidh na Ballstáit treoirthionscadail a chur ar bun, bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil agus tuairimí na gComhairlí ábhartha Comhairleacha á gcur san áireamh, d'fhonn féachaint ar na modhanna uile is infheidhmithe chun gabhálacha de thaisme in iascach a sheachaint, a íoslaghú agus a dhíothú.

2. Féadfaidh na Ballstáit 'atlas na n-ábhar muirí aiscurtha' a sholáthar ina léireofar leibhéal na n-ábhar muirí aiscurtha i ngach iascach a chumhdaítear faoi Airteagal 15(1).

*Airteagal 15***Oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír**

1. Tabharfar agus coimeádfar ar bord árthaí iascaireachta, gach gabháil de speicis a bheidh faoi réir teorainneacha gabhála agus lena n-áirítear chomh maith gabhálacha sa Mheánmhuir de speicis a bheidh faoi réir íosmhéideanna mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 iad, má ghabhtar iad le linn gníomhaíochtaí iascaireachta in uiscí an Aontais nó má ghabhtar soithí iascaireachta an Aontais iad in uiscí lasmuigh d'uiscí an Aontais nach bhfuil faoi réir cheannasacht nó faoi réir dhlínse tríú tíortha sna hiascaigh agus sna limistéir gheografacha a liostaítear anseo thíos, agus déanfar na gabhálacha sin a thairgeadh agus a thabhairt i dtír agus a chomhaireamh faoi na cuótaí i gcás inarb infheidhme seachas má úsáidtear iad mar bhaoite beo, i gcomhréir leis an amchlár seo a leanas:

(a) Faoin 1 Eanáir 2015 ar a dhéanaí:

- iascaigh bheaga pheiligreacha (i.e. iascaigh maidir le ronnach, scadán, bolmán, faoitín gorm, torciasc, ainseabhaí, airgintín, mionsairdín, salán);
- iascaigh mhóra peiligreacha (i.e. iascaigh maidir le tuinnín gorm, colgán, tuinnín colgach, tuinnín mórshúileach, mairlín gorm agus mairlín geal);
- iascaigh le haghaidh iascaireachta tionsclaíche (inter alia iascaigh maidir le caibeallán, corr ghainimh agus troscán Lochlannach);
- iascaigh do bhradán sa Mhuir Bháilt.

(b) Ón 1 Eanáir 2015 ar a dhéanaí maidir le speicis lena sainítear na hiascaigh agus tráth nach déanaí ná an 1 Eanáir 2017 ar a dhéanaí do gach speiceas eile in iascaigh in uiscí an Aontais sa Mhuir Bháilt maidir le speicis atá faoi réir teorainneacha gabhála seachas na cinn a chumhdaítear le pointe (a).

(c) Faoin 1 Eanáir 2016 ar a dhéanaí maidir le speicis lena sainítear na hiascaigh agus ón 1 Eanáir 2019 ar a dhéanaí do gach speiceas eile:

(i) an Mhuir Thuaidh

- iascaigh maidir le trosc cadóg, faoitín, glasán;
- iascaigh maidir leis an nglíomach Lochlannach;
- iascaigh maidir le sól coiteann agus leathóg;

- iascaigh maidir le colmóir;
 - iascaigh maidir le séacla Artach;
- (ii) Uiscí an Iarthuaiscirt
- iascaigh maidir le trosc cadóg, faoitín, glasán;
 - iascaigh maidir leis an ngliomach Lochlannach;
 - iascaigh maidir le sól coiteann agus leathóg;
 - iascaigh maidir le colmóir;
- (iii) Uiscí an Iardheiscirt
- iascaigh maidir leis an ngliomach Lochlannach;
 - iascaigh maidir le sól coiteann agus leathóg;
 - iascaigh maidir le colmóir;
- (iv) iascaigh eile maidir le speiceas atá faoi réir teorainneacha gabhála.
- (d) Faoin 1 Eanáir 2017 ar a dhéanaí maidir le speicis lena sainítear na hiascaigh agus tráth nach déanaí ná an 1 Eanáir 2019 maidir le gach speiceas eile in iascaigh nach gcumhdaítear le pointe (a) sa Mheánmhuir, sa Mhuir Dhubh agus in uiscí uile eile de chuid an Aontais agus neamh-Aontais nach bhfuil faoi réir cheannasacht nó faoi réir dhlínse tríú tíortha
- 2 Beidh mír 1 gan dochar do na hoibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 46, chun na hoibleagáidí idirnáisiúnta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais, lena n-áirítear, go háirithe, maoluithe ó na hoibleagáidí maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír faoin Airteagal seo.
3. I gcás ina n-aontaíonn na Ballstáit uile a bhfuil leas díreach bainistíochta acu in iascach ar leith gur cheart feidhm bheith ag an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír maidir le speicis seachas na speicis sin liostaítear i mír 1, féadfaidh siad moladh comhpháirteach a thíolacadh go gcuimseodh cur i bhfeidhm na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír i bhfeidhm speicis eile. Chuige sin, beidh feidhm ag Airteagal 18(1) go (6) mutatis mutandis. I gcás ina dtíolacfar an moladh comhpháirteach sin, cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 46, ina bhfuil bearta den sórt sin.
4. Ni bheidh feidhm ag an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír dá dtagraítear i mír 1 maidir leis an méid seo a leanas:
- (a) speicis a bhfuil lánchosc iascaireachta ina leith agus a shaináithnítear mar sin i ngníomh dlí de chuid an Aontais a ghlacadh i réimse CBI;
- (b) speicis a bhfuil fianaise eolaíoch ann maidir lena rátaí arda slánaithe, agus gnéithe an trealamh, na nósanna iascaireachta agus an éiceachórais á gcur san áireamh;
- (c) gabhálacha a thiteann faoi dhíolúintí de minimis.
5. Leagfar síos go sonrath cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha dá dtagraítear i mír 1 a thabhairt i dtír sna pleannanna ilbhliantúla dá dtagraítear in Airteagal 9, in Airteagal 10 agus, nuair is ábhartha, sonrathar sin a thuilleadh i gcomhréir le hAirteagal 18, lena n-áirítear:
- (a) foráil shonrach maidir le hiascaigh nó speicis a chumhdaítear faoi na hoibleagáide gabhálacha dá dtagraítear i mír 1 í;
- (b) sonraíocht na díolúine ón oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír maidir le speicis dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 2;
- (c) forálacha díolúine ón oibleagáid de minimis suas le 5 % de na gabhálacha bliantúla iomlána maidir le speicis faoi reir na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír mar a thagraítear i mír 1. Beidh an díolúine de minimis i bhfeidhm sna cásanna a leanas:
- (i) i gcás ina dtabharfar fianaise eolaíoch le fios go bhfuil méaduithe sa roghnaíocht an-deacair le baint amach; nó
- (ii) chun costais dhíreireacha a sheachaint maidir leis láimhseáil ghabhálacha de thaisme, don trealamh iascaireachta sin i gcás nach mó na gabhálacha de thaisme leis an trealamh sin ná céatadán áirithe, atá fós le socrú, de ghabháil iomlán ilbhliantúil an trealamh sin.
- Ní dhéanfar gabhálacha faoi na forálacha dá dtagraítear i bpointe (c) seo a chomhaireamh in aghaidh na gcuótaí ábhartha ach déanfar taifead iomlán ar gach gabháil den sórt sin.
- Le haghaidh idirthréimhse ceithre bliana, méadóidh céatadán na ngabhálacha bliantúla iomlána dá dtagraítear i bpointe (c):
- (i) dhá phointe céatadán don chéad dhá bhliain tar éis don oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír teacht i bhfeidhm; agus
- (ii) aon phointe céatadán amháin sa dá bhliain ina dhiaidh sin;
- (d) forálacha maidir le doiciméadú gabhálacha;
- (e) íosmhéideanna tagartha caomhnaithe a shocrú, i gcás inarb iomchuí, i gcomhréir le mír 10.

6. I gcás nach nglactar aon phlean ilbhliantúil ná aon phlean bainistíochta i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 don iascach atá i dtrácht, cumhachtófar don Choimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 18 den Rialachán seo, gníomhartha tarmilgthe i gcomhréir le hAirteagal 46 den Rialachán seo, a ghlacadh lena leagtar síos ar bhonn sealadach agus ar feadh tréimhse nach faide ná trí bliana, plean sonrath maidir le hábhar muirí aiscurtha ina bhfuil na sonraíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a) go pointe (e) de mhír 5 den Airteagal seo. Féadfaidh na Ballstáit comhoibriú, i gcomhréir le hAirteagal 18 den Rialachán seo, agus pleananna den sórt sin á dtarraingt suas chun go nglacfaidh an Coimisiún gníomhartha den sórt sin nó chun togra a thíolacadh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach.

7. I gcás nach nglactar bearta d'fhonn an díolúine de minimis a shonrú, i bplean ilbhliantúil a glacadh i gcomhréir le mír 5 ná i bplean sonrath maidir le hábhar muirí aiscurtha a glacadh i gcomhréir le mír 6, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmilgthe i gcomhréir le hAirteagal 46, an díolúine de minimis dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 4 a bheidh faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach i bpointe (c)(i) nó (ii) de mhír 5, nach rachaidh thar níos mó ná 5 % de líon iomlán na ngabhálacha de gach speiceas a bhfuil oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír i bhfeidhm ina leith faoi mhír 1. Glacfar an díolúine de minimis sin ionas go mbeidh feidhm leis ón dáta a dtiocfaidh an oibleagáid ábhartha gabhálacha a thabhairt i dtír i bhfeidhm.

8. De mhaolú ar an oibleagáid gabhálacha a chomhaireamh in aghaidh na gcuótaí ábhartha i gcomhréir le mír 1, féadfar gabhálacha atá faoi réir oibleagáide lena dtabhairt i dtír ach atá os cionn chuóta na stoc atá i gceist, nó gabhálacha speiceas nach bhfuil aon chuóta ag an mBallstát ina leith, a bhaint den chuóta don spriocspeiceas ar choinníoll nach sáraítear 9 % den chuóta don spriocspeiceas. Ní bheidh feidhm ag an bhforáil sin ach amháin i gcás ina bhfuil stoc an speicis nach spriocspeicis iad laistigh de theorainneacha bitheolaíochta sábháilte.

9. Maidir le stoic a bheidh faoi réir oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír, féadfaidh Ballstáit solúbthacht bliain go bliain a úsáid i ndáil lena ngabhálacha ceadaithe suas go dtí 10 %. Chun na críche sin, féadfaidh Ballstát a cheadú cainníochtaí breise den stoc a thabhairt i dtír, ar stoc é atá faoi réir na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír, ar choinníoll nach dtéann na cainníochtaí sin thar 10 % den chuóta a cionroinneadh ar an mBallstát sin. Beidh feidhm ag Airteagal 105 de Rialachán (CE) Uimh 1224/2009 ón gComhairle maidir le Rialú.

10. Féadfar íosmhéideanna tagartha caomhnaithe a bhunú d'fhonn cosaint na n-óg-organach muirí a dheimhniú.

11. Maidir leis na speicis atá faoi réir oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír arna sainiú i mír 1, cuirfear teorainn le húsáid ghabhálacha na speiceas atá faoin íosmhéid tagartha caomhnaithe ar mhaithe le spriocanna seachas go díreach mar bhia don duine, lena n-áirítear min éisc, ola éisc, bia peataí, breiseáin bia, cógasaocht agus cosmaidí.

12. Maidir leis na speicis nach mbeidh faoi oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír mar a shonraítear i mír 1, ní choimeádfar ar bord gabhálacha na speiceas a bheidh faoi na

híosmhéideanna tagartha caomhnaithe ach caithfear iad láithreach ar ais isteach san fharraige.

13. Ar mhaithe le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na hoibleagáide chun gach gabháil a thabhairt i dtír, áiríteoidh na Ballstáit go mbeidh doiciméadú cruinn, sonraithe ann faoi na turasanna iascaireachta uile agus go mbeidh acmhainní agus modhanna leordhóthanacha ann, mar shampla breathnóirí, teilifís chiorcaid iata (CCTV) a úsáid. Urramóidh na Ballstáit prionsabal na héifeachtúlachta agus na comhréireachta, agus an méid sin á dhéanamh.

Airteagal 16

Deiseanna iascaireachta

1. Áiríteoidh na deiseanna iascaireachta atá cionroinnte ar na Ballstáit cobhsaíocht choibhneasta sna gníomhaíochtaí iascaireachta de gach Ballstát le haghaidh gach stoic éisc nó gach iascaigh. Cuirfear leasanna gach Ballstáit san áireamh agus deiseanna iascaireachta nua á gcionroinnt.

2. Nuair a thugtar isteach an oibleagáid maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír i ndáil le stoc éisc, socrófar deiseanna iascaireachta trí aird á tabhairt ar an athrú ó dheiseanna iascaireachta a shocrú a bheidh ina léiriú ar ghabhálacha a thabharfar i dtír go deiseanna iascaireachta a shocrú a bheidh ina léiriú ar ghabhálacha ar an mbonn nach gceadófar don stoc sin a chuileáil a thuilleadh don chéad bhliain agus do na blianta ina dhiaidh sin.

3. I gcás ina léiríonn fianaise nua eolaíoch go bhfuil difríocht mhór idir na deiseanna iascaireachta a socraíodh le haghaidh stoc sonrath agus staid an stoic sin iarbhrí, féadfaidh Ballstáit a bhfuil leas díreach bainistíochta acu iarraidh réasúnaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin maidir le togra a thíolacadh chun an éagorthromaíocht sin a mhaolú agus na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 2(2) á n-urramú.

4. Socrófar deiseanna iascaireachta i gcomhréir leis na cuspóirí atá leagtha amach in Airteagal 2(2) agus comhlíonfaidh siad na spriocanna ama inchainníochtaí, na hamchláir agus na corrlaigh a bhunófar i gcomhréir le hAirteagal 9(2) agus le pointe (b) agus pointe (c) d'Airteagal 11(1).

5. Bunófar bearta maidir le deiseanna iascaireachta a shocrú is a chionroinnt do thrú tíortha in uisce an Aontais i gcomhréir leis an gConradh.

6. Déanfaidh gach Ballstát cinneadh faoin gcaoi a ndéanfar deiseanna iascaireachta a leithroinnfear dó agus nach bhfuil faoi réir ag córas lamháltas iascaireachta inaistrithe a chionroinnt ar shoithí faoina bhratach, mar shampla trí dheiseanna iascaireachta indibhidiúla a chruthú mar shampla. Cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoin modh cionroinnte.

7. Maidir le leithdháileadh na ndeiseanna iascaireachta a bhaineann le hiascach measctha, cuirfidh Ballstáit an comhdhéanamh is dóchúla a bheidh ar ghabhálacha na soitheach atá rannpháirteach in iascach den sórt sin san áireamh.

8. Tar éis dóibh fógra a thabhairt don Choimisiún, féadfaidh na Ballstáit na deiseanna iascaireachta a chionroinnfear orthu a mhalartú go hiomlán nó i bpáirt.

*Airteagal 17***Critéir maidir le deiseanna iascaireachta a chionroinnt ar na Ballstáit**

Agus na deiseanna iascaireachta atá ar fáil, mar a thagraítear dóibh in Airteagal 16, á gcionroinnt ar na Ballstáit, bainfidh na Ballstáit leas as critéir trédhearcacha, oibiachtúla lena n-áirítear critéir maidir leis an gcomhshaol agus de chineál sóisialta agus eacnamaíoch. Féadfar a áireamh leis na critéir a bheidh le húsáid, inter alia, tionchar na hiascaireachta ar an gcomhshaol, an comhlíonadh go dtí seo, an rannchuidiú leis an ngeilleagar áitiúil agus leibhéil stairiúla gabhála. Faoi chuimsiú na ndeiseanna iascaireachta a leithroinntear dóibh, déanfaidh na Ballstáit iarracht dreasaíochta a chur ar fáil do shoithí iascaireachta a bhfuil leas á bhaint acu as trealamh iascaireachta roghnaíoch nó as teicnící iascaireachta a laghdaíonn an tionchar ar an gcomhshaol, amhail tomhailt laghdaithe fuinnimh nó maolú ar an damáiste a dhéantar don ghnáthóg.

*TEIDEAL III***Réigiúnú***Airteagal 18***Comhar réigiúnach maidir le bearta caomhnaithe**

1. I gcás ina dtugtar cumhachtaí don Choimisiún, lena n-áirítear i bpleana ilbhliantúil arna bhunú de bhun Airteagal 9 agus Airteagal 10, chomh maith le i gcásanna dá bhforáiltear in Airteagal 11 agus in Airteagal 15(6), chun bearta a ghlacadh trí bhíthinn gníomhartha tarmilgthe nó cur chun feidhme, maidir le beart caomhnaithe de chuid an Aontais is infheidhme i réimse gheografach, féadfaidh Ballstáit a bhfuil leas bainistithe acu dá ndéanann na bearta seo difear dó teacht ar chomhaontú moltaí comhpháirteacha a chur faoi bhráid lena ndírítear ar chuspóirí na mbeart ábhartha, pleananna ilbhliantúla nó pleananna sonracha aschuir de chuid an Aontais a ghlacadh. Ní ghlacfaidh an Coimisiún aon ghníomh tarmilgthe nó cur chun feidhme roimh an dáta éaga do Bhallstáit moltaí a chur faoi bhráid. Nóta.

2. Chun críche mír 1, rachaidh na Ballstáit a bhfuil leas bainistithe acu dá ndéanann na bearta seo difear dóibh i mbun comhair lena chéile maidir le moltaí comhpháirteacha a fhoirmlíú. Rachaidh siad i mbun comhairle leis an gComhairle Chomhairleach (na Comhairlí Comhairleacha) lena mbaineann. Éascóidh an Coimisiún an comhar idir Bhallstáit, lena n-áirítear nuair is gá trína áirithiú gur féidir rannchuidiú eolaíoch ó chomhlachtaí ábhartha eolaíochta a fháil.

3. Nuair a chuirtear isteach faoi mhír 1 moladh comhpháirteach, féadfaidh an Coimisiún na bearta sin a ghlacadh trí bhíthinn gníomhartha tarmilgthe nó cur chun feidhme ar choinníoll go bhfuil moladh den sórt sin in oiriúint don bheart caomhnaithe ábhartha agus/nó don plean ilbhliantúil.

4. Nuair a bhaineann an beart caomhnaithe le stoc éisc ar leith a roinntear le tríú tíortha agus a bhainistítear le heagraíochtaí iascaireachta iltaobhacha nó faoi comhaontuithe déthaobhacha agus iltaobhacha, déanfaidh an tAontas gach iarracht chun teacht ar chomhaontú leis na comhpháirtithe ábhartha chun na bearta caomhnaithe arna leagan amach in Airteagal 2 a bhaint amach.

5. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na moltaí comhpháirteacha maidir le bearta caomhnaithe atá le glacadh de bhun

mhír 1 bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil agus go gcomhlíonann siad na ceanglais seo a leanas:

- (a) comhoiriúnach do na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 2;
- (b) go mbeidh siad comhoiriúnach do raon feidhme agus do chuspóirí bheart caomhnaithe ábhartha;
- (c) comhoiriúnach don raon feidhme agus go gcomhlíonann siad cuspóirí agus spriocanna inchainníochtaithe arna leagan amach go héifeachtúil i bplean ilbhliantúil ábhartha;
- (d) go mbeidh siad chomh dian céanna ar a laghad le bearta faoi dhlí an Aontais.

6. Mura bhfuil gach Ballstát in ann teacht ar chomhaontú maidir le moltaí comhpháirteacha atá le cur faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le mír 1 laistigh de spriocdháta atá leagtha síos nó má mheastar nach bhfuil na cómholtaí maidir le bearta caomhnaithe comhoiriúnach do chuspóirí agus spriocanna inchainníochtaithe na mbeart caomhnaithe atá i gceist, féadfaidh an Coimisiún togra le haghaidh beart iomchuí a thíolacadh i gcomhréir leis an gConradh.

7. Sa bhreis ar na cásanna dá dtagraítear i mír 1, féadfaidh na Ballstáit sin a bhfuil leas díreach bainistíochta acu maidir le hiascaigh i limistéar geografach sainráite, cómholtaí comhpháirteacha a dhéanamh freisin le cur faoi bhráid an Choimisiúin maidir leis na bearta a bheidh le moladh nó le glacadh aige.

8. Mar mhodh forlíontach nó malartach le haghaidh comhair réigiúnaigh, tabharfar de chumhacht do na Ballstáit, i mbeart caomhnaithe de chuid an Aontais a bhfuil feidhm aige maidir le limistéar ábhartha geografach, lena n-áirítear i bplean ilbhliantúil a bhunaítear de bhun Airteagal 9 agus Airteagal 11, bearta a ghlacadh laistigh de spriocam socraithe ina sonrófár tuilleadh an bearta caomhnaithe sin. Oibreoidh na Ballstáit a bhfuil leas bainistithe acu dá ndéanann na bearta seo difear dóibh i ndlúth-chomhar le chéile agus na bearta sin á nglacadh. Beidh feidhm ag mír 2, mír 4 agus mír 5 den Airteagal seo mutatis mutandis. Beidh páirt ag an gcoimisiún ann agus cuirfear a chuid barúlacha san áireamh. Ní ghlacfaidh an Ballstát ábhartha a bhearta náisiúnta féin ach amháin má thagann gach Ballstát lena mbaineann ar chomhaontú maidir le hábhar na mbeart. Nuair a mheasann an Coimisiún nach gcomhlíonann beart an Bhallstáit na coinníollacha arna leagan amach sa bheart ábhartha caomhnaithe, féadfaidh sé, faoi réir cúiseanna ábhartha a thabhairt, iarraidh ar an mBallstát/na Ballstáit lena mbaineann an beart ábhartha a leasú nó a aisghairm.

*TEIDEAL IV***Bearta náisiúnta***Airteagal 19***Bearta Ballstát atá infheidhme i leith soithí iascaireachta a bhfuil a mbratach ar foluain acu nó i leith daoine atá bunaithe ar a gcríoch**

1. Féadfaidh Ballstát bearta a ghlacadh chun stoic éisc a chaomhnú in uisce an Aontais ar an gcoinníoll go gcomhlíonann na bearta sin na ceanglais seo a leanas:

- (a) i bhfeidhm i leith soithí iascaireachta faoi bhratach an Bhallstáit sin amháin nó, i gcás gníomhaíochtaí iascaireachta nach ndéanann soithí iascaireachta iad, i leith daoine atá bunaithe sa chuid sin dena gcríoch ina bhfuil an Conradh infheidhme;
- (b) comhoiriúnach do na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 2;
- (c) chomh dian céanna ar a laghad le bearta faoi dhlí an Aontais.
2. Chur críocha rialaithe, tabharfaidh Ballstát fógra do na Ballstáit eile lena mbaineann maidir leis na forálacha a glacadh de bhun mhír 1.
3. Cuirfidh na Ballstáit faisnéis iomchuí ar fáil don phobal maidir leis na bearta a glacadh i gcomhréir leis an Airteagal seo.

Airteagal 20

Bearta Ballstáit laistigh den chríos 12 mhuirmhíle

1. Féadfaidh Ballstát bearta neamh-idirdhealaitheacha a dhéanamh chun stoic éisc a chaomhnú agus a bhainistiú agus chun stádas caomhnaithe éiceachórais na mara a chothabháil nó a fheabhsú laistigh de chríos 12 mhuirmhíle óna bhonnlínte ar an gcoinníoll nach bhfuil bearta glactha ag an Aontas a théann i ngleic go sonrath le caomhnú agus le bainistiú an limistéir sin nó a thugann aghaidh go sonrath ar an bhfadhb a shainaithe an Ballstát lena mbaineann. Beidh bearta an Bhallstáit comhoiriúnach do na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 2 agus beidh siad chomh dian céanna ar a laghad le bearta faoi dhlí an Aontais.
2. I gcás ina bhféadfadh tionchar a bheith ag bearta caomhnaithe agus bearta bainistíochta atá le glacadh ag Ballstát ar shoithí iascaireachta de chuid Ballstáit eile, ní ghlacfar na bearta sin ach tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún, leis na Ballstáit iomchuí agus leis na Comhairlí Comhairleacha iomchuí i dtaobh dréachta de na bearta agus beidh meabhrán míniúcháin ag gabháil leis an dréacht sin a léireoidh, inter alia, go bhfuil na bearta sin neamh-idirdhealaitheach. Don chomhairliúchán sin, féadfaidh an Ballstát atá ag lorg comhairle spriocam réasúnta a leagan síos ach nach bhféadfaidh bheith níos giorra ná dhá mhí.
3. Cuirfidh na Ballstáit faisnéis iomchuí ar fáil don phobal maidir leis na bearta a glacadh i gcomhréir leis an Airteagal seo.
4. Nuair atá an Coimisiún den tuairim nach gcomhlíonann beart a glacadh faoin Airteagal seo na coinníollacha arna leagan amach i mír 1, faoi réir cúiseanna ábhartha a chur faoi bhráid, féadfaidh sé iarraidh ar an mBallstát lena mbaineann an beart ábhartha a leasú nó a aisghairm.

CUID IV

AN ACMHAINN IASCAIREACHTA A BHAINISTIÚ

Airteagal 21

Córais lamháltas iascaireachta inaistrithe a bhunú

Féadfaidh na Ballstáit córas lamháltas iascaireachta inaistrithe a bhunú. Déanfaidh Ballstáit a bhfuil córas mar sin acu clár a bhunú agus a choinneáil maidir leis an gcóras lamháltas iascaireachta inaistrithe.

Airteagal 22

Acmhainn iascaireachta a choigeartú agus a bhainistiú

1. Cuirfidh na Ballstáit, le himeacht aimsire, bearta i bhfeidhm chun acmhainn iascaireachta a gcuid cabhlach a choigeartú dá gcuid deiseanna ionchasacha iascaireachta, agus treochtaí á gcur san áireamh acu agus beidh na bearta sin bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch is fearr, ionas go mbeadh cothromaíocht chobhsaí, sheasmhach eatarthu.
2. D'fhonn an cuspóir dá dtagraítear i mír 1 a bhaint amach, cuirfidh na Ballstáit tuarascáil, maidir leis an gcothromaíocht idir acmhainn iascaireachta a gcuid cabhlach agus a ndeiseanna iascaireachta, chuig an gCoimisiún faoin 31 Bealtaine gach bliain. Chun cur chuige coiteann a éascú ar fud an Aontais, cuirfear an tuarascáil sin i dtoll a chéile i gcomhréir le treoirlínte coiteanna a fhéadfaidh an Coimisiún a fhorbairt, lena léireofar na paraiméadair ábhartha theicniúla, shóisialta agus eacnamaíocha.

3. Beidh an measúnú bliantúil ar acmhainn na gcabhlach náisiúnta agus chodanna uile na gcabhlach de chuid gach Bhallstáit sa tuarascáil. Sa tuarascáil, déanfar iarracht ró-acmhainn struchtúrach a aithint de réir an choda agus measfar brabúsacht fhadtéarmach de réir an choda. Cuirfear an tuarascáil sin ar fáil go poiblí.

4. Maidir leis an measúnú dá dtagraítear sa dara fomhír de mhír 1a, déanfaidh na Ballstáit an anailís a dhéanann siad ar an gcothromaíocht idir acmhainn iascaireachta a gcabhlach agus a ndeiseanna iascaireachta a bhunú. Dréachtófar measúnuithe ar leith do chabhlaigh a fheidhmíonn sna réigiúin is forimeallaí agus do shoithí a fheidhmíonn lasmuigh d'uisce an Aontais.

Má léirítear go soiléir leis an measúnú nár rinneadh an acmhainn iascaireachta a chothromú go héifeachtach le deiseanna iascaireachta, ullmhóidh an Ballstát plean gnímh do na codanna de chabhlaigh a bhfuil ró-acmhainn struchtúrach acu atá sainaitheanta agus cuirfidh sé ina thuarascáil é. Leagfar amach sa phlean gnímh na spriocanna coigeartaithe agus na huirlisí chun an chothromaíocht a bhaint amach agus amchlár soiléir lena chur chun feidhme.

Ullmhóidh an Coimisiún tuarascáil, ar bhonn bliantúil, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir leis an gcothromaíocht idir acmhainn iascaireachta chabhlaigh na mBallstát agus na deiseanna iascaireachta atá acu i gcomhréir leis na treoirlínte dá dtagraítear sa chéad fomhír de mhír 1. Áireofar sa tuarascáil sin pleananna gníomhaíochta dá dtagraítear sa chéad fomhír den mhír seo. Cuirfear an chéad tuarascáil isteach faoin 31 Márta 2015.

I gcás ina mainnítear an tuarascáil dá dtagraítear i mír 2 a chur i dtoll a chéile, agus/nó i gcás ina mainnítear an plean gníomhaíochta dá dtagraítear sa chéad fomhír den mhír seo a chur chun feidhme, d'fhéadfadh go gcuirfí fionraíocht chomhréireach nó briseadh comhréireach i bhfeidhm i ndáil leis ar an gcúnamh airgeadais ábhartha a thugann an tAontas don Bhallstát sin ar mhaithe le hinfeistiú sa chabhlach sa chuid sin nó sna codanna sin don chabhlach lena mbaineann i gcomhréir le gníomh de chuid an Aontais amach anseo lena mbunáitear na conníollacha do chúnamh airgeadais i ndáil le tacaíocht do bheartas muirí agus iascaigh don tréimhse 2014-2020.

5. Ní cheadófar imeacht ón gcabhlach le tacaíocht ó chabhair poiblí ach amháin má dhéantar an ceadúnas iascaireachta agus na húdaruithé iascaireachta a tharraingt siar roimh ré.

6. Ní chuirfear acmhainn iascaireachta nua in ionad acmhainn iascaireachta na soithí iascaireachta a tarraingíodh siar trí chabhair phoiblí.

7. Áiritheoidh na Ballstáit nach sáróidh acmhainn iascaireachta a gcabhlaiigh, tráth ar bith ón ... (*), na huasteorainneacha le haghaidh acmhainne iascaireachta a leagtar amach in Iarscríbhinn II.

Airteagal 23

Scéim iontrála/scoir

1. Bainistíodh na Ballstáit iontrálacha ina gcabhlach agus scoireanna óna gcabhlach sa chaoi go mbeidh iontráil acmhainne nua sa chabhlach gan chúnamh poiblí á cúiteamh leis an scoir acmhainne roimhe gan chúnamh poiblí d'acmhainn a bhí ar a laghad den acmhainn chéanna.

2. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos rialacha cur chun feidhme maidir le cur i bhfeidhm an Airteagail seo a ghlacadh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin a leagtar síos in Airteagal 47(2).

3. Tráth nach déanaí ná ... (**), déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an scéim iontrála/scoir i bhfianaise an gaol a fhorbraítear idir acmhainn iascaireachta cabhlaiigh agus deiseanna féidearthacha iascaireachta agus, nuair is iomchuí, molfaidh sé leasanna ar an scéim sin.

Airteagal 24

Clár de chabhlaiigh iascaireachta

1. Déanfaidh na Ballstáit an fhaisnéis a thairfeadh maidir le húinéireacht, le saintréithe an tsoithigh agus an trealaimh agus le gníomhaíochtaí shoithí iascaireachta an Aontais a bhfuil a mbratach ar foluain acu atá riachtanach i ndáil le bainistiú na mbeart arna mbunú faoin Rialachán seo.

2. Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 faoi bhráid an Choimisiúin.

3. Coimeádfaidh an Coimisiún clár de chabhlaiigh iascaireachta an Aontais ina mbeidh an fhaisnéis a gheobhaidh sé de bhun mhír 2. Cuirfidh sé an clár de chabhlaiigh iascaireachta an Aontais ar fáil don phobal agus áiritheoidh sé, ag an am céanna, go mbeidh sonraí pearsanta faoi chosaint leordhóthanach.

4. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena mbunófar ceanglais oibríochtúla theicniúla le haghaidh taifeadta, formáid agus módúlachtaí tarchuir na faisnéise dá dtagraítear i mír 1, i mír 2 agus i mír 3. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 47(2).

CUID V

BONN EOLAÍOCHTA LE BAINISTIÚ IASCAIGH

Airteagal 25

Ceanglais maidir le sonraí le haghaidh bainistithe iascaigh

1. Déanfaidh na Ballstáit, i gcomhréir leis na rialacha a ghlacadh maidir le faisnéis a bhailiú, aon sonraí bitheolaíochta, teicniúla, comhshaoil agus socheacnamaíochta a theastaíonn le haghaidh an iascach a bhainistiú a bhailiú, na sonraí sin bhainistiú agus a chur ar fáil do na húsáideoirí deiridh, lena

n-áirítear comhlachtaí arna n-ainmniú ag an gCoimisiún. Beidh gnóthú agus bainistiú na sonraí sin incháilithe do chistiú tríd an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI) i gcomhréir le gníomh de chuid an Aontais amach anseo lena mbunaítear na conníollacha do chúnamh airgeadais i ndáil le tacaíocht do bheartas muirí agus iascaigh don tréimhse 2014-2020.. Leis na sonraí sin beifear in ann measúnú a dhéanamh, go háirithe, ar na nithe seo a leanas:

- an riocht ina bhfuil acmhainní bitheolaíochta na mara atá á saothrú,
- leibhéal na hiascaireachta agus an tionchar a bhíonn ag gníomhaíochtaí iascaireachta ar acmhainní bitheolaíochta na mara agus éiceachórais na mara, agus
- feidhmíocht shocheacnamaíoch na n-earnálacha iascaigh, dobharshaothraithe agus próiseála laistigh agus lasmuigh d'uiscí an Aontais.

2. Bunófar bailiú agus bainistiú na sonraí sin agus an úsáid a bhaintear astu ar na prionsabail a leanas:

- cruinneas agus iontaofacht, agus bailiú ar bhealach tráthúil,
- an úsáid a bhaintear as sásraí comhordúcháin chun nach ndéanfar bailiúcháin sonraí a dhúbailt ar mhaithe le cuspóirí éagsúla;
- sonraí a bhailítear a stóráil agus a chosaint ar bhealach slán i mbunachair ríomhairithe, agus iad a chur ar fáil don phobal i gcás inarb iomchuí, lena n-áirítear ar leibhéal comhiomlánaithe le rúndacht a áirithiú;
- rochtain ag an gCoimisiún, nó ag comhlachtaí atá ainmnithe aige, ar na bunachair shonraí náisiúnta agus ar na córais a úsáidtear chun na sonraí a bhailítear a phróiseáil ar mhaithe le fíorú go bhfuil na sonraí ann agus le cáilíocht na sonraí a fhíorú.
- fáil thráthúil ar na sonraí ábhartha agus ar na modheolaíochtaí faoi seach lena bhfuarthas iad, ag na comhlachtaí a bhfuil leas taighde nó bainistithe acu san anailís eolaíoch a dhéantar ar shonraí san earnáil iascaigh agus ag aon pháirtithe leasmhara, seachas i gcúinsí ina n-éilítear cosaint agus rúndacht faoi dhlí infheidhme an Aontais.

3. Cuirfidh na Ballstáit tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin gach bliain i ndáil le feidhmiú a gclár náisiúnta maidir le bailiú sonraí agus cuirfidh siad an tuarascáil sin ar fáil don phobal.

Measfaidh an Coimisiún an tuarascáil bhliantúil maidir le bailiú sonraí tar éis dul i gcomhairle lena chomhlacht comhairleach eolaíoch agus, nuair is iomchuí, leis na heagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh (ERBlanna) dár páirtí conarthach nó breathnóir é an Aontas agus comhlachtaí ábhartha idirnáisiúnta eolaíoch eile.

4. Áiritheoidh na Ballstáit an comhordú náisiúnta i mbailiúcháin agus i mbainistiú na sonraí eolaíochta le haghaidh bainistithe iascaigh, lena n-áirítear sonraí socheacnamaíochta. Chuige sin, ainmneoidh siad comhfhreagraí náisiúnta agus eagróidh siad cruinniú comhordaithe náisiúnta bliantúil. Cuirfear an Coimisiún ar an eolas faoi na gníomhaíochtaí comhordaithe náisiúnta agus tabharfar cuireadh dó chuig na cruinnithe comhordaithe.

5. Déanfaidh Ballstáit, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, a gcuid gníomhaíochtaí bailiúcháin sonraí a chomhordú le Ballstáit eile sa réigiún céanna, agus déanfaidh siad gach iarracht a gcuid gníomhaíochtaí a chomhordú le tríú tíortha a bhfuil ceannasacht nó dlínse acu ar uiscí sa réigiún céanna.

(*) Dáta chur i bhfeidhm an Rialachán seo.

(**) Cúig bliana i ndiaidh theacht i bhfeidhm an Rialachán seo.

6. Déanfar na sonraí a bhailiú, a bhainistiú agus a úsáid ar bhealach a bheidh éifeachtach ó thaobh costais de.

7. Má mhainníonn Ballstát sonraí a bhailiú agus/nó sonraí a chur ar fáil d'úsáideoirí deiridh ar bhealach tráthúil, d'fhéadfadh go gcuirfí fionraíocht chomhréireach nó briseadh comhréireach i bhfeidhm i ndáil leis ar an gcúnamh airgeadais ábhartha a thugann an tAontas don Bhallstát sin, i gcomhréir le gníomh de chuid an Aontais amach anseo lena mbunaítear na conníollacha do chúnamh airgeadais i ndáil le tacaíocht do bheartas muirí agus iascaigh don tréimhse 2014-2020.

Airteagal 26

Dul i gcomhairle le comhlachtaí eolaíocha

Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis na comhlachtaí eolaíocha iomchuí. Rachfar i gcomhairle le CETEI maidir le hábhair a bhaineann le beo-acmhainní uisceacha a chaomhnú, lena n-áirítear i dtaobh gnéithe bitheolaíochta, eacnamaíochta, comhshaoil, sóisialta agus teicniúla. Cuirfear bainistiú cuí na gcistí poiblí san áireamh sna comhairliúcháin a dhéanfar le comhlachtaí eolaíocha, chun nach ndéanfaidh comhlachtaí mar sin dúbailt ar an obair.

Airteagal 27

Taighde agus Comhairle Eolaíoch

1. Cuirfidh na Ballstáit cláir thaighde agus nuála i gcrích maidir le dobharshaothrú agus leis an iascach. Déanfaidh siad comhordú ar a gclár taighde, nuála agus comhairle eolaíoch iascaigh le Ballstáit eile, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, i gcomhthéacs chreataí taighde agus nuála Aontais, lena mbaineann, i gcás inarb iomchuí, na Comhairlí ábhartha Comhairleacha. Beidh na gníomhaíochtaí sin incháilithe le haghaidh maoiniúcháin trí bhuiséad an Aontais i gcomhréir leis na gníomhartha dlíthiúla ábhartha de chuid an Aontais.

2. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcomhar leis na geallsealbhóirí ábhartha, agus leas á bhaint inter alia as na hacmhainní airgeadais a bheidh ar fáil ag an Aontas agus trí chomhordú a dhéanamh lena chéile, go mbeidh inniúlachtaí agus acmhainní daonna iomchuí ar fáil don phróiseas comhairleach eolaíoch.

CUID VI

BEARTAS SEACHTRACH

Airteagal 28

Cuspóirí

1. Chun a áirithiú go mbainistíofar agus go gcaomhnófar acmhainní bitheolaíochta muirí agus an comhshaoil muirí ar bhealach inbhuanaithe, stiúrfaidh an tAontas a gcuidrimh sheachtracha iascaigh i gcomhréir le hoibleagáidí idirnáisiúnta agus le cuspóirí beartais, chomh maith leis na cuspóirí agus na prionsabail a leagtar amach in Airteagal 2 agus in Airteagal 3.

2. Déanfaidh an tAontas na rudaí sonracha seo, go háirithe:

(a) tacóidh sé go gníomhach le heolas eolaíochta agus le comhairle eolaíochta agus cuirfidh sé leo;

(b) feabhsóidh sé comhtháiteacht bheartais thionscnaimh an Aontais, ag féachaint go háirithe do ghníomhaíochtaí comhshaoil, trádála agus forbartha, agus neartóidh sé comhsheasmhacht na gníomhaíochtaí a dhéantar i gcomhthéacs comhair um fhorbairt nó i gcomhthéacs comhair eolaíoch, theicniúil agus eacnamaíoch;

(c) cuirfidh sé le gníomhaíochtaí iascaireachta inbhuanaithe atá innharthanach ó thaobh eacnamaíoch agus a chuireann fostaíocht chun cinn laistigh den Aontas;

(d) deimhneoidh sé go mbunófar gníomhaíochtaí iascaireachta laismuigh d'uisce an Aontais ar na prionsabail agus na caighdeáin chéanna atá infheidhme faoi dhlí an Aontais i limistéar CBI agus cothrom iomaíochta á chur chun cinn aige d'oireoirí Aontais vis-à-vis oibreoirí eile ó thrú tíortha.

(e) cuirfidh sé chun cinn an gníomh a dhéantar chun deireadh a chur le hiascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte i ngach réimse idirnáisiúnta agus tacóidh sé leis an ngníomhaíocht sin;

(f) bunú agus neartú coistí comhlíontacha ERBIanna, athbhreithnithe tréimhsiúla neamhspleácha ar fheidhmíocht agus gníomhartha ceartaitheacha iomchuí a chur chun cinn, lena n-áirítear pionóis éifeachtacha agus athchomhairleacha, nach mór a chur i bhfeidhm ar bhealach trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach.

3. Beidh forálacha na Coda sin gan dochar d'fhorálacha sonracha comhaontuithe idirnáisiúnta a glacadh i gcomhréir le hAirteagal 218 den Chonradh.

TEIDEAL I

Eagraíochtaí idirnáisiúnta iascaigh

Airteagal 29

Gníomhaíochtaí an Aontais in eagraíochtaí idirnáisiúnta iascaigh

1. Tacóidh an tAontas go gníomhach le gníomhaíochtaí eagraíochtaí idirnáisiúnta a dhéileálann le cúrsaí iascaigh, lena n-áirítear ERBInna, agus cuirfidh sé leo.

2. Beidh seasamh an Aontais in eagraíochtaí idirnáisiúnta a dhéileálann le hiascach agus le ERBInna bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil lena áirithiú go ndéanfar acmhainní iascaigh a bhainistiú i gcomhréir leis na cuspóirí atá leagtha síos in Airteagal 2, go háirithe mír (2) agus mír 4(b) de. Iarrfaidh an tAontas an próiseas a stiúradh chun feidhmiú na ERBInna a láidriú ionas go mbeidh siad in ann na hacmhainní muirí beo atá faoina gcúram a chaomhnú agus a bhainistiú.

3. Tacóidh an tAontas go gníomhach le forbairt sásraí iomchuí agus trédhearcacha maidir le deiseanna iascaireachta a leithdháileadh.

4. Cothóidh an tAontas comhar i measc na ERBInna, comhsheasmhacht idir a gcreataí rialála faoi seach agus tacóidh siad le forbairt an eolais eolaíoch agus na comhairle lena áirithiú go ndéanfar a moltaí a bhunú ar chomhairle eolaíoch mar sin.

Airteagal 30

Forálacha idirnáisiúnta a chomhlíonadh

Comhoibreoigh an tAontas, tríd an nGníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach (an Gníomhaireacht) freisin, le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta a dhéileáil le hiascach, lena n-áirítear ERBInna, chun comhlíonadh na mbearta a neartú, go háirithe na cinn lena ndéantar iascaireachta neamhdhleathach, neamhthuiriscithe agus neamhrialáilte a chomhrac, lena áirithiú go gcloítear go docht leis na bearta a ghlacann na heagraíochtaí idirnáisiúnta sin.

TEIDEAL II

Comhaontuithe comhpháirtíochta iascaigh inbhuanaithe

Airteagal 31

Prionsabail agus cuspóirí Comhaontuithe comhpháirtíochta iascaigh inbhuanaithe

1. Bunaítear leis na Comhaontuithe comhpháirtíochta iascaigh inbhuanaithe le tríú tíortha creat rialachais dlíthiúil, eacnamaíoch, comhshaoil agus sóisialta le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann soithí iascaireachta an Aontais in uiscí tríú tíortha.

D'fhéadfaí go n-áireofaí an méid a leanas ar chreataí mar sin:

- (a) forbairt agus tacaíocht le haghaidh na n-institiúidí riachtanacha eolaíoch agus taighde;
- (b) inniúlachtaí faireacháin, rialaithe agus faireachais;
- (c) gnéithe eile forbartha acmhainní a bhaineann le beartas iascaigh inbhuanaithe tríú tír a fhorbairt.

2. Chun críche dúshaothraithe inbhuanaithe a áirithiú maidir le barrachas acmhainní bitheolaíoch mairí, féachfaidh an tAontas go bhfuil Comhaontuithe comhpháirtíochta iascaigh inbhuanaithe le tríú tíortha chun leasa choitinn an Aontais agus an tríú tír lena mbaineann, lena n-áirítear a daonra áitiúil agus a tionscal iascaireachta agus go rannchuideoidh siad le gníomhaíocht chabhlaigh an Aontais a leanúint agus go ndíreoidh siad ar chion cuí den bharrachas atá ar fáil a bhaint amach, i gcomhréir le leas chabhlaigh an Aontais.

3. Chun críche a áirithiú i gcomhaontuithe comhpháirtíochta iascaigh Inbhuanaithe go n-oibreoigh soithí an Aontais a bhíonn ag iascaireacht faoi mar is iomchuí faoi chaighdeán a bheidh comhchosúil leis na cinn sin ata infheidhme maidir le soithí iascaireachta an Aontais a bhíonn ag iascaireacht in uiscí an Aontais, déanfaidh an tAontas a dhícheall na forálacha iomchuí maidir leis na hoibleagáidí maidir le gabhálacha táirgí éisc agus iascaigh a thabhairt i dtír a áireamh sna Comhaontuithe comhpháirtíochta iascaigh inbhuanaithe.

4. Ní ghabhfaidh soithí iascaireachta an Aontais ach an barrachas gabhála den ghabháil incheadaithe dá dtagraítear in Airteagal 62 (2) agus (3) de UNCLOS agus a aithnítear, ar bhealach soiléir agus trédhearcach, ar bhonn na comhairle eolaíche is fearr atá ar fáil agus ar bhonn faisnéise ábhartha arna malartú idir an tAontas agus an tríú tír maidir leis an iarracht iomlán a dhéanfaidh na cabhlaigh uile maidir le hiascaireachta ar na stoic lena mbaineann. Maidir le stoic éisc thrasli-

mistéir nó mhórimirceacha, ba cheart go dtabharfaí aird iomchuí ar na measúnuithe eolaíoch a dhéantar ar an leibhéal réigiúnach tráth a dhéanfar cinneadh maidir leis na hacmhainní atá ar fáil le haghaidh rochtana chomh maith leis an aird iomchuí a thabhairt ar bhearta caomhnaithe agus bainistithe arna nglacadh ag na ERBInna ábhartha.

5. Ní fhéadfaidh soithí iascaireachta an Aontais oibriú in uiscí tríú tíortha lena bhfuil Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe i bhfeidhm mura bhfuil seilbh acu ar údarú iascaireachta a eisíodh i gcomhréir leis an gcomhaontú sin.

6. Áiritheoidh an tAontas go gcuirfear clásal sna Comhaontuithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe maidir le hurraim do phrionsabail dhaonlathacha agus cearta an duine; beidh sé ina ghné bhunriachtanach de chomhaontú den sórt sin.

Áireofar an méid a leanas ar na comhaontuithe sin freisin, a mhéid is féidir:

- (a) clásal lena gcuirtear cosc ar choinníollacha níos fabhraí a dheonú ar na cabhlaigh éagsúla iascaireachta sna huiscíní sin, seachas na cinn a deonaíodh ar ghníomhaithe eacnamaíche an Aontais lena n-áirítear na cinn a bhaineann le caomhnú, forbairt agus bainistiú acmhainní, socruithe airgeadais, agus táillí agus cearta a bhaineann le húdaruithe iascaireachta a eisíúint;
- (b) clásal eisiachais a bhaineann leis an ríail dá bhforáiltear i mír 3a.

7. Déanfar iarrachtaí ar leibhéal an Aontais chun faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí shoithigh iascaireachta an Aontais a fheidhmíonn in uiscí neamh/Aontais lasmuigh de chreat Chomhaontuithe comhpháirtíochta iascaigh inbhuanaithe.

8. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh soithigh iascaireachta de chuid an Aontais a bhfuil a mbratach ar foluain acu agus a oibríonn lasmuigh d'uiscíní an Aontais in ann doiciméadú mionsonraithe agus cruinn a thabhairt i ndáil leis na gníomhaíochtaí iascaireachta agus próiseála uile.

9. Ní dheonófar údarú iascaireacht dá dtagraítear i mír 3a ar shoitheach a d'fhág clár de chabhlaigh iascaireachta an Aontais agus a tháinig ar ais chuige laistigh de 24 mí ina dhiaidh sin, mura chuir úinéir an tsoithigh sin na sonraí uile a éilítear ar fáil d'údarás inniúla Bhallstát na brataí lena suí gur oibrigh an soitheach, le linn na tréimhse sin, ar bhealach iomlán comhsheasmhach leis na caighdeáin is infheidhme do shoitheach ar cuireadh bratach air san Aontas.

I gcás ina mbeidh an stát a dheonaíonn an bratach le linn na tréimhse a mbeidh an soitheach de chuid chlár cabhlaigh iascaireachta an Aontais, aitheanta faoi dhlí an Aontais mar stát neamh-chomhoibritheach i ndáil le hiascaireachta neamhdhleathach, neamhthuiriscithe agus neamhrialáilte a chomhrac, a dhíspreagadh agus dhíothú nó mar stát ina gceadaítear dúshaothrú neamh-inbhuanaithe beo-acmhainní uisceacha, gur scoireadh d'oibríochtaí iascaireachta an tsoithigh agus go ndearna an t-úinéir beart láithreach leis an soitheach a bhaint ó chlár an stáit sin.

10. Déanfaidh an Coimisiún socraithe le haghaidh measúnuithe neamhspleácha ex-ante agus post-ante i ndáil le gach prótacal a ghabhann le Comhaontú comhpháirtíochta iascaigh inbhuanaithe, agus cuirfidh sé iad ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle in am agus i dtráth sula gcuirfidh sé moladh faoi bhráid na Comhairle chun go dtabharfar údarú dul i mbun caibidlíochta do phrótacal comharba. Cuirfear achoimre ar mheastóireachtaí mar sin ar fáil don phobal.

Airteagal 32

Cúnamh airgeadais

1. Cuirfidh an tAontas cúnamh airgeadais ar fáil do thríú tíortha trí bhíthin na gComhaontuithe comhpháirtíochta iascaigh inbhuanaithe d'fhonn:

- tacú le cuid den chostas rochtana ar na hacmhainní iascaigh in uiscí tríú tír; déanfar measúnú ar an gcuid den chostas rochtana a bheidh le híoc ag úinéirí shoithí an Aontais maidir le gach Comhaontú comhpháirtíochta iascaigh inbhuanaithe nó le Prótacal de agus go mbeidh na costais cothrom, neamh-idirdhealaitheach agus comhréireach leis na tairbhí a fhaightear mar gheall ar na dálaí rochtana;
- an creat rialachais a bhunú, lena n-áirítear forbairt agus cothabháil na n-institiúidí riachtanacha eolaíochta agus taighde, próisis maidir le comhairliúchán le grúpaí leasmhara a chur chun cinn, agus acmhainn faireacháin, rialaithe agus faireachais agus eilimintí eile lena n-áirítear inniúlachtaí a neartú a bhaineann le beartas iascaigh inbhuanaithe a fhorbairt sa tríú tír. Beidh cúnamh airgeadais mar sin ag brath ar thorthaí sonracha a bhaint amach agus comhlántach agus comhsheasmhach le forbairt tionscadal agus clár a chuirtear chun feidhme sa tríú tír a bheidh i gceist.

2. Faoi gach Comhaontú comhpháirtíochta iascaigh inbhuanaithe, déanfar an cúnamh airgeadais do thacaíocht earnálach a dhíchúpláil ó íocaíochtaí do rochtain ar acmhainní iascaigh. Éileoidh an tAontas torthaí sonracha mar choinníoll do na híocaíochtaí faoin gcúnamh airgeadais, agus déanfaidh sé monatóireacht ghéar ar an dul chun cinn.

TEIDEAL III

Bainistiú stoic ar leas coiteann

Airteagal 33

Prionsabail agus cuspóirí maidir le bainistiú stoc ar leas coiteann iad don Aontas agus do thríú tíortha agus comhaontuithe maidir le malartú agus bainistiú compháirteach

1. Nuair a bhaineann tríú tíortha úsáid as stoic ar leas coiteann iad freisin, oibreoidh an tAontas i gcomhar leis na tríú tíortha sin lena áirithiú go mbainistítear na stoic sin ar bhealach inbhuanaithe atá comhsheasmhach leis an Rialachán seo, agus go háirithe leis an gcuspóir atá leagtha síos in Airteagal 2(2). I gcás nach dtagtar ar chomhaontú foirmiúil, déanfaidh an tAontas gach iarracht socruithe coitinne a leagan amach chun iascaireacht a dhéanamh ar stoic mar sin d'fhonn go bhféadfaí bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh, go háirithe, maidir leis an gcuspóir atá in Airteagal 2(2), agus cothroime iomaíochta a chur chun cinn d'oibreoírí an Aontais ar an gcaoi sin.

2. Chun dúshaothrú inbhuanaithe a dheimhniú maidir le stoic a roinntear le tríú tíortha agus chun cobhsaíocht ghníomhaíochtaí iascaireachta a chabhlach a ráthú freisin, tabharfaidh an tAontas i gcomhréir le UNCLOS faoi chomhaontuithe déthaobhacha nó iltaobhacha a bhunú le tríú tíortha lena ndíreofar ar stoic a bhainistiú go comhpháirteach, lena n-áirítear rochtain agus dálaí rochtana ar uiscí agus ar acmhainní a bhunú de réir mar is iomchuí chomh maith le bearta caomhnaithe agus deiseanna iascaireachta a chomhchuíbhiú agus a mhalartú.

CUID VII

DOBHARSHAOTHRÚ

Airteagal 34

Dobharshaothrú inbhuanaithe a chur chun cinn

1. D'fhonn inbhuanaitheacht a chur chun cinn agus d'fhonn rannchuidiú leis an soláthar bia agus le soláthairtí, le fás agus le forbairt, bunóidh an Coimisiún treoirlínte straitéiseacha neamhcheangailteacha don Aontas maidir le comhthosaíochtaí agus comhspricanna chun gníomhaíochtaí dotharshaothraithe inbhuanaithe a fhorbairt. Cuirfear na suíomhanna tosaigh ábhartha agus dálaí difriúla ar fud an Aontais san áireamh sna treoirlínte straitéiseacha sin agus beidh siad mar bhunús do phleananna straitéiseacha náisiúnta ilbhliantúla ina ndíreofar ar an méid a leanas:

- cumas iomaíochta thionscal an dotharshaothraithe a fheabhsú agus tacú le forbairt agus le nuálaíocht ann;
- an t-ualach riaracháin a laghdú agus cur chun feidhme dhlí an Aontais a dhéanamh níos éifeachtúla agus níos freagraí do riachtanais na ngeallsealbhoírí;
- gníomhaíocht eacnamaíoch a spreagadh;
- an mianach saoil i gceantair chósta agus i gceantair intíre a éagsúlú agus a fheabhsú;
- gníomhaíochtaí dotharshaothraithe a chomhtháthú i bpleanáil mhuirí, chósta agus spásúlachta mhuirí.

2. Faoin ... (*), bunóidh na Ballstáit plean straitéiseach náisiúnta ilbhliantúil chun forbairt a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí dotharshaothraithe ina gcríocha féin....

3. Áireofar sa phlean straitéiseach náisiúnta ilbhliantúil cuspóirí an Bhallstáit agus na bearta agus na hamchláir is gá le hiad a bhaint amach.

4. Beidh na haidhmeanna seo a leanas go háirithe ag pleananna straitéiseacha náisiúnta ilbhliantúla:

- simplíú riaracháin, go háirithe maidir le meastúcháin agus measúnuithe tionchair agus ceadúnais;
- cinnteacht réasúnta d'oibreoírí dotharshaothraithe i ndáil le rochtain ar uiscí agus ar spás;
- táscairí maidir le hinbhuanaitheacht chomhshaoil, eacnamaíoch agus shóisialta;
- measúnú ar éifeachtaí eile a d'fhéadfadh tarlú thar theorainneacha, go háirithe ar acmhainní bitheolaíochta na mara agus ar éiceachórais na mara i mBallstáit chomharsanacha;

(*) Sé mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

- (e) sineirgí a chruthú idir na cláir taighde náisiúnta agus an comhar idir an tionscal agus an pobal eolaíoch;
- (f) an buntáiste iomaíoch a bhaineann le bia inbhuanaithe ar ardcháilíocht a chur chun cinn;
- (g) Cleachtais agus taighde do bharshaothraithe a chur chun cinn d'fhonn feabhas a chur ar na héifeachtaí dearfacha ar an gcomhshaoil agus ar na hacmhainní éisc, agus tionchair dhiúltacha a laghdú, lena n-áirítear brú a laghdú ar na stoic éisc a úsáidtear le haghaidh táirgthe beatha, agus éifeachtúlacht acmhainní a ardú.
5. Malartóidh Ballstáit faisnéis agus dea-chleachtais trí mhodh oscailte comhardaithe ar na bearta náisiúnta atá i bpleananna straitéiseacha ilbhliantúla náisiúnta.
6. Spreagfaidh an Coimisiún faisnéis agus dea-chleachtas a mhalartú idir Bhallstáit agus éascóidh sé an comhordú de bhearta náisiúnta a fhéachtar sa phlean straitéiseach ilbhliantúil náisiúnta.

CUID VIII

COMHEAGRÚ NA MARGAÍ

Airteagal 35

Cuspóirí

1. Bunófar comheagrú na margaí i dtáirgí iascaigh agus do bharshaothraithe (comheagrú na margaí) ar mhaithe leis an méid seo a leanas:
- (a) na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 2 a bhaint amach, agus go háirithe le saothrú inbhuanaithe bheo-acmhainní bitheolaíoch na mara;
- (b) cur ar chumas thionscal an iascaigh agus thionscal an do bharshaothraithe CBI a chur i bhfeidhm ar an leibhéal iomchuí;
- (c) cumas iomaíochta thionscal an iascaigh agus thionscal an do bharshaothraithe san Aontas a láidriú, go háirithe táirgeoirí;
- (d) trédhearcacht agus cobhsaíocht na margaí a fheabhsú, go háirithe maidir le heolas eacnamaíoch agus tuiscint ar mhargaí an Aontais i dtáirgí iascaigh agus do bharshaothraithe feadh shlabhra an tsoláthair, agus chun a áirithiú go bhfuil cothromaíocht dháileadh an bhreisluacha feadh shlabhra luacha na hearnála níos cothroime agus faisnéis tomhaltóirí a fheabhsú agus feasacht a chur chun cinn, trí fhógra agus/nó lipéadú lena gcuirtear faisnéis chuimsitheach ar fáil;
- (e) rannchuidiú lena áirithiú go mbeidh cothrom iomaíochta ann do gach táirge atá ar an margadh san Aontas trí shaothrú inbhuanaithe na n-acmhainní iascaigh a chur chun cinn;
- (f) cuidiú lena áirithiú go mbeidh soláthar éagsúil táirgí iascaigh agus do bharshaothraithe ag tomhaltóirí;

- (g) foráil a dhéanamh d'fhaisnéis tomhaltóirí a bheidh infhíoraithe agus beacht maidir le thionscnamh táirge agus leis an mbealach ina ndearnadh táirgeadh air, go háirithe trí mharcáil agus lipéadú.

2. Beidh feidhm ag comheagrú na margaí maidir le táirgí iascaigh agus do bharshaothraithe atá liostaithe in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. .../2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ a chuirtear ar an margadh san Aontas.

3. Beidh comheagraíocht na margaí comhdhéanta go háirithe den mhéid seo a leanas:

- (a) eagrú an tionscail, lena n-áirítear bearta chun an margadh a chobhsú;
- (b) táirgeadh agus pleananna margaíochta na n-eagraíochtaí táirgeoirí iascaigh agus do bharshaothraithe;
- (c) comhchaighdeán mhargaíochta;
- (d) faisnéis tomhaltóirí.

CUID IX

RIALÚ AGUS FORFHEIDHMÍÚ

Airteagal 36

Cuspóirí

1. Áiritheofar go gcomhlíonfar rialacha CBI trí bhithin chóras éifeachtach rialaithe iascaigh an Aontais, lena n-áirítear an iascaireacht NNN a chomhrac.
2. Bunófar rialú agus forfheidhmiú CBI go háirithe ar an méid a leanas agus beidh sé comhdhéanta de:
- (a) cur chuige domhanda, comhtháite agus comhchoiteann;
- (b) comhar agus comhordú idir Bhallstáit, an Coimisiún agus an Ghníomhaireacht;
- (c) éifeachtúlacht costais agus comhréireacht;
- (d) úsáid teicneolaíochtaí rialaithe éifeachtacha i leith infhaighteacht agus chaighdeán na sonraí ar iascach;
- (e) creat Aontais um rialú, um chigireacht agus um fhorfheidhmiú
- (f) straitéis bunaithe ar riosca atá dírithe ar chros-seiceáil chórasach agus uathoibríoch ar na sonraí ábhartha go léir atá ar fáil;
- (g) cultúr comhlíontachta agus comhair a fhorbairt i measc na n-oibreoirí agus na n-iascairí ar fad.

Glacfaidh an tAontas bearta iomchuí i ndáil le tríú tíortha a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe.

3. Glacfaidh na Ballstáit bearta iomchuí chun rialú, cigireacht agus forfheidhmiú gníomhaíochtaí a áirithiú a dhéantar faoi chuimsiú CBI, lena n-áirítear pionóis éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha a bhunú.

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 216/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... maidir le comheagrú na margaí i dtáirgí iascaigh agus do bharshaothraithe (féach Seasamh (AE) Uimh. 10/2013 ón gComhairle ar an gcéad léamh, lch. 46 den Iris Oifigiúil seo).

*Airteagal 37***Sainghrúpa maidir le comhlíonadh**

1. Bunóidh an Coimisiún sainghrúpa maidir le comhlíonadh le go ndéanfar cur chun feidhme agus comhlíonadh na n-oibleagáidí faoi chóras rialaithe iascaigh an Aontais a mheasúnú, a éascú agus a neartú.
2. Ionadaithe ón gCoimisiún agus ó na Ballstáit a bheidh ar an sainghrúpa maidir le comhlíonadh. Ar iarraidh ó Pharlaimint na hEorpa, féadfaidh an Coimisiún iarraidh ar Pharlaimint na hEorpa saineolaithe a chur chuig na cruinnithe a bheidh ag an sainghrúpa. Féadfaidh an Ghníomhaireacht cuidiú ag na cruinnithe a bheidh ag an sainghrúpa maidir le comhlíonadh i gcáil mar bhreathnóir.
3. Go háirithe tabharfaidh an grúpa saineolaithe faoin méid a leanas:
 - (a) athbhreithniú rialta ar shaincheisteanna a bhaineann le comhlíonadh agus le cur chun feidhme faoi chóras rialaithe iascaigh an Aontais agus deacrachtaí comhleasa a d'fhéadfadh a bheith ann i ndáil le cur chun feidhme rialacha CBI a shainaithint;
 - (b) comhairle a fhoirmiú i ndáil le rialacha CBI a chur chun feidhme, lena n-áirítear cúnaimh airgeadais Aontais a eagrú de réir tosaíochta; agus
 - (c) faisnéis a roinnt maidir le gníomhaíochtaí rialaithe agus cigireachta, lena n-áirítear iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chomhrac.
4. Cuirfidh an Grúpa Saineolaithe maidir le comhlíonadh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas ar bhonn rialta i dtaca leis na gníomhaíochtaí a bhaineann le comhlíonadh dá dtagraítear i mír 3.

*Airteagal 38***Treoirthionscadail maidir le teicneolaíochtaí rialaithe agus córais bhainistíochta sonraí nua**

Féadfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit treoirthionscadail a chur ar bun maidir le teicneolaíochtaí rialaithe agus córais bhainistíochta sonraí nua.

*Airteagal 39***Ranníocaíocht le costais rialaithe, chigireachta, forfheidhmithe agus bailithe sonraí**

Féadfaidh na Ballstáit ceangal a chur ar a gcuid oibreoirí ranníoc go comhréireach leis na costais oibríochtúla a bhaineann le córas rialaithe iascaigh an Aontais a chur chun feidhme agus le bailiú sonraí.

CUID X

IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS*Airteagal 40***Cuspóirí**

Féadfar cúnaimh airgeadais an Aontais a bhronnadh chun cuidiú leis na cuspóirí atá leagtha amach in Airteagal 2 a bhaint amach.

*Airteagal 41***Coinníollacha maidir le cúnaimh airgeadais do Bhallstáit**

1. Faoi réir na gcoinníollacha a shonrófar i ngníomhartha dlíthiúla an Aontais is infheidhme, beidh cúnaimh airgeadais an Aontais a thugtar do Bhallstáit ag brath ar rialacha CBI a bheith comhlíonta ag na Ballstáit.
2. Mura gcomhlíonfaidh Ballstáit rialacha CBI, féadfar cur isteach ar íocaíochtaí nó iad a chur ar fionraí nó féadfar ceartú airgeadais a chur i bhfeidhm ar chúnaimh airgeadais an Aontais faoi CBI. Beidh bearta den chineál sin comhréireach le cineál, tromchúis agus fad an neamhchomhlíonta, agus cibé an ndéantar é a athdhéanamh.

*Airteagal 42***Coinníollacha maidir le cúnaimh airgeadais d'oibreoirí**

1. Faoi réir na gcoinníollacha a shonrófar i ngníomhartha dlíthiúla an Aontais is infheidhme, beidh cúnaimh airgeadais an Aontais a thugtar d'oibreoirí ag brath ar rialacha CBI a bheith comhlíonta ag oibreoirí.
2. Faoi réir rialacha sonracha atá le glacadh, féadfar toirmeasc sealadach nó buan a chur ar an bhfáil atá ag oibreoirí ar chúnaimh airgeadais an Aontais agus/nó cuirfear laghduithe airgeadais i bhfeidhm, má dhéanann oibreoirí sárúithe tromchúiseacha ar rialacha CBI. Beidh bearta den chineál, a dhéanfaidh an Ballstáit, sin athchomhairleach, éifeachtach agus comhréireach le cineál, tromchúis, fad agus athdhéanamh na sárúithe tromchúiseacha.
3. Áiritheoidh na Ballstáit nach dtabharfar cúnaimh airgeadais an Aontais ach amháin sa chás nach bhfuil aon phionóis forchurtha ar an oibreoir lena mbaineann mar thoradh ar shárúithe tromchúiseacha laistigh de thréimhse bliana amháin roimh dháta an iarratais ar chúnaimh airgeadais an Aontais.

CUID XI

COMHAIRLÍ COMHAIRLEACHA*Airteagal 43***Comhairlí Comhairleacha a bhunú**

1. Bunófar Comhairlí Comhairleacha do gach ceantar geografach nó réimse inniúlachta atá leagtha amach in Iarscríbhinn III, chun ionadaíocht chothrom ar gach páirtí leasmhar a chur chun cinn i gcomhréir le hAirteagal 45(1) agus cuidiú le baint amach na gcuspóirí atá leagtha síos in Airteagal 2.
2. Go háirithe, bunófar na Comhairlí Comhairleacha nua a leanas, i gcomhréir le hIarscríbhinn III:
 - (a) Comhairle Chomhairleach um na réigiúin is forimeallaí, arna roinnt i trí chuid le haghaidh gach ceann de na himchuacha seo a leanas: An tAtlantach Thiar, an tAtlantach Thoir agus an tAigéan Indiach;
 - (b) Comhairle Chomhairleach um dhobharshaothrú;
 - (c) Comhairle Chomhairleach um margaí;
 - (d) Comhairle Chomhairleach um an Muir Dhubh.
3. Bunóidh gach Comhairle Chomhairleach a rialacha nós imeachta féin.

*Airteagal 44***Cúraimí na gComhairlí Comhairleacha**

1. Agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm, rachaidh an Coimisiún, i gcás inarb ábhartha, i gcomhairle leis na Comhairlí Comhairleacha i gcás inarb ábhartha, agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm.

2. Féadfaidh na Comhairlí Comhairleacha:

(a) moltaí agus meabhraíochtaí a chur faoi bhráid an Choimisiúin agus an Bhallstáit lena mbaineann maidir le hábhair a bhaineann le hiascaigh a bhainistiú agus le gnéithe socheachnamaíocha agus caomhnaithe iascach agus dobharshaothraithe. Go háirithe, féadfaidh Comhairlí Comhairleacha moltaí a chur isteach maidir le conas rialacha i ndáil le bainistiú iascach a shimpliú.

(b) an Coimisiún agus na Ballstáit a chur ar an eolas faoi fhadhbanna a bhaineann le bainistiú agus le gnéithe socheachnamaíocha agus caomhnaithe iascaigh agus, i gcás inarb iomchuí, le dobharshaothrú ina gceantar geografach nó ina réimse inniúlachta, agus moltaí a thabhairt chun na fadhbanna sin a shárú;

(c) rannchuidiú, i ndlúthchomhar le heolaithe, le bailiú, soláthar agus anailísíú na sonraí is gá chun bearta caomhnaithe a fhorbairt.

Má tá leas coiteann ag dhá Chomhairle Comhairleach nó níos mó ná sin, déanfaidh siad a seasaimh a chomhordú d'fhonn moltaí comhpháirteacha a ghlacadh maidir leis an gceist sin.

3. Rachfar i gcomhairle le Comhairlí Comhairleacha maidir le moltaí comhpháirteacha de bhun Airteagal 18. Féadfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit dul i gcomhairle leo maidir le bearta eile freisin. Cuirfear an chomhairle a thugann siad san áireamh. Beidh na comhairliúcháin sin gan dochar do chomhairliúcháin le STECF nó le comhlachtaí eolaíochta eile. D'fhéadfaí tuairimí na gComhairlí Comhairleacha a chur faoi bhráid na mBallstát uile lena mbaineann agus faoi bhráid an Choimisiúin.

4. Tabharfaidh an Coimisiún agus, i gcás inarb ábhartha, an Ballstát lena mbaineann, freagra, laistigh de dhá mhí, ar aon mholadh nó ar aon mheabhraíocht nó ar aon fhaisnéis a gheofar de bhun mhír 1. I gcás ina n-imíonn na bearta deiridh a ghlacadh ó thuairimí, ó mholtaí nó ó mheabhraíochtaí na gComhairlí Comhairleacha a gheobhfar de bhun mhír 1, luafaidh an Coimisiún nó an Ballstát lena mbaineann na cúiseanna mionsonraithe i dtaobh cén chúis a n-imíonn siad óna chéile.

*Airteagal 45***Comhdhéanamh, feidhmiú agus maoiniú na gComhairlí Comhairleacha**

1. Beidh na Comhairlí Comhairleacha comhdhéanta de:

(a) eagraíochtaí a ndéanann ionadaíocht ar iascach agus, i gcás inarb iomchuí, ar oibreoirí dobharshaothraithe, agus d'ionadaithe na hearnála próiseála agus margáíochta;

(b) grúpaí leasmhara eile a ndéanann CBI difear dóibh, mar shampla, eagraíochtaí comhshaoil agus grúpaí tomhaltóirí.

2. Beidh gach Comhairle Chomhairleach comhdhéanta de thionól ginearálta agus coiste feidhmiúcháin, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, rúnaíocht agus meithleacha chun déileáil leis na ceisteanna a bhaineann le comhar réigiúnach de bhun Airteagal 18, agus ghlacfaidh sí na bearta is gá chun í a fheidhmiú.

3. Feidhmeoidh na Comhairlí Comhairleacha agus gheobhaidh siad airgeadas amhail dá bhforáiltear in Iarscríbhinn III

4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 46 maidir le sonraí feidhmiú na gComhairlí Comhairleacha.

CUID XII

FORÁLACHA NÓS IMEACHTA*Airteagal 46***Tarmligeán a fheidhmiú**

1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo.

2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 11(3), Airteagal 15(2), (3), (6), (7), agus Airteagal 45(4)a ghlacadh go ceann tréimhse cúig bliana ón ... (*) Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligeán na cumhachta. Déanfar tarmligeán na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligeán na cumhachta dá dtagraítear Airteagal 11(3), Airteagal 15(2), (3), (6), (7), agus Airteagal 45(4) a chúlghairm tráth ar bith. I gcás cinneadh maidir le haisghairm, cuirfear deireadh le tarmligeán na gcumhachtaí a bheidh sonraithe sa chinneadh sin. Beidh éifeacht leis an lá tar éis an cinneadh a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta ina dhiaidh sin a bheidh sonraithe ann. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon cheann de na gníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle go comhuaineach.

5. Tiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 11(3), Airteagal 15(2), (3), (6), (7), agus Airteagal 45(4) i bhfeidhm ach amháin má dhéanann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid ina choinne laistigh de thréimhse dhá mhí ó cuireadh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoin ngníomh sin nó má chuireann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon in iúl don Choimisiún, roimh dhul in éag na tréimhse sin, nach ndéanfaidh siad agóid ina choinne. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

(*) Dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

*Airteagal 47***Nós imeachta coiste**

1. Beidh Coiste um iascach agus dhobharshaothrú de chúnamh ag an gCoimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste laistigh de bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

I gcás nach dtugann an coiste tuairim maidir le dréachtghníomh cur chun feidhme a bheidh le glacadh de bhun Airteagal 23, ní ghlacfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme agus beidh feidhm ag an tríú fómhír d'Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, i gcomhar le hAirteagal 5 den Rialachán sin.

CUID XIII

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA*Airteagal 48***Aisghairm agus leasuithe**

1. Aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002.

Déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo.

2. Déantar Cinneadh (CE) Uimh. 2004/585 a aisghairm le héifeacht ó theacht i bhfeidhm na rialacha arna nglacadh faoi Airteagal 45(4) den Rialachán seo.

3. Scriostar Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle ⁽¹⁾.

4. Aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle ⁽²⁾.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa ...

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

...

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

...

5. In Airteagal 105 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

'3a. De mhaolú ar mhír 2 agus ar mhír 3, ní bheidh feidhm ag fachtóir méadaithe ar ghabhálacha atá faoi réir oibleagáid iad a thabhairt i dtír i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. .../2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... maidir leis an gComhbheartas Iascaigh (*): Cuir isteach, le do thoil, sraithuimhir agus dáta an Rialacháin seo agus cuir an tagairt IO don Rialachán seo sa fonóta roimhe seo, ar choinníoll nach sáraíonn an ró-iascaireacht 10 % de na gabhálacha ceadaithe san iomlán.

(*) IO L ...'.

*Airteagal 49***Athbhreithniú**

Tuairisceoidh an Coimisiún do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le feidhmiú CBI faoin 31 Nollaig 2022.

*Airteagal 50***Tuarascáil bhliantúil**

Tuairisceoidh an Coimisiún go bliantúil do Pharlaimint na hEorpa don Chomhairle maidir leis an dul chun cinn atá déanta i leith uastáirgeacht inbhuanaithe a sheachadadh agus maidir le cas na stoc éisc, a luaithe is féidir tar éis an Rialacháin bhliantúil ón gComhairle a ghlacadh lena socraítear na deiseanna iascaireachta atá ar fáil in uiscí an Aontais agus, in uiscí ar leith nach bhfuil san Aontas, do shoithí de chuid an Aontais.

*Airteagal 51***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2014

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle maidir le bainistiú na hiarrachta iascaireachta a bhaineann le limistéir agus acmhainní áirithe iascaireachta agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2847/93 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 635/95 agus (CE) Uimh. 2027/95 (IO L 289, 7.11.2003, lch. 1).

⁽²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle an 30 Márta 2004 maidir le cabhlaigh iascaireachta atá cláraithe sna réigiúin is forimeallaí sa Chomhphobal a bhainistiú (IO L 102, 7.4.2004, lch. 9).

IARSCRIBHINN I

ROCHTAIN AR UISCÍ CÓSTA DE RÉIR BHRÍ AIRTEAGAL 5(2)

1. Uiscí cósta na ríochta aontaithe

A. Rochtain don fhrainc

Ceantar geografach	Speiceas	Tábhacht nó tréithe ar leith
Cósta na Ríochta Aontaithe (idir 6 agus 12 mhuirmhíle)		
1. Berwick-upon-Tweed soir Coquet Island soir	Scadán	Gan teorainn
2. Flamborough Head soir Spurn Head soir	Scadán	Gan teorainn
3. Lowestoft soir Lyme Regis ó dheas	Gach speiceas	Gan teorainn
4. Lyme Regis ó dheas Eddystone ó dheas	Iasc grinnill	Gan teorainn
5. Eddystone ó dheas Longships ó dheas-west	Iasc grinnill	Gan teorainn
	Muiríní	Gan teorainn
	Gliomach	Gan teorainn
	Piárdóg	Gan teorainn
6. Longships siar ó dheas Hartland Point siar o thuaidh	Iasc grinnill	Gan teorainn
	Piárdóg	Gan teorainn
	Gliomach	Gan teorainn
7. Rinn Hartland go dtí líne ó thuaidh ó Oileán Lundy	Iasc grinnill	Gan teorainn
8. Ó líne siar díreach ó Oileán Lundy go Cuan Cardigan	Gach speiceas	Gan teorainn
9. Rinn Lynas ó thuaidh Long sholais Bhá Morecambe soir	Gach speiceas	Gan teorainn
10. Contae an Dúin	Iasc grinnill	Gan teorainn
11. New Island soir ó thuaidh Ábhainn (Sanda) siar ó dheas	Gach speiceas	Gan teorainn
12. Port Stíobhaird ó thuaidh Ceann Bharraidh siar	Gach speiceas	Gan teorainn
13. Domhanleithead 57°40'N Rudha Robhanais (Butt of Lewis) siar	Gach speiceas, seachas sliogéisc	Gan teorainn
14. Hiort, Oileáin Flannan	Gach speiceas	Gan teorainn
15. Siar ón líne a cheanglaíonn teach solais Rudha Robhanais leis an bpointe 59°30'N-5°45'W	Gach speiceas	Gan teorainn

B. *Rochtain d'éirinn*

Ceantar geografach	Speiceas	Tábhacht nó tréithe ar leith
Cósta na Ríochta Aontaithe (idir 6 agus 12 mhuirmhíle)		
1. Rinn Lynas ó thuaidh Maol na nGall ó dheas	Iasc grinnill	Gan teorainn
	Nephrops	Gan teorainn
2. Maol na hObha siar Ceann Bharraidh siar	Iasc grinnill	Gan teorainn
	Nephrops	Gan teorainn

C. *Rochtain don ghearmáin*

Ceantar geografach	Speiceas	Tábhacht nó tréithe ar leith
Cósta na Ríochta Aontaithe (idir 6 agus 12 mhuirmhíle)		
1. Soir ó Inse Shealtainn agus Eilean nan Caorach idir línte arna dtarraingt díreach soir ó dheas ó theach solais Cheann Shumbroig díreach soir ó thuaidh ó theach solais Skroo agus díreach siar ó dheas ó theach solais Skadan	Scadán	Gan teorainn
2. Berwick-upon-Tweed soir, Teach solais Whitby High soir	Scadán	Gan teorainn
3. Teach solais North Foreland soir, Teach solais nua Dungeness ó dheas	Scadán	Gan teorainn
4. An limistéar mórtimpeall Hiort	Scadán	Gan teorainn
	Ronnach	Gan teorainn
5. Teach solais Rudha Robhanais siar go dtí an líne a cheanglaíonn teach solais Rudha Robhanais agus an pointe 59°30'N-5°45'W	Scadán	Gan teorainn
6. An limistéar mórtimpeall Rónaigh Thuaidh agus Sulasgeir	Scadán	Gan teorainn

D. *Rochtain don ísiltír*

Ceantar geografach	Speiceas	Tábhacht nó tréithe ar leith
Cósta na Ríochta Aontaithe (idir 6 agus 12 mhuirmhíle)		
1. Soir ó Inse Shealtainn agus Eilean nan Caorach idir línte arna dtarraingt díreach soir ó dheas ó theach solais Cheann Shumbroig díreach soir ó thuaidh ó theach solais Skroo agus díreach siar ó dheas ó theach solais Skadan	Scadán	Gan teorainn
2. Berwick upon Tweed soir, Ceann Flamborough soir	Scadán	Gan teorainn
3. North Foreland soir, Teach solais nua Dungeness ó dheas	Scadán	Gan teorainn

E. *Rochtain don bheilg*

Ceantar geografach	Speiceas	Tábhacht nó tréithe ar leith
Cósta na Ríochta Aontaithe (idir 6 agus 12 mhuirmhíle)		
1. Berwick upon Tweed soir Oileán Coquet soir	Scadán	Gan teorainn
2. Cromer ó thuaidh North Foreland soir	Iasc grinnill	Gan teorainn
3. North Foreland soir Teach solais nua Dungeness ó dheas	Iasc grinnill	Gan teorainn
	Scadán	Gan teorainn
4. Teach solais nua Dungeness ó dheas, Selsey Bill ó dheas	Iasc grinnill	Gan teorainn
5. Straight Point soir ó dheas, South Bishop siar ó thuaidh	Iasc grinnill	Gan teorainn

2. **Uiscí cósta na héireann**A. *Rochtain don fhrainc*

Ceantar geografach	Speiceas	Tábhacht nó tréithe ar leith
Cósta na hÉireann (idir 6 agus 12 mhuirmhíle)		
1. Ceann Iorrais siar ó thuaidh Ceann Sibéal siar	Iasc grinnill	Gan teorainn
	Nephrops	Gan teorainn
2. Carn Uí Néid ó dheas Na Stácaí ó dheas	Iasc grinnill	Gan teorainn
	Nephrops	Gan teorainn
	Ronnach	Gan teorainn
3. Na Stácaí ó dheas Corcaigh ó dheas	Iasc grinnill	Gan teorainn
	Nephrops	Gan teorainn
	Ronnach	Gan teorainn
	Scadán	Gan teorainn
4. Corcaigh ó dheas, Ceann an Chairn ó dheas	Gach speiceas	Gan teorainn
5. Ceann an Chairn ó dheas, Inis Sionnach soir ó dheas	Gach speiceas, seachas sliogéisc	Gan teorainn

B. *Rochtain don ríocht aontaithe*

Ceantar geografach	Speiceas	Tábhacht nó tréithe ar leith
Cósta na hÉireann (idir 6 agus 12 mhuirmhíle)		
1. Mionn Ard ó dheas Rinn Duáin	Iasc grinnill	Gan teorainn
	Scadán	Gan teorainn
	Ronnach	Gan teorainn
2. Rinn Duáin Loch Cairlinn	Iasc grinnill	Gan teorainn
	Scadán	Gan teorainn
	Ronnach	Gan teorainn
	Nephrops	Gan teorainn
	Muiríní	Gan teorainn

C. *Rochtain don ísiltír*

Ceantar geografach	Speiceas	Tábhacht nó tréithe ar leith
Cósta na hÉireann (idir 6 agus 12 mhuirmhíle)		
1. Na Stácaí ó dheas Ceann an Chairn ó dheas	Scadán	Gan teorainn
	Ronnach	Gan teorainn

D. *Rochtain don ghearmáin*

Ceantar geografach	Speiceas	Tábhacht nó tréithe ar leith
Cósta na hÉireann (idir 6 agus 12 mhuirmhíle)		
1. An Seancheann ó dheas Ceann an Chairn ó dheas	Scadán	Gan teorainn
2. Corcaigh ó dheas Ceann an Chairn ó dheas	Ronnach	Gan teorainn

E. *Rochtain don bheilg*

Ceantar geografach	Speiceas	Tábhacht nó tréithe ar leith
Cósta na hÉireann (idir 6 agus 12 mhuirmhíle)		
1. Corcaigh ó dheas Ceann an Chairn ó dheas	Iasc grinnill	Gan teorainn
2. Ceann Chill Mhantáin soir Loch Cairlinn soir ó dheas	Iasc grinnill	Gan teorainn

3. Uiscí cósta na beilge

Ceantar geografach	An Ballstát	Speiceas	Tábhacht nó tréithe ar leith
Idir 3 agus 12 mhuirmhíle	An Ísiltír	Gach speiceas	Gan teorainn
	An Fhrainc	Scadán	Gan teorainn

4. Uiscí cósta na danmhairge

Ceantar geografach	An Ballstát	Speiceas	Tábhacht nó tréithe ar leith
--------------------	-------------	----------	------------------------------

Cósta na Mara Thuaidh (Ó theorainn na Danmhairge/na Gearmáine go dtí Hanstholm)

(6 go 12 mhuirmhíle)

Ó theorainn na Danmhairge/na Gearmáine go dtí Blåvands Huk	An Ghearmáin	Iasc leathógach	Gan teorainn
		Séaclaí agus cloicheáin	Gan teorainn
	An Ísiltír	Iasc leathógach	Gan teorainn
		Iasc cruinn	Gan teorainn
Ó Blåvands Huk go dtí Bovbjerg	An Bheilg	Trosc	Gan teorainn ó 1 Meitheamh go 31 Iúil amháin
		Cadóg	Gan teorainn ó 1 Meitheamh go 31 Iúil amháin
	An Ghearmáin	Iasc leathógach	Gan teorainn
	An Ísiltír	Leathóg	Gan teorainn
		Sól	Gan teorainn
	Ó Thyborøn go dtí Hanstholm	An Bheilg	Faoitín
Leathóg			Gan teorainn ó 1 Meitheamh go 31 Iúil amháin
An Ghearmáin		Iasc leathógach	Gan teorainn
		Salán	Gan teorainn
		Trosc	Gan teorainn
		Liúdar	Gan teorainn
		Cadóg	Gan teorainn
		Ronnach	Gan teorainn
		Scadán	Gan teorainn
Faoitín	Gan teorainn		

Ceantar geografach	An Ballstát	Speiceas	Tábhacht nó tréithe ar leith
	An Ísiltír	Trosc	Gan teorainn
		Leathóg	Gan teorainn
		Sól	Gan teorainn
Skagerrak (Hanstholm go dtí Skagen) (idir 4 agus 12 mhuirmhíle)	An Bheilg	Leathóg	Gan teorainn ó 1 Meitheamh go 31 Iúil amháin
	An Ghearmáin	Iasc leathógach	Gan teorainn
		Salán	Gan teorainn
		Trosc	Gan teorainn
		Liúdar	Gan teorainn
		Cadóóg	Gan teorainn
		Ronnach	Gan teorainn
		Scadán	Gan teorainn
	Faoitín	Gan teorainn	
	An Ísiltír	Trosc	Gan teorainn
		Leathóg	Gan teorainn
		Sól	Gan teorainn
	Kattegat (idir 3 agus 12 mhuirmhíle)	An Ghearmáin	Trosc
Iasc leathógach			Gan teorainn
Nephrops			Gan teorainn
Scadán			Gan teorainn
Ó thuaisceart Zeeland go dtí líne dhomhanleithid a théann trí theach solais Forsnæs	An Ghearmáin	Salán	Gan teorainn
Muir Bhailt (lena n-áirítear na Belts, Øresund, Bornholm) idir 3 agus 12 mhuirmhíle	An Ghearmáin	Iasc leathógach	Gan teorainn
		Trosc	Gan teorainn
		Scadán	Gan teorainn
		Salán	Gan teorainn
		Eascann	Gan teorainn
		Bradán	Gan teorainn
		Faoitín	Gan teorainn
Ronnach	Gan teorainn		

Ceantar geografach	An Ballstát	Speiceas	Tábhacht nó tréithe ar leith
Skagerrak (idir 4 agus 12 mhuirmhíle)	An tSualainn	Gach speiceas	Gan teorainn
Kattegat (3 agus 12 mhuirmhíle ⁽¹⁾)	An tSualainn	Gach speiceas	Gan teorainn
Muir Bhailt (idir 3 agus 12 mhuirmhíle)	An tSualainn	Gach speiceas	Gan teorainn

(¹) Arna thomhas ón líne chósta.

5. Uiscí cósta na gearmáine

Ceantar geografach	An Ballstát	Speiceas	Tábhacht nó tréithe ar leith
Cósta na Mara Thuaidh (idir 3 agus 12 mhuirmhíle) gach cósta	An Danmhairg	Iasc grinnill	Gan teorainn
		Salán	Gan teorainn
		Corr ghainimh	Gan teorainn
	An Ísiltír	Iasc grinnill	Gan teorainn
		Séaclaí agus cloicheáin	Gan teorainn
Ó theorainn na Danmhairge/na Gearmáine go dtí pointe ó thuaidh Amrum ag 54°43'N	An Danmhairg	Séaclaí agus cloicheáin	Gan teorainn
An limistéar mórthimpeall Helgoland	An Ríocht Aontaithe	Trosc	Gan teorainn
		Leathóg	Gan teorainn
An Cósta Baltach (idir 3 agus 12 mhuirmhíle)	An Danmhairg	Trosc	Gan teorainn
		Leathóg	Gan teorainn
		Scadán	Gan teorainn
		Salán	Gan teorainn
		Eascann	Gan teorainn
		Faoitín	Gan teorainn
		Ronnach	Gan teorainn

6. Uiscí cósta na Fraince agus na ranna thar lear

Ceantar geografach	An Ballstát	Speiceas	Tábhacht nó tréithe ar leith
Cósta an Atlantaigh Thoir Thuaidh (idir 6 agus 12 mhuirmhíle)			
Ó teorainn na Beilge/na Fraince go dtí oirthear Departement Manche (inbhear Vire-Grandcamp les Bains 49° 23' 30" N-1° 2'WNNE)	An Bheilg	Iasc grinnill	Gan teorainn
		Muiríní	Gan teorainn
	An Ísiltír	Gach speiceas	Gan teorainn
Ó Dunkerque (2° 20' E) go dtí Cap d'Antifer (0° 10' E)	An Ghearmáin	Scadán	Gan teorainn ón 1 Deireadh Fómhair go dtí an 31 Nollaig amháin
Ó teorainn na Beilge/na Fraince go dtí Cap d'Alprech siar (50° 42' 30" N - 1° 33' 30" E)	An Ríocht Aontaithe	Scadán	Gan teorainn
Cósta an Atlantaigh (idir 6 agus 12 mhuirmhíle)			
Ó teorainn na Spáinne/na Fraince go dtí 46° 08' N	An Spáinn	Ainseabhaithe	Iascaireacht threoraithe, gan teorainn idir an 1 Márta agus an 30 Meitheamh amháin
			Iascaireacht i gcomhair baoite bheo idir an 1 Iúil agus an 31 Deireadh Fómhair amháin
		Sairdíní	Gan teorainn idir an 1 Eanáir agus an 28 Feabhra, agus idir an 1 Iúil agus an 31 Nollaig amháin Ina theannta sin, ní mór tabhairt faoi ghníomhaíochtaí a bhaineann leis na speicis thuasluaite i gcomhréir le teorainneacha na ngníomhaíochtaí a rinneadh le linn 1984 agus laistigh de na teorainneacha sin.
Cósta na Meánmhara (idir 6 agus 12 mhuirmhíle)			
Teorainn na Spáinne/Cap Leucate	An Spáinn	Gach speiceas	Gan teorainn

7. Uiscí cósta na Spáinne

Ceantar geografach	An Ballstát	Speiceas	Tábhacht nó tréithe ar leith
Cósta an Atlantaigh (idir 6 agus 12 mhuirmhíle)			
Ó teorainn na Fraince/na Spáinne go dtí teach solas Cap Mayor (3° 47' W)	An Fhrainc	Iasc peiligeach	Gan teorainn i gcomhréir le teorainneacha na ngníomhaíochtaí a saothraíodh i rith 1984 agus laistigh de na teorainneacha sin.
Cósta na Meánmhara (idir 6 agus 12 mhuirmhíle)			
Teorainn na Fraince/Cap Creus	An Fhrainc	Gach speiceas	Gan teorainn

8. Uiscí cósta na cróite ⁽¹⁾

Ceantar geografach	An Ballstát	Speiceas	Tábhacht nó tréithe ar leith
12 mhíle agus é teoranta don limistéar mara faoi dhlíne na Slóivéine atá lonnaithe ó thuaidh den líne 45 céim agus 10 nóiméad dhomhanleithid ó thuaidh fad chósta thiar Istria, amach ó theorainn fhorimeallach fharraige teorann na Cróite, nuair a bhuaileann an domhanleithead seo talamh chósta thiar Istria (ceann Grgatov rt Funtana)	an tSlóivéin	Iasc grinnill agus speiceas beag peiligeach ilena n-áirítear mionsairdín agus ainseabhaí	100 tonna do líon uasta 25 soithí iascaireachta lena n-áirítear 5 soithí iascaireachta atá feistithe le trál equipped with trawl nets

(1) Beidh feidhm ag an gcóras thuasluaite ó chur i bhfeidhm iomlán an chinnidh eadrána a eascraíonn ón gComhaontú Eadrána idir Rialtas Phoblacht na Slóivéine agus Rialtas Phoblacht na Cróite, arna síníú i Stócólm an 4 Samhain 2009.

9. Uiscí cósta na hísiltíre

Ceantar geografach	An Ballstát	Speiceas	Tábhacht nó tréithe ar leith
(idir 3 agus 12 mhuirmhíle) an cósta iomlán	An Bheilg	Gach speiceas	Gan teorainn
	An Danmhairg	Iasc grinnill	Gan teorainn
		Salán	Gan teorainn
		Corr ghainimh	Gan teorainn
		Bolmán	Gan teorainn
	An Ghearmáin	Trosc	Gan teorainn
Séaclaí agus cloicheáin		Gan teorainn	
(idir 6 agus 12 mhuirmhíle) an cósta iomlán	An Fhrainc	Gach speiceas	Gan teorainn
Pointe theas Texel, siar go teorainn na hÍsiltíre/na Gearmáine	An Ríocht Aontaithe	Iasc grinnill	Gan teorainn

10. Uiscí cósta na Slóivéine ⁽¹⁾

Ceantar geografach	An Ballstát	Speiceas	Tábhacht nó tréithe ar leith
12 mhíle agus é teoranta don limistéar mara faoi dhlíne na Slóivéine atá lonnaithe ó thuaidh den líne 45 céim agus 10 nóiméad dhomhanleithid ó thuaidh fad chósta thiar Istria, amach ó theorainn fhorimeallach fharraige teorann na Cróite, nuair a bhuaileann an domhanleithead seo talamh chósta thiar Istria (ceann Grgatov rt Funtana)	An Chróit	Iasc grinnill agus speiceas beag peiligeach ilena n-áirítear mionsairdín agus ainseabhaí	100 tonna do líon uasta 25 soithí iascaireachta lena n-áirítear 5 soithí iascaireachta atá feistithe le trál equipped with trawl nets

(¹) Beidh feidhm ag an gcóras thuasluaite ó chur i bhfeidhm iomlán an chinnidh eadrána a eascraíonn ón gComhaontú Eadrána idir Rialtas Phoblacht na Slóivéine agus Rialtas Phoblacht na Cróite, arna síníú i Stócólm an 4 Samhain 2009.

11. Uiscí cósta na Fionlainne

Ceantar geografach	An Ballstát	Speiceas	Tábhacht nó tréithe ar leith
Muir Bhailt (idir 4 agus 12 mhuirmhíle) (¹).	An tSualainn	Gach speiceas	Gan teorainn

(¹) Idir 3 agus 12 mhuirmhíle timpeall Oileáin Bogskär

12. Uiscí cósta na Sualainne

Ceantar geografach	An Ballstát	Speiceas	Tábhacht nó tréithe ar leith
Skagerrak (idir 4 agus 12 mhuirmhíle)	An Danmhairg	Gach speiceas	Gan teorainn
Kattegat (idir 3 agus 12 mhuirmhíle) (¹)	An Danmhairg	Gach speiceas	Gan teorainn
Muir Bhailt (idir 4 agus 12 mhíle)	An Danmhairg	Gach speiceas	Gan teorainn
	An Fhionlainn	Gach speiceas	Gan teorainn

(¹) Arna thomhas ón líne chósta

IARSCRÍBHINN II

UASTEORAINNEACHA LE hAGHAIDH ACMHAINNE IASCAIREACHTA

An Ballstát	Uasteorainneacha (bunaithe ar an staid mar a bhí sé an 31 Nollaig 2010)	
	GT	kW
An Bheilg	18 962	51 586
An Bhulgáir	7 250	62 708
An Danmhairg	88 762	313 333
An Ghearmáin	71 117	167 078
An Eastóin	21 677	52 566
Éire	77 568	210 083
An Ghréig	84 123	469 061
An Spáinn (réigiúin fhorimeallacha san áireamh)	423 550	964 826
An Fhrainc (réigiúin fhorimeallacha san áireamh)	214 282	1 166 328
An Chróit	53 452	426 064
An Iodáil	173 506	1 070 028
An Chipir	11 021	47 803
An Laitvia	46 418	5 846
An Liotuáin	73 489	73 516
Málta	14 965	95 776
An Ísiltír	166 859	350 736
An Pholainn	38 270	90 776
An Phortaingéil (réigiúin fhorimeallacha san áireamh)	114 549	386 539
An Rómáin	1 908	6 356
An tSlóivéin	675	8 867
An Fhionlainn	18 066	181 717
An tSualainn	43 386	210 829
An Ríocht Aontaithe	231 106	909 141

Réigiúin fhorimeallacha an Aontais	Uasteorainneacha (bunaithe ar an staid mar a bhí sé an 31 Nollaig 2010)	
	GT	kW
An Spáinn		
Na hOileáin Chanáracha: F ⁽¹⁾ < 12 m. Uiscí an Aontais	2 617	20 863
Na hOileáin Chanáracha: F > 12 m. Uiscí an Aontais	3 059	10 364
Na hOileáin Chanáracha: F > 12 m. Uiscí idirnáisiúnta agus tríú tíortha	28 823	45 593
An Fhrainc		
La Réunion: Speicis ghrinnill agus pheiligeacha. F < 12 m	1 050	19 320
La Réunion: Speicis pheiligeacha. F > 12 m	10 002	31 465
Guáin na Fraince: Speicis ghrinnill agus pheiligeacha. Fad < 12 m	903	11 644
Guáin na Fraince: Soithí séaclaí	7 560	19 726
Guáin na Fraince: Speicis pheiligeacha. Soithí mórmhara.	3 500	5 000
Martinique: Speicis ghrinnill agus pheiligeacha. F < 12 m	5 409	142 116
Martinique: Speicis pheiligeacha. F > 12 m	1 046	3 294
Guadalúip: Speicis ghrinnill agus pheiligeacha. F < 12 m	6 188	162 590
Guadalúip: Speicis pheiligeacha. F > 12 m	500	1 750
An Phortaingéil		
Maidéara: Speicis ghrinnill. F < 12 m	604	3 969
Maidéara: Speicis ghrinnill agus pheiligeacha. F > 12 m	4 114	12 734
Maidéara: Speicis pheiligeacha. Saighne. F > 12 m	181	777
Na hAsóir: Speicis ghrinnill. F < 12 m	2 617	29 870
Na hAsóir: Speicis ghrinnill agus pheiligeacha. F > 12 m	12 979	25 721
⁽¹⁾ Ciallaíonn "F" fad foriomlán an tsoithigh		

IARSCRÍBHINN III

COMHAIRLÍ COMHAIRLEACHA

1. Ainm agus réimse na gComhairlí Comhairleacha

Ainm	Réimsí inniúlachta
Muir Bhailt	Ranna ICES IIIb, IIIc agus IIId
An Mhuir Dhubh	ciallaíonn "an Mhuir Dhubh" fo-cheantar geografach CIGM [Coimisiún Iascaigh Ginearálta don Mheánmhuir] arna shainmhíniú sa rún GFCM/33/2009/2
An Mheánmhuir	Uiscí farraige na Meánmhara soir ó líne 5°36' siar
An Mhuir Thuaidh	Ranna ICES IV agus IIIa
Uiscí an Iarthuaiscirt	Ranna ICES V (seachas Va agus uiscí an Aontais in Vb amháin), VI agus VII
Uiscí an Iardheiscirt	Ranna ICES VIII, IX agus X (uiscí timpeall ar na hAsóir), agus limistéir CECAF 34.1.1, 34.1.2 agus 34.2.0 (uiscí timpeall ar Mhaidéara agus ar na hOileáin Chanáracha)
Na réigiúin is forimeallaí	Uiscí an Aontais timpeall ar na réigiúin is forimeallaí dá dtagraítear sa chéad mhír d'Airteagal 349 den Chonradh arna roinnt i dtrí imchuacha: An tAtlantach Thiar, an tAtlantach Thoir agus an tAigéan Indiach;
Stoic pheiligeacha (faoitín gorm, ronnach, bolmán, scadán, torcíasc)	Gach limistéar geografach lena n-áirítear an Mhuir Bhaile an Mheánmhuir
Cabhlach fadraoin/mórmhara	Na huiscí uile nach bhfuil san Aontas
Dobharshaothrú	Dobharshaothrú, mar atá sainmhínithe in Airteagal 5
Margaí	Gach réimse margaidh

2. Feidhmiú agus cistiú na gComhairlí Comhairleacha

- Sa chomhthionól ginearálta agus sa choiste feidhmiúcháin, tabharfar 60 % de na suíocháin d'ionadaithe na n-iascairí agus don Chomhairle Chomhairleach um an Dobharshaothrú, d'oibreoirí do Bharshaothraithe agus d'ionadaithe na hearnála próiseála agus margaíochta, agus tabharfar 40 % d'ionadaithe na ngrúpaí leasmhara eile a ndéanann an Comhbheartas Iascaigh dochar dóibh, mar shampla eagraíochtaí comhshaoil agus grúpaí tomhaltóirí.
- Lasmuigh den Chomhairle Chomhairleach um Dhobharshaothrú agus den Chomhairle Chomhairleach um Margaí, beidh ar a laghad ionadaí amháin den fho-earnáil gabhála ó gach Ballstát lena mbaineann ar an gcoiste feidhmiúcháin.
- Glacfaidh comhaltaí an choiste feidhmiúcháin, i gcás inar féidir, moltaí trí chomhthoil. Mura thiocfar ar chomhaontú, déanfar tuairmí easaontacha a chuirfidh baill in iúl a thaifeadadh sna moltaí a ghlacfaidh tromlach na mball atá i láthair agus atá ag vótáil.
- Aimneoidh gach Comhairle Chomhairleach cathaoirleach trí chomhaontú. Gníomhóidh an cathaoirleach ar bhealach neamhchlaonta.
- Glacfaidh an Chomhairle Chomhairleach na bearta riachtanacha chun trédhearcacht agus urramú gach tuairime a áirithiú.
- Cuirfear moltaí a ghlacfaidh an coiste feidhmiúcháin ar fáil láithreach don chomhthionól ginearálta, don Choimisiún, do na Ballstáit lena mbaineann agus, arna iarraidh sin, do dhuine ar bith sa phobal i gcoitinne.
- Beidh cruinnithe den chomhthionól ginearálta ar oscailt don phobal. Beidh cruinnithe den chomhthionól ginearálta ar oscailt don phobal, mura gcinneadh tromlach an choiste feidhmiúcháin a mhalairt, i gcásanna éisceachtúla.
- Féadfaidh eagraíochtaí Eorpacha agus náisiúnta a dhéanann ionadaíocht don earnáil iascaigh agus do ghrúpaí eile comhaltaí a mholadh do na Ballstáit lena mbaineann. Comhaontóidh na Ballstáit comhaltaí an chomhthionóil ghinearálta.
- Ionadaithe riaracháin náisiúnta agus réigiúnacha a bhfuil leas iascaigh acu sa limistéar lena mbaineann agus taighdeoirí ó institiúidí eolaíochta agus taighde iascaigh agus ó na hinstiúidí idirnáisiúnta eolaíochta a thugann comhairle don Choimisiún, beidh cead acu páirt a ghlacadh i gcruinnithe na Comhairle Comhairlí mar bhreathnóirí gníomhacha. Féadfar cuireadh a thabhairt d'aon eolaí cáilithe eile.

- (j) Féadfaidh ionadaithe Pharlaimint na hEorpa agus an Choimisiún páirt a ghlacadh mar bhreathnóirí gníomhacha i gcruinnithe na Comhairle Comhairlí.
 - (k) Féadfar cuireadh a thabhairt d'ionadaithe na hearnála iascaigh agus do ghrúpaí leasmhara eile ó thríú tíortha, lena n-áirítear ionadaithe ó ERBInna, a bhfuil leas iascaireachta acu sa limistéar nó iascaigh atá cumhdaithe ag Comhairle Chomhairleach, páirt a ghlacadh sa Chomhairle Chomhairleach mar bhreathnóirí gníomhacha nuair a phléifear ceisteanna a bhaineann leo.
 - (l) Féadfaidh Comhairlí Comhairleacha iarratas a dhéanamh ar chúnamh airgeadais an Aontais mar chomhlachtaí a mbeidh leas na hEorpa go ginearálta mar aidhm acu.
 - (m) Síneoidh an Coimisiún comhaontú deontais le gach Comhairle Chomhairleach go rannócfaidh sí lena chuid costas oibriúcháin, lena n-áirítear costais aistriúcháin agus ateangaireachta.
 - (n) Féadfaidh an Coimisiún na fíoruithe uile a measann sé a bhfuil gá leo a dhéanamh chun comhlíonadh na gcúraimí atá sannta dó na Comhairlí Comhairleacha a áirithiú.
 - (o) Cuirfidh gach Comhairle Chomhairleach a buiséad bliantúil isteach agus cuirfidh sé tuarascáil isteach maidir lena cuid gníomhaíochtaí chuig an gCoimisiún agus chuig na Ballstáit lena mbaineann.
 - (p) Féadfaidh an Coimisiún nó an Chúirt Iniúchóirí, tráth ar bith, iniúchadh a shocrú a dhéanadh comhlacht seachtrach dá rogha féin nó a dhéanadh an Coimisiún nó ranna de chuid na Cúirte Iniúchóirí iad féin.
 - (q) Ceapfaidh gach Comhairle iniúchóir deimhnithe don tréimhse ina mbainfidh sí leas as cistí de chuid an Aontais.
-

RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE

I. RÉAMHRÁ

An 13 Iúil 2011, ghlac an Coimisiún Eorpach togra le haghaidh Bunrialacháin nua maidir leis an gComhbheartas Iascaigh (CBI).

- a) Tar éis trí dhíospóireacht bheartais a tionóladh i mí an Mhárta, i mí Aibreáin agus i mí na Bealtaine 2012, tháinig an Chomhairle “Talmhaíocht agus Iascach” ar “chur chuige ginearálta” páirteach, an 12 Meithimh 2012 ⁽¹⁾, cuireadh bailchríoch ar an gcur chuige ginearálta sin ag cruinniú na Comhairle an 26 Feabhra 2013, go háirithe maidir leis an gcosc ar ábhar muirí a aiscur agus forálacha gaolmhara (Airteagal 15 agus Airteagal 16) a chur chun feidhme ⁽²⁾.

Vótáil Parlaimint na hEorpa ar a seasamh féin ar an gcéad léamh an 6 Feabhra 2013 ⁽³⁾.

Tar éis na vótála i bParlaimint na hEorpa, rinneadh caibidlíocht idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún chun go dtiocfaí ar chomhaontú maidir leis an togra. Tionóladh cruinnithe trípháirteacha neamhfhoirmiúla dochloíte an 28 agus an 29 Bealtaine 2013, agus eagraíodh cruinniú teicniúil neamhfhoirmiúil deiridh an 7 Meitheamh 2013. Thacaigh Coiste na mBuanionadaithe leis an gcomhaontú ina dhiaidh sin an 14 Meitheamh 2013, thacaigh Coiste Pharlaimint na hEorpa um Iascach leis an 18 Meitheamh 2013, agus thacaigh an Chomhairle leis an 15 Iúil 2013.

Agus an comhaontú thuas á chur san áireamh agus tar éis athbhreithniú dlíthiúil agus teangeolaíoch a dhéanamh, iarradh ar an gComhairle “Talmhaíocht agus Iascach” an 17 Deireadh Fómhair 2013 an seasamh ón gComhairle a ghlacadh ar an gcéad léamh, i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach a leagtar amach in Airteagal 294 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

Agus í i mbun a cuid oibre, thug an Chomhairle an aird chuí ar thuairimí Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus ar thuairimí Choiste na Réigiún, a thug siad uathu an 28 Márta 2012 agus an 4 Bealtaine 2012, faoi seach ⁽⁴⁾.

II. CUSPÓIR

Is cuid de phacáiste athchóirithe mhí Iúil 2011 é an togra (a bhfuil nasc aige leis an togra maidir le Comheagraíocht nua na Margaí agus le gné eachtrach athbhreithnithe den Chomhbheartas Iascaigh) agus ní mór go bhféachfar air i gcomhcheangal leis an togra le haghaidh Ciste Eorpaigh Muirí agus Iascaigh (CEMI) nua, a ghlac an Coimisiún an 2 Nollaig 2011. Is é cuspóir ginearálta an togra gníomhaíochtaí iascach agus do Bharshaothraithe a áirithiú lena soláthrófar dálaí comhshaoil, eacnamaíocha agus sóisialta a bheidh inbhuanaithe go fadtéarmach agus lena gcuirfear le hinfhaighteacht an tsoláthair bhia.

Seo a leanas na gnéithe nua atá sa togra ón gCoimisiún:

- beidh sé mar oibleagáid dhlíthiúil stoic a bhainistiú ar uastáirgeacht inbhuanaithe (“faoi 2015” do na stoic ar fad);
- cinntí cur chun feidhme ó na Ballstáit i gcomhthéacs réigiúnach, faoi chuimsiú phleananna ilbhliantúla nó bhearta teicniúla an Aontais;
- cosc ar ábhar muirí a aiscur (an oibleagáid éisc a thabhairt i dtír beag beann ar chuótaí ná ar íosmhéideanna tagartha, cosc ar oibríochtaí faoi chuótaí neamh-leordhóthanacha, caighdeáin mhargaíochta ghaolmhara le haghaidh gabhálacha thar an gcúóta);
- lamháltais iascaireachta inaistrithe lena léirítear deiseanna iascaireachta.

⁽¹⁾ 11322/12 PECHE 227 CODEC 1654.

⁽²⁾ 11322/1/12 PECHE 227 CODEC 1654 REV 1.

⁽³⁾ 5255/13 CODEC 61 PECHE 39 PE 7.

⁽⁴⁾ IO C 181, 21.6.2012, lch. 183; IO C 225, 27.7.2012, lch. 20.

III. ANAILÍS AR AN SEASAMH ÓN GCOMHAIRLE AR AN GCÉAD LÉAMH

A) **Barúlacha ginearálta**

Ar bhonn an togra ón gCoimisiún, rinne Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle caibidlíocht d'fhonn teacht ar chomhaontú ag céim an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh. Léirítear go hiomlán le téacs an tseasaimh ón gComhairle an comhréiteach ar tháinig an dá chomhreachtóir air.

B) **Na príomh-shaincheistean**

Áirítear na gnéithe lárnacha a leanas sa chomhréiteach a léirítear sa seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh:

a) *Forálacha Ginearálta*

Chomhaontaigh Parlaimint na hEorpa leis an moladh ón gComhairle cuspóirí níos ginearálta agus níos sonraí a chumas in aon Airteagal amháin (Airteagal 2). Ní mór, faoi na cuspóirí sin, teacht ar comhréitigh, go háirithe maidir leis an gcoincheap agus leis an gclár ama chun bainistiú stoc éisc a thabhairt isteach i gcomhréir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe, maidir leis an muirthimpeallacht a chaomhnú go hiomlán, maidir le hábhar muirí aiscurtha a dhíothú agus maidir le hacmhainn iascaireachta cabhlaigh a oiriúnú. Ba é an comhréiteach maidir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe an ceann ba dheacra. Leagtar béim leis an gcomhréiteach sin ar an bpróiseas incriminteach maidir leis an gcoincheap bainistithe sin a chur i bhfeidhm, agus amlínte cinnte ag gabháil leis, agus sonraítear gurb é an ráta saothraithe an príomhpharaiméadar bainistithe a bhaineann leis na stoic trí iascaireacht.

I measc na sainmhínte, dírithe sa chomhréiteach ar “chur chuige bunaithe ar éiceachórais i leith bainistiú iascaigh”, ar “iascaireacht lena ngabhann tionchar íseal”, ar “íosmhéid tagartha caomhnaithe”, ar “bharrachas den ghabháil incheadaithe” agus ar “chomhaontuithe comhpháirtíochta iascaigh inbhuanaithe”. Ghlac an Pharlaimint leis na sainmhínte nua ón gComhairle maidir le “hábhar muirí aiscurtha” agus maidir le “Ballstát a bhfuil leas bainistithe díreach acu”, a bhaineann le grúpa ábhartha Ballstát atá ag gabháil do “réigiúnú” mar a thugtar air, agus ghlac an Chomhairle leis na sainmhínte nua ón bParlaimint maidir le “stoc laistigh de theorainneacha bitheolaíochta sábháilte”, “iascaireacht lena ngabhann tionchar íseal” - agus leasú beag déanta air sin -, “iascaireacht roghnáoch” - agus leasú beag déanta air, agus “iontráil sa chabhlaigh”.

b) *Rochtain ar uiscí*

Ghlac Parlaimint na hEorpa leis an méadú ar chóireáil fhabhrach do chabhlaigh náisiúnta sna réigiúin is forimeallaí ionsar na réigiúin uile is forimeallaí (Airteagal 5(3)). Ghlac an Chomhairle leis an tagairt speisialta a dhéantar do limistéir atá íogair ó thaobh na bitheolaíochta de, agus leis an tacaíocht a thugtar dóibh, a ndearna an Pharlaimint a mheas mar choinníollacha rochtana; aistríodh an fhoráil seo chun go ndéanfar cuid de na bearta caomhnaithe di (Airteagal 8).

c) *Bearta caomhnaithe*

Tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhréiteach i ndáil leis an Airteagal breise maidir le forálacha ginearálta do bhearta caomhnaithe ar mheas an dá institiúid a bheith iomchuí. D'éirigh leis an bParlaimint i gcás roinnt sonraíochtaí maidir le liostaí caomhnaithe agus bearta teicniúla, agus bhí an Chomhairle in ann a seasamh a choimeád i ndáil le bearta teicniúla ar cheart a mheas mar fhoghrúpa beart caomhnaithe. Ghlac an Chomhairle leis an leasú ón bParlaimint maidir le limistéir aisghabhála stoc éisc (Airteagal 8), agus roinnt leasuithe déanta air. Seachas na Ballstáit a chumhachtú leis na limistéir sin a bhunú, comhaontaíodh ar bhearta Aontais, bunaithe ar chomhar réigiúnach i measc na mBallstát; beidh bearta náisiúnta fós indéanta faoi fhorálacha speisialta a bhaineann le soithigh na mBallstát féin agus lena gcriosanna 12 mhíle (Airteagal 19 agus Airteagal 20).

Chomhaontaigh na páirtithe na forálacha maidir le pleananna ilbhiantúla a réasúnú, agus iad a nascadh le coincheap na huastáirgeachta inbhuanaithe lena ngabhann foráil speisialta do “iascaigh measctha” agus don chosc ar ábhar muirí.

Thángthas ar chomhréiteach deacair faoin Airteagal nua a bhaineann le bearta caomhnaithe chun na hoibleagáidí faoin reachtaíocht comhshaoil a shaothrú (Airteagal 11). D'éirigh leis an bParlaimint agus tacaíocht á tabhairt aici do sheasamh an Choimisiúin gníomhartha tarmlichte a chur

ar bun más gá na bearta sin a ghlacadh ar leibhéal an Aontais, agus bhí an Chomhairle in ann raon feidhme na forála sin a shoiléiriú agus nós imeachta a chorprú lena n-áiríteofar forbairt na mbearta sin laistigh den chomhar réigiúnach ó na Ballstáit, ar eagla go mbeidh níos mó ná Ballstát amháin i gceist. Ghlac an Chomhairle leis an leasú ón bParlaimint maidir le leanúint le cumhachtú bhearta éigeandála na mBallstát (Airteagal 13).

Bhain an chuid is deacra den chomhréiteach le hAirteagal 15 agus le hAirteagal 16, a bhain leis an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír agus le deiseanna iascaireachta. Bhí ar an gComhairle géilleadh maidir le gnéithe áirithe de na sásraí solúbthachta a bhí beartaithe aici leis an oibleagáid sin a chur chun feidhme nó bhí uirthi cuid de na gnéithe sin a dhochtadh, agus ghlac an Pharlaimint le seasamh na Comhairle den chuid is mó maidir le raon feidhme agus feidhmiú céimneach na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír ó thaobh an iascaigh de idir 2015 agus 2019. Chomhaontaigh an Pharlaimint sonraí a thabhairt faoi na nósanna imeachta cur chun feidhme ionas, mar íoscheanglais, nach mór na “pleananna maidir le hábhar muirí a aiscur” mar a thugtar orthu, a glacadh mar ghníomhartha tarmhligthe, a bheith ar bun nuair a thioctaidh an oibleagáid maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír i bhfeidhm, agus, mar rialail ghinearálta, is iad na pleannanna ilbhliantúla a bheidh mar ionstraim chur chun feidhme. Thángthas ar chomhréiteach freisin i ndáil leis na rialacha ginearálta maidir leis an gosc ar ábhar muirí a aschuir a rialú. Ghéill an Pharlaimint maidir le roinnt leasuithe a bhí beartaithe aici faoi Airteagal 16 (deiseanna iascaireachta), i bhfianaise inniúlacht na Comhairle faoi Airteagal 43(3) CFAE. Bhí ar an gComhairle, áfach, glacadh leis go raibh na rialacha ginearálta maidir le leithdháileadh deiseanna iascaireachta sna Ballstáit bunaithe sa Rialachán sin (Airteagal 17).

A mhéid agus a bhaineann leis an réigiúnú (Airteagal 18), bhí an Chomhairle in ann a coincheap a chur ina luí ar an bParlaimint, chomh maith le dréachtú níos gonta i ndáil leis sin, agus na roghanna áirithe maidir le bearta an Aontais nó bearta na mBallstát á gcoimeád. Bhain tábhacht faoi leith leis an tsaincheist sin ó thaobh theacht ar chomhréiteach, mar gur cheap na Ballstáit a bhí gafa sna próisis réigiúnaithe cheana go raibh gá le rialachán nua leis an gcleachtas atá ann cheana a léiriú.

d) *Acmhainn iascaireachta a bhainistiú*

Bhí an Pharlaimint agus an Chomhairle araon i gcoinne trádáil éigeantach a thabhairt isteach i ndáil le lamháltais iascaireachta, ar bheartaigh an Coimisiún leis an bhfadhb a bhaineann le hacmhainn ró-iascaireachta a sháru. Ghlac an Pharlaimint le tagairt a dhéanamh do lamháltais mar sin mar chuid shaorálach de chórais bhainistithe na mBallstát.

Ghlac an Chomhairle i bpáirt le leasuithe na Parlaiminte do nós imeachta níos cuimsithí i ndáil le tuairisciú ar acmhainní, lena n-áirítear na caighdeáin ríofa a bhunaítear sna treoirlínte ón gCoimisiún a thabhairt isteach. Ghlac an Pharlaimint den chuid is mó le seasamh na Comhairle maidir le comhréireacht smachtbhannaí airgeadais i gcás neamh-chomhlíonta.

e) *Bonn eolaíochta do bhainistiú iascaigh*

Dírítear leis an gcomhréiteach maidir leis an gcuid seo ar shonraí a bhailiú. Ghlac an Chomhairle i bpáirt leis an iarraidh ón bParlaimint maidir le níos mó trédhearcachta i ndáil le gníomhaíochtaí bailiúcháin sonraí agus le tuairisciú agus d'aontaigh sí gur cheart leanúint leis an rialachán eanála a ghlac an Chomhairle in 2008 ⁽¹⁾.

f) *Beartas seachtrach*

I gcás na coda a bhain leis an mbeartas seachtrach, thacaigh an Pharlaimint agus an Chomhairle araon le forálacha níos mionsonraí ná na cinn atá sa togra, agus a seasamh á bhunú ag an gComhairle ar Chonclúidí mhí Mhárta 2012 ón gComhairle ⁽²⁾. Ghéill an Pharlaimint ar leibhéal na mionsonraí maidir leis na forálacha éigeantacha sna comhaontuithe comhpháirtíochta iascaigh inbhuanaithe agus na prótacail a ghabhann leo, agus maidir leis na coinníollacha i ndáil le ceadúnais a thabhairt sa réimse sin. Thoiligh an Pharlaimint freisin gnéithe beartais a ghrúpáil le chéile, ar gnéithe iad a bhaineann le stoic a shaothraítear in éineacht le tríú tíortha nó ar gnéithe iad a bhaineann le stoic a bhainistiú go comhpháirteach le tríú tíortha, in aon Airteagal amháin (Airteagal 33).

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 199/2008.

⁽²⁾ 7086/12 PECHÉ 66.

g) *Dobharshaothrú*

Sa chuid a bhain le do Bharshaothrú, ghlac an Chomhairle le béim bhreise ar an gcomhshaoil agus ar éifeachtúlacht acmhainní laistigh de na pleananna náisiúnta straitéiseacha ilbhliantúla, mar a d'iarr an Pharlaimint.

h) *Rialú agus forfheidhmiú*

I gcás rialaithe agus forfheidhmithe, thángthas ar chomhréiteach maidir le prionsabail rialaithe, agus chomhaontaigh an Chomhairle sainghrúpa a chur ar bun maidir le comhlíonadh. Ar iarraidh ón gComhairle, cuireadh feidhm chomhairleach lena cúraimí, chomh maith le hathbhreithniú a dhéanamh ar shaincheisteanna maidir le comhlíonadh agus le cur chun feidhme i ndáil le córas rialaithe iascaigh an Aontais.

i) *Ionstraimí airgeadais*

Ghéill an Pharlaimint maidir le leasuithe lena ndírítear ar thras-chomhlíonadh níos mionsonraithe idir an ionstraim airgeadais agus na hoibleagáidí faoi CBI agus faoin dlí comhshaoil. B'fhearr leis an gComhairle a bheith ag deileáil leis na saincheisteanna sin agus caibidlíocht á déanamh aici ar an Rialachán maidir leis an gCiste Eorpaigh Muirí agus Iascaigh (CEMI), ach chomhaontaigh sí le prionsabail ghinearálta an tras-chomhlíonta a bhunaítear sa Rialachán CBI.

j) *Comhairlí comhairleacha*

Bhí an Pharlaimint agus an Chomhairle araon i bhfabhar líon na gcomhairlí comhairleacha a mhéadú agus sonraí a thabhairt faoina bhfeidhmiú faoi chuimsiú an Rialacháin sin. Bhí gá teacht ar chomhréiteach faoi ionadaíocht ar leasanna grúpaí tionscail agus grúpaí leasmhara ón tsochaí níos leithne (Iarscríbhinn III) agus ghlac an Chomhairle leis an iarraidh ón bParlaimint ar chomhairle chomhairleach do mhargaí.

k) *Cumhachtaí a tharmligean*

Bhí nós imeachta agus raon feidhme chumhachtaí an Choimisiúin do chur chun feidhme ar cheann de na codanna is deacra den chomhréiteach. Ag féachaint do ghníomhartha tarmligthe, thacaigh an Pharlaimint i dtromlach na gcásanna leis an togra ón gCoimisiún lena bhforáiltear 12 chumhachtú do ghníomhartha tarmligthe. Cé gur glacadh le cúig cheann díobh cheana le cur chuige ginearálta na Comhairle, bhí sé chumhachtú mar sin mar thoradh ar an gcomhréiteach deiridh. Baineann an chuid is mó díobh (ceithre cinn) leis an gcosc ar ábhar muirí a chur chun feidhme.

IV. CONCLÚID

Léirítear ina iomláine, leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, an comhréiteach a baineadh amach sa chaibidlíocht idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa, éascaithe ag an gCoimisiún. Dearbhaítear an comhréiteach sin leis an litir a chuir Cathaoirleach an Choiste um Iascach (PECH) de chuid Parlaimint na hEorpa chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe (an 20 Meitheamh 2013) ⁽¹⁾. Cuireann Cathaoirleach PECH in iúl sa litir sin go molfaidh sé do chomhaltaí Choiste PECH agus ina dhiaidh sin don seisiún iomlánach, go nglaca siad leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, gan leasuithe, ar dhara léamh na Parlaiminte, faoi réir fíorú a dhéanfaidh dlítheangeolaithe an dá instiúid. Tríd an Rialachán maidir leis an gComhbheartas Iascaigh a ghlacadh, cuireann an tAontas Eorpach an chuid riachtanach ar fáil leis an athchóiriú ar CBI a bhunú. Níor thángthas ar chomhaontú fós maidir leis an gcolún airgeadais lena dtacaítear leis an athchóiriú (CEMI).

⁽¹⁾ Uimhir litreach 310831, IPOL-COM.PECH D(2013)32913.

RÁITEAS ÓN GCOMHAIRLE MAIDIR LE PLEANANNA ILBHLIANTÚLA

Tá an Chomhairle tiomanta d'obair a dhéanamh in éineacht le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoimisiún chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna idirinstiúideacha agus chun teacht ar chomhaontú maidir le bealach chun tosaigh lena n-urramaítear seasamh dlí na Parlaiminte agus na Comhairle araon chun forbairt agus tabhairt isteach pleananna ilbhliantúla a éascú ar bhonn tosaíochta faoi chuimsiú théarmaí an Chomhbheartais Iascaigh.

Sa bhreis air sin, molann an Chomhairle go mbunófaí tascfhórsa idirinstiúideach chun cuidiú leis an bpróiseas chun teacht ar an mbealach chun tosaigh is iomchuí.

RÁITEAS Ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS ÓN GCOMHAIRLE MAIDIR LE SONRAÍ A BHAILIÚ

Iarrann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an gCoimisiún togra a ghlacadh go mear chun Rialachán AE 199/2008 a leasú ionas go bhféadfaí éifeacht phraiticiúil a thabhairt, a luaithe is féidir, do na prionsabail agus do na cuspóirí le haghaidh sonraí a bhailiú atá rithábhachtach chun tacú leis an gComhbheartas Iascaigh athchóirithe agus a leagtar amach i Rialachán CBI nua um Athchóiriú.

RÁITIS ÓN GCOIMISIÚN

Maidir le hAirteagal 18

(maidir le mír 1 agus le mír 3) Cuireann an Coimisiún i bhfios go láidir nach féidir difear a dhéanamh, le cumhachtú an Choimisiúin chun bearta a leagtar amach sna moltaí comhpháirteacha ó na Ballstáit a ghlacadh trí mheán gníomhartha cur chun feidhme nó tarmligthe, do lánrogha an Choimisiúin chun na gníomhartha sin a ghlacadh.

(maidir le mír 7) Ní féidir le cumas na mBallstát a bhfuil leas díreach bainistithe acu chun moltaí comhpháirteacha coiteanna a ullmhú difear a dhéanamh don cheart tionscnaimh eisiaich atá ag an gCoimisiún chun tograí a thíolacadh i réimse an Chomhbheartais Iascaigh.

(maidir le mír 8) I bhfianaise Airteagal 2(1) CFAE, ní féidir an chiall a bhaint de mhír 8 go ndeonaítear údarú do na Ballstáit go huathoibríoch léi, in éagmais reachtaíochta breise ón Aontas, chun gníomhartha atá ceangailteach ó thaobh dlí de a ghlacadh i réimse inniúlachta eisiaiche an Aontais. I gcás ina measann an Coimisiún nach bhfuil na gníomhartha sin comhoiriúnach do chuspóirí an Chomhbheartais Iascaigh, ba cheart do na Ballstáit gníomhú i gcomhréir le prionsabal an chomhair dhílis d'fhonn deireadh a chur le haon neamh-chomhoiriúnacht le dlí an Aontais.

Maidir le Cuid VI agus go háirithe Airteagal 28(3)

Is beag seans atá ann go mbeidh éifeacht ag forálacha Chuid VI maidir leis an mBeartas seachtrach ar an mbailíocht a ghabhann le cinntí ón gComhairle nó le treoracha caibidlíochta ón gComhairle chuig an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 218 CFAE nó ar an mbailíocht a ghabhann le comhaontuithe a tugadh i gcrích le tríú stáit nó le tríú eagraíochtaí i gcomhréir le hAirteagal 218 CFAE.

Maidir le hAirteagal 47(2) an dara cuid

Cuireann an Coimisiún i bhfios go láidir go bhfuil sé contrártha do theachtairacht agus do spiorad Rialachán 182/2011 (IO L 55 an 28.2.2011, lch.13), pointe (b) den dara fómhír d'Airteagal 5 § 4 a agairt ar mhodh córasach. Níor cheart dul i muinín na forála sin ach amháin má tá gá sonrath ann imeacht ón riall láimhe, is é sin go bhféadfaidh an Coimisiún dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh mura dtugtar aon tuairim. Toisc gurb eisceacht é ón riall ghinearálta a bunaíodh le hAirteagal 5 § 4, ní féidir glacadh le dul i muinín phointe (b) den dara fómhír mar "cumhacht lánroghnach" de chuid an Reachtóra, agus ní mór ciall a bhaint as ar bhealach sriantach agus, mar sin, údar a bheith leis.

SEASAMH (AE) Uimh. 10/2013 ÓN GCOMHAIRLE AR AN GCÉAD LÉAMH

chun go nglacfaí Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comheagrú na margáí i dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1184/2006 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 104/2000 ón gComhairle

Arna ghlacadh ag an gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 2013

(2013/C 351 E/02)

TÁ PARLAIMINT NA HEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 42 agus Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾ ⁽²⁾,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún ⁽³⁾ ⁽⁴⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽⁵⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Cumhdaíonn raon feidhme an Chomhbheartais Iascaigh ("CBI") bearta a bhaineann leis leis na margáí i dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe san Aontas. Cuid dhílis de CBI is ea comheagrú na margáí i dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe ("CEM") agus ba cheart í a bheith ina cuidiú le cuspóirí an chomhbheartais a bhaint amach. Ós rud é go bhfuil CBI á athbhreithniú, ba cheart CEM a oiriúnú dá réir.
- (2) Is gá Rialachán (CE) Uimh.104/2000 ⁽⁶⁾ a athbhreithniú chun easnaimh a braitheadh i gcur chun feidhme na bhforálacha atá i bhfeidhm faoi láthair, athruithe a tharla le déanaí i margáí an AE agus i margáí an domhain, agus forás gníomhaíochtaí iascaigh agus dobharshaothraithe a chur san áireamh.
- (3) Tá ról fíorthábhachtach ag cúrsaí iascaireachta i ngeilleagair réigiúin chósta an Aontais, lena n-áirítear

na réigiúin is forimeallaí. Ós rud é gcuireann sí slí bheatha ar fáil d'iascairí sna réigiúin sin, ba cheart bearta a dhéanamh chun cobhsaíocht an mhargaidh agus comhghaol níos dlúithe idir soláthar agus éileamh a chothú.

- (4) Ba cheart forálacha CEM a chur chun feidhme i gcomhréir le gealltanais idirnáisiúnta an Aontais, go háirithe ó thaobh a ghealltanais faoi fhorálacha na hEagraíochta Trádála Domhanda. Agus táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe á dtrádáil le tríú tíortha, ba cheart na coinníollacha i ndáil le hiomaíochas cothrom a áirithiú, go háirithe trí inbhuanaitheacht a urramú agus trí caighdeán shóisialta a chur i bhfeidhm atá coibhéiseach leo siúd a bhfuil feidhm acu maidir le táirgí an Aontais a urramú.
- (5) Tá sé tábhachtach go mbainistíofar CEM de réir phrionsabail dea-rialachais CBI
- (6) Chun go mbeidh rath ar CEM, tá sé riachtanach go mbeidh tomhaltóirí ar an eolas, trí fheachtais margaíochta agus oideachais, mar gheall ar an luach atá le hiasc a ithe agus an éagsúlacht leathan speiceas atá ar fáil, chomh maith leis an tábhacht a bhaineann leis an eolas atá ar lipéid a thuiscint.
- (7) Is iad na heagraíochtaí táirgeoirí iascaigh agus na heagraíochtaí táirgeoirí dobharshaothraithe ("eagraíochtaí táirgeoirí") na príomhghníomhaithe ó thaobh cuspóirí CBI a bhaint amach agus bainistíú cuí CEM de. Dá bhrí sin, is gá freagrachtaí na n-eagraíochtaí sin a neartú agus an tacaíocht airgeadais is gá a chur ar fáil ionas go mbeadh ról níos bríche acu i leith bhainistíochta na n-iascach ó lá go lá, agus an creat a shainítear le cuspóirí CBI a urramú. Is gá, chomh maith, a áirithiú go rachaidh a mbaill i mbun gníomhaíochtaí iascaigh agus dobharshaothraithe ar bhealach inbhuanaithe, go bhfeabhasódh siad an chaoi a gcuirtear táirgí ar an margadh, go mbaileoidh siad faisnéis eacnamaíoch faoi dhobharshaothrú agus go ndéanfaidh siad iarracht feabhas ar a n-ioncam. Agus iad ag féachaint leis na cuspóirí sin a bhaint amach, ba cheart d'eagraíochtaí táirgeoirí dálaí éagsúla na hearnála iascaigh agus na hearnála dobharshaothraithe san Aontas a chur san áireamh, lena n-áirítear sna réigiúin is forimeallaí, sainiúlachtaí iascaigh mhionscála agus dobharshaothraithe fhairsing go háirithe. Ba cheart go bhféadfadh údarais inniúla náisiúnta freagracht a ghlacadh as cur i bhfeidhm na gculpóirí sin, ag obair go dlúth le heagraíochtaí táirgeoirí maidir le saincheisteanna bainistíochta, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, cuótaí a leithdháileadh agus bainistíú na hiarrachta iascaireachta, ag brath ar riachtanais gach iascach ar leith.
- (8) Ba cheart bearta a ghlacadh chun rannpháirtíocht iomchuí, ionadaíoch táirgeoirí ar scála beag a spreagadh.

⁽¹⁾ IO L 225, 25.7.2012, lch. 22.

⁽²⁾ IO L 181, 21.6.2012, lch. 183

⁽³⁾ IO L 181, 21.6.2012, lch. 22.

⁽⁴⁾ IO C 225, 25.7.2012, lch. 20.

⁽⁵⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Meán Fómhair 2012 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh an 17 Deireadh Fómhair 2013. Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an ... agus cinneadh ón gComhairle an ...

⁽⁶⁾ Rialachán (CE) Uimh. 104/2000 ón gComhairle an 17 Nollaig 1999 maidir le comheagrú na margáí i dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe (IO L 17, 21.1.2000, lch.22).

- (9) Chun iomaíochas agus inmharthanacht na n-eagraíochtaí táirgeoirí a neartú, ba cheart critéir chuí le haghaidh a mbunú a shainiú go soiléir.
- (10) Eagraíochtaí idirchraoibhe ina bhfuil catagóirí éagsúla oibreoirí san earnáil iascaigh agus san earnáil dhobharshaothraithe, d'fhéadfaidís cuidiú le feabhas a chur ar chomhordú gníomhaíochtaí margáíochta feadh an tslabhra soláthair agus le bearta a bheadh le leas na hearnála ina hiomláine a fhorbairt.
- (11) Is iomchuí coinníollacha coiteanna a leagan síos maidir leis na Ballstáit aitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí táirgeoirí agus eagraíochtaí idirchraoibhe a aithint, maidir leis na rialacha arna nglacadh ag na heagraíochtaí táirgeoirí agus ag na heagraíochtaí idirchraoibhe a shíneadh, agus maidir leis na costais a eascraíonn as síneadh dá leithéid a roinnt. Ba cheart síneadh na rialacha a bheith faoi réir údarú ón gCoimisiún.
- (12) Ó tharla gur comhacmhainní iad stoic éisc, is fusa, i gcásanna áirithe, d'eagraíochtaí táirgeoirí ina bhfuil comhaltaí ó Bhallstáit éagsúla agus ó réigiúin éagsúla iad a shaothrú ar bhealach inbhuanaithe éifeachtúil. Dá bhrí sin, is gá freisin cur ar bun eagraíochtaí agus comhlachais táirgeoirí ar an leibhéal náisiúnta nó trasnáisiúnta a spreagadh bunaithe, i gcás inarb iomchuí, ar réigiúin bhithgheografaíochta. Ba cheart go mbeadh eagraíochtaí den sórt sin ina gcomhpháirtíochtaí a bhfuil sé mar aidhm acu comhrialacha agus rialacha ceangaltacha a leagan síos, agus cothrom na féinne a chur ar fáil do gach geallsealbhóir atá ag gabháil don iascach. Le linn eagraíochtaí den sórt sin a chur ar bun, tá sé riachtanach a áirithiú go leanfaidh siad de bheith faoi réir na rialacha iomaíochta dá bhforáiltear sa Rialachán seo agus go bhfuil ndéantar an riachtanas go gcoimeádfar ar bun an nasc idir pobail chósta aonair agus na hiascaigh agus na huiscí a ndearna siad dúshaothrú orthu go stairiúil a urramú.
- (13) Ba cheart don Choimisiún bearta tacúla a spreagadh chun rannpháirtíocht na mban a chothú in eagraíochtaí táirgeoirí do bharshaothraithe.
- (14) Ionas go mbeidh eagraíochtaí táirgeoirí in ann a gcuid ball a stiúradh i dtreo gníomhaíochtaí iascaigh agus do bharshaothraithe inbhuanaithe, ba cheart do na heagraíochtaí táirgeoirí plean margáíochta a shainiú ina bhfuil na bearta is gá chun cuspóirí na heagraíochta táirgeoira lena mbaíneann a bhaint amach a ullmhú agus a chur faoi bhráid údaráis inniúla na mBallstát.
- (15) Chun cuspóirí CBI a bhaint amach i ndáil le hábhar muirí a chaitheamh ar ais san fharraige, tá fíorghá le húsáid fhorleathan a dhéanamh d'fhearas roghnaitheach iascaireachta a chuirfidh cosc ar iasc faoi-mhéid a bheith gafa.
- (16) Ó tharla gur deacair gníomhaíochtaí iascaigh a thuar, is iomchuí sásra a bhunú chun táirgí iascaigh atá ceaptha lena gcaitheamh ag daoine a stóráil d'fhonn breis cobhsaíochta a chothú sa mhargadh agus an brabús a thugann táirgí a mhéadú, go háirithe trí bhreisluach a chruthú. Ba cheart don sásra seo a bheith ina cuidiú le margáí áitiúla an Aontais a chobhsú agus a chóineasú d'fhonn cuspóirí an mhargaidh inmheánaigh a bhaint amach.
- (17) D'fhonn éagsúlacht praghsanna ar fud an Aontais a chur san áireamh, ba cheart gach eagraíocht táirgeoirí a bheith i dteideal moladh a dhéanamh maidir leis an bpraghas ag a gcuirfí ar obair an tsásra stórála. Ba cheart an truce-arphraghas sin a shocrú sa tslí go gcoinneofar iomaíochas sláintiúil agus cothrom ar bun idir na hoibreoirí.
- (18) Ba cheart go bhféadfaid cur ar bun agus cur i bhfeidhm comhchaighdeán margáíochta go soláthrófaí táirgí inbhuanaithe don mhargadh, go mbainfí an leas is mó is féidir as an margadh inmheánach i dtáirgí iascaigh agus do bharshaothraithe, agus go n-éascófaí gníomhaíochtaí margaidh atá bunaithe ar iomaíocht chothrom, agus ar an dóigh sin feabhas a chur ar acmhainn brabúis an táirgthe. Chuige sin, ba cheart go leanfaidh na caighdeáin margáíochta atá ann cheana d'fheidhm a bheith acu.
- (19) Is gá a áirithiú go gcomhlíonann táirgí a allmhairítear isteach i margadh an Aontais na ceanglais agus na caighdeáin chéanna margáíochta a chaithfidh táirgeoirí an Aontais a chomhlíonadh.
- (20) Chun ardleibhéal cosanta a áirithiú do shláinte an duine, ba cheart go gcomhlíonfaí le táirgí iascaigh agus do bharshaothraithe a chuirtear ar mhargadh an Aontais, na rialacha is infheidhme maidir le sábháilteacht agus sláinteachas bia, gan aird ar a dtír thionscnaimh.
- (21) D'fhonn a chur ar chumas tomhaltóirí roghanna eolasacha a dhéanamh, is gá faisnéis shoiléir, chuimsitheach a chur ar fáil dóibh maidir le, inter alia, tionscnamh agus modh táirgthe na dtáirgí.
- (22) Le húsáid lipéid éiceolaíochta le haghaidh táirgí iascaigh agus do bharshaothraithe, cibé acu an laistigh den Aontas nó lasmuigh de a thionscnaítear iad, tugtar an deis faisnéis shoiléir ar inbhuanaitheacht éiceolaíoch táirgí den sórt sin a chur ar fáil. Mar sin, tá sé riachtanach go ndéanfaidh an Coimisiún scrúdú an féidir critéir íosta a fhorbairt agus a bhunú chun éicilipéid a fhorbairt ar fud an Aontais do tháirgí iascaigh agus do bharshaothraithe.
- (23) Chun críche chosaint an tomhaltóra, ba cheart d'údaráis náisiúnta inniúla atá freagrach as faireachán a dhéanamh ar na hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo agus as comhlíonadh na n-oibleagáidí a fhorfheidhmiú úsáid iomlán a bhaint as an teicneolaíocht atá ar fáil, lena n-áirítear tástáil ADN, d'fhonn oibreoirí a dhíspreagadh ó lipéad bréagach a chur ar ghabhála.

- (24) Na rialacha iomaíochta a bhaineann le comhaontuithe, cinní agus cleachtais dá dtagraítear in Airteagal 101 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (“CFAE”), ba cheart feidhm a bheith acu maidir le táirgeadh nó margáíocht táirgí iascaigh agus do bharshaothraithe, a mhéid nach gcuireann a gcur i bhfeidhm bac ar fheidhmiú CEM nó nach gcuireann a gcur i bhfeidhm baint amach na gcuipóirí atá leagtha síos in Airteagal 39 CFAE i mbaol.
- (25) Is iomchuí rialacha iomaíochta a leagan síos a bheadh infheidhme maidir le táirgeadh agus margáíocht táirgí iascaigh agus do bharshaothraithe, ag cur san áireamh saintréithe na hearnála iascaigh agus do bharshaothraithe, lena n-áirítear an earnáil a bheith ilroinnte, éisc a bheith ina gcomhacmhainn agus líon mór na n-allmhairí, ar cheart a bheith faoi réir na rialacha céanna agus atá táirgí iascaigh agus do bharshaothraithe an Aontais. Ar mhaithe le simpliú, ba cheart forálacha ábhartha Rialachán (CE) Uimh. 1184/2006 ón gComhairle ⁽¹⁾. a ionchorprú sa Rialachán seo. Níor cheart, dá bhrí sin, go mbeadh feidhm a thuilleadh ag Rialachán (CE) Uimh. 1184/2006 maidir le táirgí iascaigh agus do bharshaothraithe.
- (26) Is gá feabhas a chur ar bhailiú, proiseáil agus scaipeadh na faisnéise eacnamaíche faoi na margáí i dtáirgí iascaigh agus do bharshaothraithe.
- (27) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le cur chun feidhme fhorálacha an Rialacháin seo maidir leis na teorainneacha ama, na nósanna imeachta agus modh chur i bhfeidhm chun táirgeoirí agus eagraíochtaí idirch-raoibhe a aithint agus chun aitheantas den sórt sin a aistarraingt, maidir le formáidí, teorainneacha ama agus nósanna imeachta na mBallstát chun cinní maidir le haitheantas a dheonú nó a aistarraingt a chur in iúl, maidir le formáid agus nós imeachta i dtaca le fógra ag na Ballstáit faoi na rialacha atá ina gceangal ar tháirgeoirí agus ar oibreoirí uile, maidir le formáid agus struchtúr na bpleananna táirgeachta agus margáíochta, chomh maith leis an nós imeachta agus na teorainneacha ama chun iad a thíolacadh agus iad a fhormheas, maidir le formáid foilseachán na bpraghsanna truícir ag na Ballstáit, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ⁽²⁾ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.
- (28) Ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 104/2000 a aisghairm. Mar sin féin, chun leanúnachas a áirithiú maidir le faisnéis tomhaltóra a sholáthar, ba cheart go leanfadh Airteagal 4 d’fheidhm a bheith aige go dtí 12 Nollaig 2014.
- (29) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialachán seo, eadhon comheagrú margaidh i dtáirgí iascaigh agus

dobharshaothraithe a bhunú, a bhaint amach go leordhóthanach ag na Ballstáit mar gheall ar chineál coiteann an mhargaidh i dtáirgí iascaigh agus do bharshaothraithe agus gur fearr is féidir, i ngeall ar a scála agus ar a éifeachtaí agus toisc go bhfuil gá le tuilleadh comhghníomhaíochta, iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, amhail a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, amhail a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.

- (30) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 1184/2006 agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 a leasú dá réir.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar

- Bunaítear leis seo comheagrú margaidh i dtáirgí iascaigh agus do bharshaothraithe, (“CEM”).
- Is éard a bheidh i CEM na heilimintí seo a leanas:
 - eagraíochtaí gairmiúla;
 - caighdeáin mhargáíochta;
 - faisnéis do thomhaltóirí;
 - rialacha iomaíochta
 - faisnéis faoin margadh.
- Déanfar CEM a fhorlónadh i ndáil le gnéithe seachtracha le Rialachán (AE) Uimh. 1220/2012 ón gComhairle an 3 Nollaig 2012 ⁽³⁾, agus le Rialachán (AE) Uimh. 1026/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾.

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1184/2006 ón gComhairle an 24 Iúil 2006 lena gcuirtear rialacha áirithe maidir le hiomaíocht i bhfeidhm maidir le táirgeadh agus trádáil táirgí talmhaíochta (IO L 214, 4.8.2006, lch 7)

⁽²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch 13)

⁽³⁾ Rialachán (AE) Uimh 1220/2012 ón gComhairle an 3 Nollaig 2012 maidir le bearta a bhaineann le trádáil chun an soláthar táirgí áirithe iascaigh le próiseálaithe an Aontais a áirithiú ó 2013 go dtí 2015 (IO L 349, 19.12.2012, lch. 4.)

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1026/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le bearta áirithe d’fhonn stoic éisc a chaomhnú i ndáil le tíortha a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe (IO L 316, 14.11.2012, lch.18).

4. Beidh tacaíocht airgeadais ar fáil ón Aontas le haghaidh chur chun feidhme CEM i gcomhréir le gníomh dlíthiúil de chuid an Aontais amach anseo lena mbunófar na coinníollacha maidir leis an tacaíocht airgeadais don bheartas muirí agus iascaigh don tréimhse 2014-2020.

Airteagal 2

Raon feidhme

Beidh feidhm ag CEM maidir leis na táirgí iascaigh agus do Bharshaothraithe atá liostaithe in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, ar táirgí iad a mhargáítear san Aontas.

Airteagal 3

Cuspóirí

Is iad cuspóirí CEM na cuspóirí sin a leagtar síos in Airteagal 35 de Rialachán (AE) Uimh. .../2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾.

Airteagal 4

Na prionsabail

Beidh mar threoir ag CEM prionsabail an dea-rialachais a leagtar síos in Airteagal 3 de de Rialachán (AE) Uimh. .../2013.

Airteagal 5

Na sainmhínte

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínte dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. .../2013, chomh maith leis na sainmhínte dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ⁽²⁾, in Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾, in Airteagal 2 agus in Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. .../2013 ó Parlaimint na hEorpa agus ón Chomhairle an ... ar an Comhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh (CE) Uimh. 2004/585 ón gComhairle (IO L ...)

⁽²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009, lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialachán (CE) 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006, (IO L 343, 22.12.2009, p.1).

⁽³⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le faisnéis bhia a sholáthar do thomhaltóirí, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 agus (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón Chomhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 87/250/CEE ón Choimisiún Eorpach, Treoir 90/496/CEE ón gComhairle, Treoir 1999/10/CE ón Choimisiún Eorpach, Treoir 200/13/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 2002/67/CE agus 2008/5/CE ón Choimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 608/2004 ón gCoimisiún (IO L 304, 22.11.2011, lch.18).

178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾, agus in Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾. Beidh feidhm ag na sainmhínte seo a leanas freisin:

- ciallaíonn “táirgí iascaigh” orgánaigh uisceacha ar toradh aon ghníomhaíochta iascaigh iad nó táirgí a dhíortháítear uathu, mar atá liostaithe in Iarscríbhinn I;
- ciallaíonn “táirgí do Bharshaothraithe” orgánaigh uisceacha, ag aon chéim dá saolré, ar toradh aon ghníomhaíochta do Bharshaothraithe iad nó táirgí a dhíortháítear uathu, mar atá liostaithe in Iarscríbhinn I;
- ciallaíonn “táirgeoir” aon duine nádúrtha nó dlítheanach a úsáideann modh táirgthe chun táirgí iascaigh nó do Bharshaothraithe a fháil d’fhonn iad a chur ar an margadh.
- ciallaíonn “an earnáil iascaigh agus do Bharshaothraithe” an earnáil den gheilleagar a chuimsíonn gach gníomhaíocht táirgthe, phróiseála agus mhargáíochta a bhaineann le táirgí iascaigh nó do Bharshaothraithe;
- ciallaíonn “cur ar fáil ar an margadh” aon soláthar de tháirge iascaigh nó do Bharshaothraithe atá ceaptha lena dháileadh, lena chaitheamh nó lena úsáid ar mhargadh an Aontais le linn gníomhaíochta tráchtála, ar íocaíocht nó saor in aisce;
- ciallaíonn “cur ar an margadh” an chéad uair a chuirtear táirge iascaigh nó do Bharshaothraithe ar fáil ar mhargadh an Aontais;
- ciallaíonn “miondíol” láimhseáil agus/nó próiseáil bhia agus é a stóráil ag an bpointe díola leis an tomhaltóir deiridh nó ag an bpointe seachadta ar an tomhaltóir deiridh, lena n-áirítear críochfoirt dáilte, oibríochtaí lónadóireachta, ceaintíní monarchan, lónadóireacht in institiúidí, bialanna agus oibríochtaí comhchosúla eile seirbhísí bia, siopaí, ionaid dáilte ollmhargaí agus asraonta mórdhíola;
- ciallaíonn “táirge iascaigh agus do Bharshaothraithe réamhphacáilte” táirgí iascaigh agus do Bharshaothraithe ar “bia réamhphacáilte” iad de réir mar a dtagraítear dóibh i bpointe (e) d’Airteagal 2(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1169/2011.

CAIBIDIL II

EAGRAÍOCHTAÍ GAIRMIÚLA

ROINN I

Bunú, cuspóirí agus bearta

Airteagal 6

Eagraíochtaí táirgeoirí iascaigh agus eagraíochtaí táirgeoirí do Bharshaothraithe a bhunú

1. Féadfar eagraíochtaí táirgeoirí iascaigh agus eagraíochtaí táirgeoirí do Bharshaothraithe (“eagraíochtaí táirgeoirí”) a bhunú mar ghrúpa ar thionscnamh ó tháirgeoirí táirgí iascaigh nó táirgí do Bharshaothraithe, i mBallstát amháin nó níos mó agus iad a aithint i gcomhréir le Roinn II.

⁽⁴⁾ Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i dtaca le sábháilteacht bia (IO L 31, 1.2.2002, lch.1).

⁽⁵⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le breiseáin bhia (IO L 354, 31.12.2008, lch. 16).

2. I gcás inarb iomchuí, déanfar staid shonrach táirgeoirí iascaigh cladaigh ar scála beag a chur san áireamh chun eagraíochtaí táirgeoirí a bhunú, i gcás inarb iomchuí.

3. Féadfar eagraíocht táirgeoirí a bhunú mar ghníomhaíochtaí táirgeoirí iascaigh agus do Bharshaothraithe más comheagrú í a dhéanann ionadaíocht ar na hearnálacha iascaigh agus do Bharshaothraithe araon.

Airteagal 7

Cuspóirí eagraíochtaí táirgeoirí

1. Saothróidh eagraíochtaí táirgeoirí iascaigh na cuspóirí seo a leanas:

- (a) gníomhaíochtaí inmharthana agus inbhuanaithe iascaireachta a chur chun cinn ar gníomhaíochtaí iad arna ndéanamh ag a gcuid ball agus an beartas comhshaoil á chomhlíonadh ina iomláine, go háirithe de réir mar a leagtar síos é, i Rialachán (AE) Uimh. .../2013 agus sa dlí comhshaoil, agus an beartas sóisialta á urramú ag an am céanna. I gcás ina ndéanann an Ballstát lena mbaineann foráil don mhéid sin, beidh an eagraíocht táirgeoirí iascaigh rannpháirteach freisin i mbainistiú acmhainní bitheolaíochta na mara.
- (b) gabhálacha stoc tráchtála nach bhfuil de dhíth a sheachaint agus a laghdú a mhéid is féidir agus, i gcás inar gá, an úsáid is fearr is féidir a bhaint as na gabhálacha sin, gan margadh a chruthú dóibh siúd atá faoin íosmhéid tagartha caomhantais, i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. .../2013.
- (c) rannchuidiú le hinriannaitheacht táirgí iascaigh agus rochtain ar fhaisnéis shoiléir, chuimsitheach do thomhaltóirí.
- (d) rannchuidiú le deireadh a chur le hiascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte.

2. Saothróidh eagraíochtaí táirgeoirí do Bharshaothraithe na cuspóirí seo a leanas:

- (a) gníomhaíochtaí inbhuanaithe do Bharshaothraithe a gcuid ball a chur chun cinn trí dheiseanna a chur ar fáil le haghaidh fhorbairt na ngníomhaíochtaí sin agus Rialachán (AE) Uimh. .../2013, go háirithe, agus an dlí comhshaoil á gcomhlíonadh ina n-iomláine, agus beartas sóisialta á urramú;
- (b) a fháil amach cibé an bhfuil gníomhaíochtaí a mball ag teacht leis na pleananna náisiúnta straitéiseacha dá dtagraítear in Airteagal 34 de Rialachán (AE) Uimh. .../2013.
- (c) iarracht a dhéanamh chun a áirithiú go dtagann táirgí beatha do Bharshaothraithe de bhunadh iascaigh ó iascaigh atá á mbainistiú go hinbhuanaithe;

3. I dteannta na gcuspóirí atá leagtha síos i mír 1 agus i mír 2, saothróidh na heagraíochtaí táirgeoirí dhá cheann nó níos mó de na cuspóirí seo a leanas:

- (a) feabhas a chur ar na coinníollacha faoina gcuirtear táirgí iascaigh agus táirgí do Bharshaothraithe a gcuid ball ar an margadh;

- (b) feabhas a chur ar shochair eacnamaíochta;

- (c) na margaí a chobhsú;

- (d) rannchuidiú leis an soláthar bia agus ardcháilíocht bia agus ardchaighdeán sábháilteachta a chur chun cinn; agus ag an am céanna rannchuidiú le fostaíocht sna limistéir feadh an chósta agus faoin tuath;

- (e) tionchar comhshaoil na hiascaireachta a laghdú, lena n-áirítear trí bhearta chun feabhas a chur ar roghnaíocht trealaimh iascaireachta.

4. Féadfaidh na heagraíochtaí táirgeoirí cuspóirí comhlántacha eile a shaothrú.

Airteagal 8

Bearta a d'fhéadfadh eagraíochtaí táirgeoirí a úsáid

1. Chun na cuspóirí atá leagtha amach in Airteagal 7 a bhaint amach, féadfaidh eagraíochtaí táirgeoirí úsáid a bhaint as, inter alia, na bearta seo a leanas:

- (a) táirgeadh a chur in oiriúint do riachtanais an mhargaidh;

- (b) soláthar agus margaíocht tháirgí a mball a threorú;

- (c) táirgí iascaigh agus do Bharshaothraithe an Aontais dá gcuid ball a chur chun cinn ar bhealach neamh-idirdhealaitheach trí úsáid a bhaint mar shampla as féidearthacht an deimhnithe, go háirithe sonrúcháin tionscnaimh, séalaí cáilíochta, sonrúcháin geografacha, speisaltachtaí traidisiúnta atá ráthaithe, agus fiúntas táirgí ó thaobh inbhuanaitheachta de;

- (d) gníomhaíochtaí a gcuid ball a rialú agus bearta comhlíonta a ghlacadh i ndáil leis na rialacha arna mbunú ag an eagraíocht táirgeoirí lena mbaineann agus rialú a dhéanamh ar an gcomhlíonadh sin.

- (e) gairmoiliúint agus cláir chomhair a chur chun cinn chun daoine óga a spreagadh chun dul isteach san earnáil;

- (f) tionchar comhshaoil na hiascaireachta a laghdú, lena n-áirítear trí bhearta chun feabhas a chur ar roghnaíocht trealaimh iascaireachta;

- (g) úsáid na teicneolaíochta faisnéise cumarsáide (TFC) a chur chun cinn chun feabhas a chur ar mhargaíocht agus ar phraghsanna;

- (h) rochtain tomhaltóirí ar fhaisnéis maidir le táirgí iascaigh agus do Bharshaothraithe a éascú.

2. Féadfaidh eagraíochtaí táirgeoirí iascaigh úsáid a bhaint freisin as na bearta seo a leanas:

- (a) gníomhaíochtaí iascaireachta a gcuid ball a chomhphleanáil agus a chomhbhainistiú as lámh a chéile, faoi réir eagrú bhainistiú acmhainní bitheolaíochta na mara ag na Ballstáit, lena n-áirítear bearta a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun roghnaíocht trealaimh iascaireachta a fheabhsú agus chun comhairle a thabhairt d'údarais inniúla;

(b) na gabhálacha nach bhfuil de dhíth a sheachaint agus a íoslághdú trí bheith bainteach le forbairt agus cur i bhfeidhm beart teicniúil, agus an úsáid is fearr is féidir a bhaint as na gabhálacha stoc tráchtála nach bhfuil de dhíth gan margadh a chruthú do na gabhálacha sin atá faoin íosmhéid tagartha caomhantais, i gcomhréir le hAirteagal 15(11) de Rialachán (AE) Uimh. .../2013 agus i gcomhréir le hAirteagal 34(2) den Rialachán seo, de réir mar is iomchuí;

(c) stóráil shealadach do tháirgí iascaigh a bhainistiú i gcomhréir le hAirteagal 30 agus Airteagal 31 den Rialachán seo;

3. Féadfaidh eagraíochtaí táirgeoirí do bharshaothraithe úsáid a bhaint freisin as na bearta seo a leanas:

(a) gníomhaíochta do bharshaothraithe inbhuanaithe a chur chun cinn, go háirithe a fhad a bhaineann siad le cosaint an chomhshaoil, le sláinte ainmhithe agus le leas ainmhithe.

(b) faisnéis a bhailiú faoi na táirgí a mhargaítear, lena n-áirítear faisnéis eacnamaíoch faoi chéad-díolacháin agus faoi thuartha táirgeachta;

(c) faisnéis maidir leis an gcomhshaoil a bhailiú;

(d) bainistiú gníomhaíochtaí do bharshaothraithe a gcuid ball a phleanáil; agus

(e) tacú le cláir le haghaidh daoine gairmiúla chun táirgí do bharshaothraithe inbhuanaithe a chur chun cinn.

Airteagal 9

Comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí a bhunú

1. Féadfar comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí a bhunú ar thionscnamh ó eagraíochtaí táirgeoirí atá aitheanta i mBallstát amháin nó níos mó.

2. Forálacha an Rialacháin seo atá infheidhme maidir le heagraíochtaí táirgeoirí, beidh feidhm acu maidir le comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí freisin mura sonraítear a mhálairt.

Airteagal 10

Cuspóirí na gcomhlachas eagraíochtaí táirgeoirí

1. Saothróidh comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí na cuspóirí seo a leanas:

(a) aon cheann de na cuspóirí de chuid na n-eagraíochtaí táirgeoirí ar baill iad atá leagtha síos in Airteagal 7, a fheidhmiú ar bhealach níos éifeachtúla agus inbhuanaithe;

(b) comhordú agus forbairt a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí comhleasa bhall na n-eagraíochtaí táirgeoirí.

2. Beidh comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí incháilithe le haghaidh tacaíochta airgeadais i gcomhréir le gníomh dlíthiúil de chuid an Aontais amach anseo lena mbunófar na

coinníollacha maidir leis an tacaíocht airgeadais don bheartas muirí agus iascaigh don tréimhse 2014-2020 (*).

Airteagal 11

Eagraíochtaí idirchraoibhe a bhunú

Maidir le heagraíochtaí idirchraoibhe, féadfar iad a bhunú ar thionscnamh ó oibreoirí táirgí iascaigh agus do bharshaothraithe ar a dtionscnamh féin i mBallstát amháin nó níos mó agus féadfar iad a aithint i gcomhréir le Roinn II.

Airteagal 12

Cuspóirí eagraíochtaí idirchraoibhe

Cuirfidh na heagraíochtaí idirchraoibhe feabhas ar chomhordú chur ar fáil táirgí iascaigh agus do bharshaothraithe ar mhargadh an Aontais agus ar na coinníollacha faoina gcuirtear ar fáil iad.

Airteagal 13

Na bearta is féidir le heagraíochtaí idirchraoibhe a úsáid

Chun na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 12 a bhaint amach, féadfaidh eagraíochtaí idirchraoibhe úsáid a bhaint as na bearta seo a leanas:

(a) conarthaí caighdeánacha a luíonn le reachtaíocht an Aontais a tharraingt suas;

(b) táirgí iascaigh agus do bharshaothraithe an Aontais a chur chun cinn ar bhealach neamh-idirdhealaitheach trí úsáid a bhaint, mar shampla, deimhniúchán, go háirithe sonrúcháin tionscnaimh, séalaí cáilíochta, sonrúcháin geografacha, speisialtachaí traidisúnta atá ráthaithe, agus fiúntas táirgí ó thaobh inbhuanaitheachta de;

(c) rialacha a leagan síos maidir le táirgeadh agus margáíocht táirgí iascaigh agus do bharshaothraithe ar rialacha iad atá níos déine ná na rialacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais nó sa reachtaíocht náisiúnta.

(d) feabhas a chur ar an táirgeadh agus ar an margadh ó thaobh cáilíochta, eolais, agus trédhearcachta de, chomh maith le gníomhaíochtaí gairmiúla agus gairmoilúna a dhéanamh, mar shampla maidir le cúrsaí cáilíochta agus inrianaitheachta, maidir le sábháilteacht bia agus chun tionscnaimh taighde a spreagadh.

(e) taighde agus staidéir ar an margadh a dhéanamh, agus teicnící a fhorbairt chun go bhfeidhmeoidh an margadh ar an mbealach is fearr is féidir, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide chomh maith le sonraí socheacnamaíocha a bhailiú;

(f) an fhaisnéis is gá a sholáthar agus an taighde is gá a dhéanamh chun soláthairtí a sheachadadh a chomhfhreagróidh do riachtanais an mhargaidh agus d'ionchais tomhaltóirí ó thaobh méid, cáilíochta agus praghais de;

(*) IO: Cuir isteach, le do thoil, sraithuimhir an Rialacháin i ndoiciméad 2011/0380 (COD).

- (g) speicis arna saothrú ó stoic éisc shláintiúla atá i riocht inbhuanaithe, ag a bhfuil luach cothaithe suntasach agus nach gcaitear go forleathan a chur chun cinn i measc tomhaltóirí;
- (h) gníomhaíochtaí a gcuid ball a rialú agus bearta comhlíonta a ghlacadh i ndáil leis na rialacha arna mbunú ag an eagraíocht idirchraoibhe lena mbaineann.

ROINN II

Aitheantas*Airteagal 14***Eagraíochtaí táirgeoirí a aithint**

1. Féadfaidh na Ballstáit aitheantas mar eagraíochtaí a thabhairt do gach grúpa a cuireadh ar bun ar thionscnamh ó tháirgeoirí iascaigh nó do bharshaothraithe a iarrann an t-aitheantas sin, ar choinníoll gur fíor an méid seo a leanas maidir leo:

- (a) go gcomhlíonann siad na prionsabail atá leagtha amach in Airteagal 17 agus na rialacha a glacadh chun na prionsabail sin a chur i bhfeidhm;
- (b) go bhfuil siad gníomhach a ndóthain go heacnamaíoch ar chríoch an Bhallstáit lena mbaineann, nó ar chuid di, go háirithe maidir le líon na mball nó maidir leis an méid táirgeachta is inmargaithe;
- (c) go bhfuil pearsantacht dhlítheanach acu faoi dhlí náisiúnta an Bhallstáit lena mbaineann, go bhfuil siad bunaithe ann agus go bhfuil a gceanncheathrú oifigiúil ar a chríoch;
- (d) go bhfuil siad in ann na cuspóirí atá leagtha síos in Airteagal 7 a shaothrú;
- (e) go gcomhlíonann siad na rialacha iomaíochta dá dtagraítear i gCaibidil V; agus
- (f) nach ndéanann siad mí-úsáid a bhaint as seasamh ceannasach sa mhargadh, agus.
- (g) go gcuireann siad sonraí ábhartha ar fáil faoina mballraíocht, faoina rialachas agus faoina bhfoinsí maoinithe.

2. Na heagraíochtaí táirgeoirí a mbeidh aitheantas acu roimh ... (*), measfar gurb eagraíochtaí aitheanta táirgeoirí iad chun críocha an Rialacháin seo agus beidh siad faoi cheangal a fhorálacha.

*Airteagal 15***Tacaíocht airgeadais d'eagraíochtaí táirgeoirí**

Maidir le bearta margaíochta le haghaidh táirgí iascaigh agus do bharshaothraithe a bhfuil sé d'aidhm acu eagraíochtaí táirgeoirí nó comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí a chruthú nó a athstruchtúrú, féadfar tacaíocht airgeadais a thabhairt i gcomhréir le gníomh dlítheanach de chuid an Aontais amach

anseo lena mbunófar na coinníollacha maidir leis an tacaíocht airgeadais don bheartas muirí agus iascaigh don tréimhse 2014-2020.

*Airteagal 16***Eagraíochtaí idirchraoibhe a aithint**

1. Féadfaidh na Ballstáit aitheantas mar eagraíocht idirchraoibhe a thabhairt do gach grúpa oibreoirí, atá bunaithe ar a gcríoch agus a dhéanann iarratas ar an aitheantas sin, ar an gcoinníoll gur fíor an méid seo a leanas maidir leo:

- (a) go gcomhlíonann siad na prionsabail atá leagtha amach in Airteagal 17 agus na rialacha a glacadh chun na prionsabail sin a chur i bhfeidhm;
- (b) go ndéanann siad cion sonrach den ghníomhaíocht táirgthe agus ceann amháin de na gníomhaíochtaí próiseála agus na gníomhaíochtaí margaíochta nó iad araon, ar gníomhaíochtaí iad a bhaineann le táirgí iascaigh agus do bharshaothraithe nó táirgí a phróiseáiltear as táirgí iascaigh agus do bharshaothraithe;
- (c) nach bhfuil siad féin ag gabháil do tháirgeadh, próiseáil ná margaíocht táirgí iascaigh agus do bharshaothraithe nó táirgí a phróiseáiltear as táirgí iascaigh agus do bharshaothraithe;
- (d) go bhfuil pearsantacht dhlítheanach acu faoi dhlí náisiúnta Ballstáit, go bhfuil siad bunaithe ann agus go bhfuil a gceanncheathrú oifigiúil sa chríoch sin;
- (e) go bhfuil siad ábalta na cuspóirí a leagtar síos in Airteagal 12 a chur i gcrích;
- (f) go gcuireann siad leas na dtomhaltóirí san áireamh;
- (g) nach gcuireann siad bac ar dhea-fheidhmiú CEM; agus
- (h) go gcomhlíonann siad na rialacha iomaíochta is infheidhme.

2. Maidir leis na heagraíochtaí a bunaíodh roimh ... (*), féadfar iad a aithint mar eagraíochtaí idirchraoibhe chun críocha an Rialacháin seo ar an gcoinníoll go bhfuil an Ballstát lena mbaineann sásta go gcomhlíonann siad forálacha an Rialacháin seo i ndáil le heagraíochtaí idirchraoibhe.

3. Na heagraíochtaí idirchraoibhe a mbeidh aitheantas acu roimh ... (*), measfar gurb eagraíochtaí idirchraoibhe aitheanta iad chun críocha an Rialacháin seo agus go bhfuil siad faoi cheangal a fhorálacha.

*Airteagal 17***Feidhmiú inmheánach eagraíochtaí táirgeoirí agus eagraíochtaí idirchraoibhe**

Beidh feidhmiú inmheánach eagraíochtaí táirgeoirí agus eagraíochtaí idirchraoibhe dá dtagraítear in Airteagal 14 agus in Airteagal 16 bunaithe ar na prionsabail seo a leanas:

- (a) go gcomhlíonann na baill na rialacha a ghlac an eagraíocht i dtéarmaí saothrú, táirgeadh agus margaíocht iascaigh;
- (b) nach ndéantar idir-dhealú ar bith idir na baill, go háirithe bunaithe ar náisiúntacht nó áit bunaithe;

(*) Dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

- (c) go ndéantar ranníocaíocht airgeadais a thobhach ar a mbaill chun an eagraíocht a mhaoiniú;
- (d) feidhmiú daonlathach lena gcuirtear ar cumas na mball dianscrúdú a dhéanamh ar a n-eagraíocht agus ar na cinntí a dhéanann sí;
- (e) go ndéantar pionóis átá éifeachtach, athchomhairleach agus comhréireach a fhorchur le haghaidh shárú na n-oibleagáidí faoi rialacha inmheánacha na heagraíochta lena mbaineann, go háirithe i gcás neamhíocaíocht na ranníocaíochtaí airgeadais;
- (f) go ndéantar na rialacha maidir le cead isteach ball nua agus le baill a tharraingt siar a shainmhíniú;
- (g) go ndéantar na rialacha cuntasáíochta agus buiséadacha atá riachtanach chun an eagraíocht a bhainistiú a shainmhíniú.

Airteagal 18

An t-aitheantas a thugann na Ballstáit a sheiceáil agus a tharraingt siar

1. Déanfaidh na Ballstáit seiceálacha tráthrialta chun a fhíorú go bhfuil eagraíochtaí táirgeoirí agus eagraíochtaí idirchraoibhe ag comhlíonadh na gcoinníollacha maidir le haitheantas atá leagtha síos in Airteagal 14 agus in Airteagal 16 faoi seach. Féadfar aitheantas a tharraingt siar mar thoradh ar chinneadh gur tharla neamhchomhlíonadh.

2. Maidir leis an mBallstát ina bhfuil ceanncheathrú oifigiúil eagraíochta táirgeoirí nó eagraíochta idirchraoibhe a bhfuil baill as Ballstáit éagsúla aici, nó maidir le comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí atá aitheanta i mBallstáit éagsúla, bunóidh siad, i gcomhar leis na Ballstáit eile lena mbaineann, an comhar riaracháin is gá chun seiceálacha a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na heagraíochta nó an chomhlachais atá i gceist.

Airteagal 19

Deiseanna iascaireachta a dháileadh

Agus a cúraimí á ndéanamh, comhlíonfaidh eagraíocht táirgeoirí ar náisiúnaigh de chuid Ballstát éagsúla a mbaill nó aon chomhlachas eagraíochtaí táirgeoirí atá aitheanta i mBallstáit éagsúla, na forálacha lena rialaítear leithdháileadh deiseanna iascaireachta ar na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. .../2013.

Airteagal 20

Seiceálacha arna ndéanamh ag an gCoimisiún

1. Chun a áirithiú go gcomhlíonfar na coinníollacha atá leagtha síos in Airteagal 14 agus Airteagal 16 faoi seach maidir le haitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí táirgeoirí nó d'eagraíochtaí idirchraoibhe, féadfaidh an Coimisiún seiceálacha a dhéanamh agus, i gcás inarb iomchuí, féadfaidh sé a iarraidh ar an mBallstát lena mbaineann aitheantas eagraíochtaí táirgeoirí nó eagraíochtaí idirchraoibhe a tharraingt siar.

2. Cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún, trí mheán leictreonach, aon chinneadh an t-aitheantas a thabhairt nó a tharraingt siar. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis uile sin ar fáil go poiblí.

Airteagal 21

Gníomhartha cur chun feidhme

1. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme maidir leis na nithe seo a leanas:

- (a) na spriocdhátaí agus na nósanna imeachta agus cineál na niarratas chun aitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí táirgeoirí agus d'eagraíochtaí idirchraoibhe de bhun Airteagal 14 nó Airteagal 16 faoi seach, nó chun an t-aitheantas sin a tharraingt siar de bhun Airteagal 18.
- (b) an fhormáid, na spriocdhátaí agus na nósanna imeachta atá le cur i bhfeidhm ag na Ballstáit agus iad ag cur in iúl don Choimisiún aon chinneadh an t-aitheantas a thabhairt nó a tharraingt siar de bhun Airteagal 20(2).

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh faoi phointe (a) a oiriúnú, i gcás inarb iomchuí, do na saintréithe speisialta an iascaigh agus an doibharshaothraithe ar scála beag.

2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 43(2).

ROINN III

Rialacha a shíneadh

Airteagal 22

Rialacha eagraíochtaí táirgeoirí a shíneadh

1. Féadfaidh Ballstát na rialacha a comhaontaíodh laistigh d'eagraíocht táirgeoirí a chur de cheangal ar tháirgeoirí nach baill den eagraíocht iad agus a mhargaíonn aon cheann de na táirgí laistigh den limistéar a bhfuil an eagraíocht táirgeoirí ionadaitheach dó ar choinníoll:

- (a) go bhfuil an eagraíocht táirgeoirí bunaithe le tréimhse bhliain amháin ar a laghad agus go meastar go bhfuil sí ionadaitheach do tháirgeadh agus do mhargaíocht, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, an earnáil mhionscála agus cheardaíochta ar mhionscála, i mBallstát amháin agus go gcuireann sí iarratas isteach chuig na húdaráis inniúla náisiúnta
- (b) go mbaineann na rialacha atá le síneadh le haon cheann de na bearta is féidir leis na heagraíochtaí táirgeoirí a dhéanamh atá leagtha síos i bpointe (a), i bpointe (b) agus i bpointe (c) d'Airteagal 8(1), i bpointe (a) agus i bpointe (b) d'Airteagal 8(2) agus pointe (a) go pointe (e) d'Airteagal 8(3);
- (c) go gcomhlíontar na rialacha iomaíochais dá dtagraítear i gCaibidil V.

2. Chun críocha phointe (a) de mhír 1 meastar go bhfuil eagraíocht táirgeoirí iascaigh ionadaitheach i gcás inarb ionann í agus ar a laghad 55 % de chainníochtaí an táirge i gceist a margáíodh le linn na bliana roimhe sa limistéar a bhfuil sé beartaithe na rialacha a shíneadh chuige.

3. Chun críocha phointe (a) de mhír 1 meastar go bhfuil eagraíocht táirgeoirí dobarshaothraithe ionadaitheach i gcás inarb ionann í agus ar a laghad 40 % de chainníochtaí an táirge i gceist a margáíodh le linn na bliana roimhe sa limistéar a bhfuil sé beartaithe na rialacha a shíneadh chuige.

4. Na rialacha atá le síneadh chuig eagraíochtaí nach baill iad, beidh feidhm acu go ceann tréimhse idir 60 lá agus dhá mhí déag.

Airteagal 23

Rialacha eagraíochtaí idirchraoibhe a shíneadh

1. Féadfaidh Ballstát roinnt de na comhaontuithe, de na cinní nó de na cleachtais chomhbheartaithe a comhaontaíodh laistigh d' eagraíocht idirchraoibhe a chur de cheangal ar eagraíocht idirchraoibhe eile sa limistéar sonrach nó sna limistéir shonracha, ar oibreoirí nach baill den eagraíocht sin iad, ar an gcoinníoll:

- (a) go gcumhdaíonn an eagraíocht idirchraoibhe ar a laghad 65 % de gach ceann ar a laghad de dhá ghníomhaíocht ar a laghad díobh seo a leanas: táirgeadh, próiseáil nó margáíocht an táirge ábhartha le linn na bliana roimhe sa limistéar nó sna limistéir lena mbaineann de Bhallstát, agus go gcuireann sé iarrtas isteach chuig na húdaráis inniúla náisiúnta; agus
- (b) go mbaineann na rialacha atá le síneadh chun oibreoirí eile le haon cheann de na bearta is féidir le heagraíochtaí idirchraoibhe a dhéanamh atá leagtha síos i bpointe (a) go pointe (g) d'Airteagal 3 agus nach ndéanann siad dochar d'oibreoirí eile sa Bhallstát lena mbaineann ná san Aontas.

2. Féadfaidh síneadh a chuirtear le rialacha a bheith ina cheangal go ceann tréimhse nach faide ná trí bliana, gan dochar d'Airteagal 25(4).

Airteagal 24

Dlíteanas

Nuair a shíntear rialacha chuig eagraíochtaí nach baill iad i gcomhréir le hAirteagal 22 agus Airteagal 23, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann cinneadh a dhéanamh go bhfuil eagraíochtaí nach baill iad faoi dhlíteanas ag an eagraíocht táirgeoirí nó ag an eagraíocht idirchraoibhe i leith choibhéis na gcostas ar fad nó cuid díobh a d'íoc na baill de thoradh chur i bhfeidhm na rialacha a chuig eagraíochtaí nach baill iad.

Airteagal 25

Údarú ón gCoimisiún

1. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún i leith na rialacha a bhfuil sé beartaithe acu iad a chur de cheangal ar na táirgeoirí nó ar na hoibreoirí uile sa limistéar sonrach nó sna limistéir shonracha de bhun Airteagal 22 agus Airteagal 23.

2. Glacfaidh an Coimisiún cinneadh lena n-údarófar síneadh na rialacha dá dtagraítear i mír 1, ar choinníoll:

- (a) go gcomhlíontar forálacha Airteagal 22 agus Airteagal 23;
- (b) go gcomhlíontar na rialacha iomaíochta dá dtagraítear i gCaibidil V;
- (c) nach gcuireann an síneadh saorthrádáil i mbaol; agus
- (d) nach gcuirtear baint amach chuspóirí Airteagal 39 CFAE i mbaol.

3. Laistigh de mhí amháin tar éis dó an fógra a fháil, déanfaidh an Coimisiún cinneadh lena ndéanfar síneadh na rialacha a údarú nó a dhiúltú, agus cuirfidh sé an méid sin in iúl do na Ballstáit. I gcás nach mbeidh cinneadh déanta ag an gCoimisiún laistigh d'aon mhí amháin tar éis dó an fógra a fháil, measfar go bhfuil síneadh na rialacha údaraithe ag an gCoimisiún.

4. Féadfar leanúint de shíneadh údaraithe na rialacha a chur i bhfeidhm tar éis dul in éag na tréimhse ama tosaigh, lena n-áirítear le comhaontú intuigthe, gan an t-údarú a athnuachan go sainráite, ar choinníoll gur chuir an Ballstát lena mbaineann an Coimisiún ar an eolas, mí amháin ar a laghad roimh dhul in éag na tréimhse tosaigh sin, faoin tréimhse bhreise chun iarratas a dhéanamh agus ar choinníoll go bhfuil an t-iarratas breise sin údaraithe ag an gCoimisiún nó nach bhfuil agóid déanta aige ina choinne laistigh de mhí amháin tar éis dó fógra den sórt sin a fháil.

Airteagal 26

Údarú a tharraingt siar

Féadfaidh an Coimisiún seiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh sé an t-údarú a thug sé na rialacha a shíneadh a tharraingt siar sa chás ina suíonn sé nach gcomhlíontar aon cheann de na ceanglais maidir leis an údarú. Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit ar an eolas i dtaobh tarraingt siar den sórt sin.

Airteagal 27

Gníomhartha cur chun feidhme

Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme maidir le formáid agus nós imeachta an fhógra dá bhforáiltear in Airteagal 25(1). Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 43(2).

ROINN IV

Táirgeadh agus margáíocht a phleanáil

Airteagal 28

Plean táirgthe agus margáíochta

1. Déanfaidh gach eagraíocht táirgeoirí, ar a laghad, plean táirgthe agus margáíochta dá príomhspeiceas a margáíodh ar a laghad a chur faoi bhráid a húdaráis inniúil náisiúnta le go bhformheasfar iad. Le pleananna táirgthe agus margáíochta den chineál sin, díreofar ar na cuspóirí atá leagtha síos in Airteagal 3 agus in Airteagal 7 a bhaint amach.

2. Beidh na nithe seo a leanas sa phlean táirgthe agus margáiochta:

- (a) clár táirgthe le haghaidh speiceas gafa nó feirme;
- (b) straitéis margáiochta chun cainníocht, cáilíocht agus cur i láthair an tsoláthair a chomhoiriúnú le ceanglais an mhargaidh;
- (c) bearta atá le déanamh ag an eagraíocht táirgeoirí chun cur leis na cuspóirí atá leagtha síos in Airteagal 7;
- (d) réamhbhearta speisialta chun an soláthar speiceas a choigeartú a mbíonn deacrachtaí margáiochta ag baint leo de ghnáth i rith na bliana;
- (e) pionóis is infheidhme maidir le baill a sháraíonn na cinntí a glacadh chun an plan lena mbaineann a chur chun feidhme.

3. Déanfaidh na húdaráis inniúla náisiúnta an plan táirgthe agus margáiochta a fhormheas. Nuair atá an plan formheasta, cuirfidh an eagraíocht táirgeoirí chun feidhme é láithreach.

4. Féadfaidh eagraíochtaí táirgeoirí an plan táirgthe agus margáiochta a athbhreithniú, agus i gcás den sórt sin, cuirfidh siad é chuig na húdaráis inniúla náisiúnta lena fhormheas.

5. Déanfaidh an eagraíocht táirgeoirí tuarascáil bhliantúil a ullmhú i dtaca lena gníomhaíochtaí faoin bplean táirgthe agus margáiochta, agus cuirfidh sé faoi bhráid an údaráis inniúil náisiúnta í lena formheas.

6. Féadfaidh eagraíochtaí táirgeoirí tacaíocht airgeadais a fháil chun pleananna táirgthe agus margáiochta a ullmhú agus a chur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán gníomh dlíthiúil de chuid an Aontais amach anseo lena mbunófar na coinníollacha maidir leis an tacaíocht airgeadais don bheartas muirí agus iascaigh don tréimhse 2014-2020 (*).

7. Déanfaidh na Ballstáit seiceálacha chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh gach eagraíocht táirgeoirí na hoibleagáidí dá bhforáiltear san Airteagal seo. Féadfar aitheantas a tharraingt siar mar thoradh ar chinneadh gur tharla neamhchomhlíonadh.

Airteagal 29

Gníomhartha cur chun feidhme

1. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme maidir leis na nithe seo a leanas:

- (a) an formáid agus do struchtúr an phlean táirgthe agus margáiochta dá dtagraítear in Airteagal 28;
- (b) an nós imeachta agus na teorainneacha ama le haghaidh na bpleananna táirgthe agus margáiochta dá dtagraítear in Airteagal 28 a bheith curtha isteach ag eagraíochtaí táirgeoirí agus faofa ag Ballstáit.

2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 43(2).

(* IO: Cuir isteach, le do thoil, sraithuimhir an Rialacháin i ndoiciméad 2011/0380 (COD).

ROINN V

Na margáí a chobhsú

Airteagal 30

Sásra stórála

Féadfaidh eagraíochtaí táirgeoirí iascaigh tacaíocht airgeadais a fháil chun táirgí iascaigh atá liostaithe in Iarscríbhinn II a stóráil, ar choinníoll:

- (a) go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le cúnaimh stórála a leagtar síos i ngníomh dlíthiúil de chuid an Aontais amach anseo lena mbunaítear na coinníollacha maidir leis an tacaíocht airgeadais don bheartas muirí agus iascaigh don tréimhse 2014-2020;
- (b) gur chuir eagraíochtaí táirgeoirí iascaigh ar an margadh iad agus nach bhfuarthas aon cheannaitheoir dóibh ag an trucearphraghas dá dtagraítear in Airteagal 31;
- (c) go gcomhlíonann na táirgí na caighdeáin chomhargáiochta a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 33 agus gur de cháilíocht ard go leor iad lena gcaitheamh ag an duine;
- (d) go ndéantar na táirgí chobhsú nó a phróiseáil agus a stóráil in umair nó i gcaighin, nó trína reo, ar bord arthach nó i saoráidí ar tír, trína sailleadh, trína dtriomú, trína maranáidí, nó, más ábhartha, trína mbruith agus trína bpaistearadh, cibé acu an ndéantar nó nach ndéantar filléadú nó gearradh, nó i gcás inarb iomchuí, scioteadh cinn, de bhreis ar na próisis sin;
- (e) go ndéantar na táirgí a thabhairt isteach sa mhargadh arís ón stóráil níos faide anonn lena gcaitheamh ag an duine.
- (f) go bhfanann na táirgí sa stóráil ar feadh cúig lá ar a laghad.

Airteagal 31

Praghsanna ag a gcuirfean an sásra stórála ag obair

1. Roimh thús gach bliana, féadfaidh gach eagraíocht táirgeoirí iascaigh moladh dá chuid féin a dhéanamh maidir le praghas a gcuirfeadh an sásra stórála dá dtagraítear in Airteagal 30 ag obair i gcás na dtáirgí iascaigh atá liostaithe in Iarscríbhinn II.

2. Ní bheidh an trucearphraghas sin níos airde ná 80 % den mheánphraghas ualaithe a taifeadadh i leith an táirgthe i gceist i réimse gníomhaíochta na heagraíochta táirgeoirí lena mbaineann le linn na dtrí bliana go díreach roimh an mbliain a bhfuil an trucearphraghas socraithe lena haghaidh.

3. Agus an trucearphraghas á chinneadh, cuirfean an méid seo a leanas san áireamh:

- (a) treochtaí táirgthe agus éilimh;
- (b) cobhsú praghsanna margaidh;
- (c) cóineasú na margáí;
- (d) ioncain táirgeoirí;
- (e) leasanna tomhaltóirí.

4. Tar éis dóibh na moltaí a rinne na heagraíochtaí táirgeoirí atá aitheanta ar a gcríoch a scrúdú, cinnfidh na Ballstáit na trucearphraghsanna a bheidh le cur i bhfeidhm ag na heagraíochtaí táirgeoirí sin. Socrófar na praghsanna sin ar bhonn na gcritéar dá dtagraítear i mír 2 agus i mír 3. Cuirfear na praghsanna sin ar fáil go poiblí.

Airteagal 32

Gníomhartha cur chun feidhme

Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme maidir leis an bhformáid ina bhfoilseoidh na Ballstáit na trucearphraghsanna de bhun Airteagal 31(4). Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 43(2).

CAIBIDIL III

COMHCHAIGHDEÁIN MHARGAÍOCHTA

Airteagal 33

Comhchaighdeán mhargaíochta a bhunú

1. Gan dochar d'Airteagal 47, féadfar comhchaighdeán margaíochta a leagan síos maidir leis na táirgí iascaigh atá liostaithe in Iarscríbhinn I, beag beann ar a dtionscnamh (cibé acu ón Aontas nó allmhairithe), atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine.

2. Féadfaidh baint a bheith ag na caighdeáin dá dtagraítear i mír 1 le cáilíocht, méid, meáchan, pacáistiú, cur i láthair nó lipéadú na dtáirgí, agus leis na nithe seo a leanas go háirithe:

(a) íosmhéideanna margaíochta a ceapadh i bhfianaise na comhairle eolaíche is fearr; beidh íosmhéideanna margaíochta den sórt sin ag teacht, i gcás inarb ábhartha, le híosmhéideanna tagartha caomhantais i gcomhréir le hAirteagal 15(10) de Rialachán (AE) Uimh. .../2013;

(b) sonraíochtaí táirgí leasaithe atá i gcomhréir le ceanglais chaomhantais agus oibleagáidí idirnáisiúnta

3. Beidh feidhm ag mír 1 agus mír 2 gan dochar do na nithe seo a leanas:

(a) Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾;

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos príonsabail ghinearálta agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar amach nósanna imeachta i gcúrsaí sábháilteachta bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1).

(b) Rialachán (CE) 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾;

(c) Rialachán (CE) 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾;

(d) Rialachán (CE) 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾;

(e) Rialachán (CE) 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾;

(f) Rialachán (CE) 1005/2008 ón gComhairle ⁽⁶⁾; agus

(g) Rialachán (CE) 1224/2009.

Airteagal 34

Comhchaighdeán margaíochta a chomhlíonadh

1. Na táirgí atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine agus a bhfuil comhchaighdeáin mhargaíochta leagtha síos ina leith, ní fhéadfar iad a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais ach i gcomhréir leis na caighdeáin sin.

2. Féadfar gach táirge iascaigh a chuirtear i dtír, lena n-áirítear táirgí nach gcomhlíonann na comhchaighdeáin mhargaíochta a úsáid chun críche seachas lena gcaitheamh go díreach ag an duine lena n-áirítear mar mhin éisc, ola éisc, bia peataí, breiseáin bhia, táirgí cógaisíochtanó cosmaidí.

CAIBIDIL IV

FAISNÉIS DO THOMHALTÓIRÍ

Airteagal 35

Faisnéis shainordaitheach

1. Gan dochar do Rialachán (AE) 1169/2011, táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe dá dtagraítear i bpointí (a), (b), (c) agus (e) d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo agus a mhargaítear san Aontas, beag beann ar a dtionscnamh, ná ar a modh margaíochta, ní fhéadfar iad a thairiscint lena ndíol leis an tomhaltóir deiridh ná le holl-lónadóir mura mbeidh curtha in iúl orthu le marcáil nó le lipéad iomchuí an méid seo a leanas:

(a) ainmníocht tráchtála an speicis agus an t-ainm eolaíoch atá air;

(b) an modh táirgthe, trí úsáid na bhfrásaí seo a leanas go háirithe: "...arna ghabháil...", "...arna ghabháil i bhfíoruisce", nó "...arna shaothrú...";

⁽²⁾ Rialachán (CE) 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sláinteachas earraí bia (IO L 139, 30.4.2004, lch. 1).

⁽³⁾ Rialachán (CE) 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ag leagan síos rialacha sonracha sláinteachais do bhia de thionscnamh ainmhíoch (IO L 139, 30.4.2004, lch. 55).

⁽⁴⁾ Rialachán (CE) 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos na rialacha sonracha maidir le rialuithe oifigiúla a eagrú i dtaca le táirgí de bhunadh ainmhíoch le caitheamh ag an duine (IO L 226, 25.6.2004, lch. 83).

⁽⁵⁾ Rialachán (CE) 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le feidhmiú rialuithe oifigiúla chun comhlíonadh dlí beatha agus bia, rialacha sláinte ainmhithe agus leasa ainmhithe a áirithiú (IO L 165, 30.4.2004, lch. 1).

⁽⁶⁾ Rialachán (CE) 1005/2008 ón gComhairle lena mbunaítear córas Comhphobail chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh 1936/2001 agus (CE) Uimh. 601/2004 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1093/94 agus (CE) Uimh 1447/1999 (IO L 286, 29.10.2008, lch. 1).

(c) an limistéar inar gabhadh an táirge nó inar saothraíodh é, agus an catagóir trealamh a úsáideadh le hiascaigh ghabhála, mar a leagtar síos sa chéad cholún d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo;

(d) cibé ar dí-reodh an táirge.

(e) an dáta íosmharthanachta.

Ní bheidh feidhm ag an gceanglas i bpointe (d) maidir leis an méid seo a leanas:

(a) comhábhair atá sa táirgeadh deiridh;

(b) bianna a bhfuil gá le hiad a reo ó thaobh chéim phróiseála na teicneolaíochta de;

(c) táirgí iascaigh agus dobarshaothraithe arna reo roimhe sin chun críocha sábháilteachta sláinte, i gcomhréir le hIarscríbhinn III, Roinn VIII, de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;

(d) táirgí iascaigh agus dobarshaothraithe atá díreoir sula ndéantar an próiseas deataithe, saillidh, cócaráilte, piclithe, triomaithe orthu nó teaglain aon phróisis de na próisis sin.

2. Maidir le táirgí iascaigh agus dobarshaothraithe nach bhfuil réamhphacáilte, féadfar an fhaisnéis shainordaitheach a liostaítear i mír 1 a sholáthar le haghaidh miondíola trí bhíthin faisnéis tráchtála amhail cláir fógraí nó póstaer.

3. I gcás ina dtairgtear táirge measctha ar an leibhéal miondíola nó oll-lónadóireachta, ar táirge é ina bhfuil an speiceas céanna ach go dtagann sé ó mhodhanna táirgthe éagsúla, déanfar an modh a úsáideadh do gach baic a lua. I gcás ina dtairgtear táirge measctha ar an leibhéal díola don tomhaltóir deiridh nó d'oll-lónadóir, ar táirge é ina bhfuil an speiceas céanna ach go dtagann sé ó limistéir éagsúla gabhála nó ó thíortha éagsúla feirmeoireachta éisc, déanfar limistéar an bhaisce atá ionadaitheach i dtéarmaí na cainníochta a lua, mar aon le léiriú go dtagann na táirgí ó limistéir dhifriúla gabhála nó saothraithe éisc freisin.

4. Féadfaidh na Ballstáit cainníochtaí beaga táirgí a dhíoltar díreach ó shoithí iascaireachta le tomhaltóirí a dhíolmhú ó na ceanglais dá dtagraítear i mír 1, ar an gcoinníoll nach sáraíonn siad sin an luach dá dtagraítear in Airteagal 58(8) de Rialachán (CE) 1224/2009.

5. Táirgí iascaigh agus dobarshaothraithe agus a bpacáistiú ar cuireadh lipéad nó marc orthu roimh an 13 Nollaig 2014 agus nach gcomhlíonann an tAirteagal seo, féadfar iad a mhargú go dtí go mbeidh na stoic sin ídithe.

Airteagal 36

Tuairisciú um éicilipéadú

Tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit agus leis na geallsealbhóirí, déanfaidh an Coimisiún, faoin 1 Eanáir 2015, tuarascáil féidearthachta a chur faoi bhráid Pharlaimint na

hEorpa agus na Comhairle, maidir le roghanna le haghaidh scéim éicilipéad do tháirgí iascaigh agus dobarshaothraithe, go háirithe maidir le scéim den chineál sin a bhunú mar scéim ar fud an Aontais agus maidir le híoscháighdeáin a leagan síos d'éicilipéad Aontais a bheadh le húsáid ag na Ballstáit.

Airteagal 37

Sonrúcháin tráchtála

1. Chun críocha Airteagal 35(1), déanfaidh Ballstáit liosta de shonrúcháin tráchtála a nglactar leo ar a gcrioch a tharraingt suas, agus foilseoidh siad an liosta sin in éineacht lena n-ainmneacha eolaíoch. Beidh an méid seo a leanas sa liosta:

(a) ainm eolaíoch gach speicis de réir an Chórais Faisnéise FishBase nó bhunachar sonraí AFSIS Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (EBT), i gcás inarb ábhartha;

(b) an sonrúchán tráchtála:

(i) ainm an speicis i dteanga oifigiúil nó i dteangacha oifigiúla an Bhallstáit lena mbaineann;

(ii) i gcás inarb infheidhme, aon ainm nó aon ainmneacha eile a bhfuil glacadh leo nó a cheadaítear go háitiúil nó go réigiúnach.

2. Féadfar gach speiceas iasc atá mar chomhábhar i mbia eile a shonrú mar "iasc", ar an gcoinníoll nach ndéanann ainm agus cur i láthair bia dá leithéid tagairt do shainspeiceas iasc.

3. Aon athruithe ar liosta na sonrúcháin tráchtála a ghlac Ballstát leo, cuirfear fógra chuig an gCoimisiún ina leith gan mhoill agus cuirfidh sé na Ballstáit eile ar an eolas faoi.

Airteagal 38

Tásc ar limistéar na gabhála nó ar limistéar an táirgthe

1. Is éard a bheidh sa tásc ar limistéar na gabhála nó ar limistéar an táirgthe i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 35(1), na nithe seo a leanas:

(a) i gcás táirgí iascaigh arna ngabháil ar muir, ainm an fho-limistéir, nó na roinne, i scríbhinn, atá liostaithe i measc limistéir iascaigh EBT, chomh maith le hainm zóin den chineál sin arna chur in iúl ar bhealach a dtuigfidh tomhaltóirí é, nó léarscáil nó pictéagram a thaispeánann an zón sin nó de mhaolú ar an gceanglas sin, i gcás táirgí iascaigh a gabhadh in uiscí seachas uiscí an Atlantaigh Thoir Thuaidh (Limistéar Iascaigh EBT 27) na Meánmhara nó na Mara Duibhe (Limistéar Iascaigh EBT 37), táscaire ar ainm Limistéir Iascaigh EBT.

(b) i gcás táirgí iascaigh arna ngabháil i bhfionnuisce, tagairt do dhobharlach tionscnaimh Bhallstát tionscnaimh nó thrú tír tionscnaimh an táirge;

(c) I gcás táirgí do bharshaothraithe, tagairt don Bhallstát nó don tríú tír ina bhfuil níos mó ná leath a mheáchain dheiridh bainte amach ag an táirge nó inar fhan sé ar feadh níos mó ná leath dá thréimhse saothraithe, nó, i gcás sliogiasc, gur mhair an chéim dheiridh dá thógáil nó dá shaothrú sé mhí ar a laghad.

2. Le cois na faisnéise dá dtagraítear i mír 1, féadfaidh oibreoírí faisnéis níos beachte a thabhairt maidir le limistéar na gabhála nó an táirgthe.

Airteagal 39

Faisnéis bhreise dheonach

1. De bhreis ar an bhfaisnéis sainordaitheach a cheanglaítear de bhun Airteagal 35, féadfar an fhaisnéis seo a leanas a sholáthar ar bhonn deonach, ar choinníoll go bhfuil an fhaisnéis sin soiléir agus gan athbhrí:

- (a) an dáta gabhála i gcás táirgí iascaigh nó an dáta buainte i gcás táirgí do bharshaothraithe;
- (b) dáta chur i dtír gabhála i gcás táirgí iascaigh nó faisnéise maidir leis an gcalafort ag ar tugadh na táirgí i dtír.
- (c) faisnéis níos mionsonraithe ar chineál an trealaimh iascaigh, mar atá liostaithe sa dara colún d'Iarscríbhinn III;
- (d) i gcás táirgí iascaigh arna ngabháil ar muir, sonraí maidir le bratstát an tsoithigh a rinne na táirgí sin a ghabháil;
- (e) faisnéis maidir leis an gcomhshaol;
- (f) faisnéis eiticiúil nó shóisialta;
- (g) faisnéis maidir le teicnící agus cleachtais táirgthe;
- (h) faisnéis maidir le cion cothaithe an táirge.

2. Féadfar cód Freagairt Thapa (QR) a úsáid le cuid den fhaisnéis atá liostaithe in Airteagal 42(1) nó an fhaisnéis sin uile a léiriú.

3. Ní chúngóidh an fhaisnéis dheonach ar an áit atá curtha i leataobh don fhaisnéis shainordaitheach ar an marcáil agus ar an lipéadú.

4. Ní dhéanfar aon fhaisnéis dheonach a chur san áireamh nach féidir a fhíorú.

CAIBIDIL V

RIALACHA IOMAÍOCHTA

Airteagal 40

Na rialacha iomaíochta a chur chun feidhme

Beidh feidhm ag Airteagal 101 go hAirteagal 106 de CFAE agus ag a bhforálacha cur chun feidhme maidir le comhaontuithe, cinní, agus cleachtais dá dtagraítear in Airteagal 101(1) agus Airteagal 102 CFAE a bhaineann le táirgeadh nó margaíocht táirgí iascaigh agus do bharshaothraithe.

Airteagal 41

Eisceachtaí ar chur i bhfeidhm na rialacha iomaíochta

1. D'ainneoin Airteagal 40 den Rialachán seo, ní bheidh feidhm ag Airteagal 101(1) CFAE maidir leis na comhaontuithe, na cinní agus na cleachtais de chuid eagraíochtaí táirgeoirí a bhaineann le táirgeadh nó díol táirgí iascaigh agus do bharshaothraithe nó le húsáid comhshaoráidí chun táirgí den sórt sin a stóráil, a chóireáil nó a phróiseáil, agus ar comhaontuithe, cinní agus cleachtais iad:

- (a) atá riachtanach chun na cuspóirí atá leagtha amach in Airteagal 39 CFAE a bhaint amach;
- (b) nach bhfuil aon oibleagáid ag baint leo praghsanna combhionanna a mhuirearú;
- (c) nach mbeidh mar thoradh orthu deighilt de shaghas ar bith sna margáil laistigh den Aontas;
- (d) nach gcuireann cosc ar an iomaíocht; agus
- (e) nach ndíchuireann an iomaíocht i ndáil le sciar mór de na táirgí i gceist;

2. D'ainneoin Airteagal 40 den Rialachán seo, ní bheidh feidhm ag Airteagal 101(1) de CFAE maidir le comhaontuithe, cinní agus cleachtais de chuid eagraíochtaí idirchraoibhe:

- (a) atá riachtanach chun na cuspóirí atá leagtha amach in Airteagal 39 de CFAE a bhaint amach;
- (b) nach bhfuil aon oibleagáid ag baint leo praghas socraithe a chur i bhfeidhm;
- (c) nach mbeidh mar thoradh orthu deighilt de shaghas ar bith sna margáil laistigh den Aontas;
- (d) nach gcuireann coinníollacha neamhchosúla i bhfeidhm maidir le hidirbhearta coibhéiseacha a dhéantar le páirtithe eile trádála i slí go gcuirfear faoi mhíbhuntáiste iomaíochta iad;
- (e) nach ndíchuireann an iomaíocht i ndáil le sciar mór de na táirgí i gceist; agus
- (f) nach gcuireann srian ar an iomaíocht ar bhealaí nach bhfuil sár-riachtanach chun cuspóirí CBI a bhaint amach.

CAIBIDIL VI

FAISNÉIS MAIDIR LEIS AN MARGADH

Airteagal 42

Faisnéis maidir leis an margadh

1. Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

- (a) eolas eacnamaíoch agus tuiscint ar mhargadh an Aontais i dtáirgí iascaigh agus do bharshaothraithe a bhailiú, a anailísiú agus a chraobhscaoileadh feadh an tslabhra soláthair, agus an comhthéacs idirnáisiúnta á chur san áireamh;

- (b) tacaíocht phraiticiúil a chur ar fáil d'eagraíochtaí táirgeoirí agus eagraíochtaí idirchraoibhe chun sonraí a chomhordú níos fearr idir oibreoirí agus próiseálaithe.
- (c) suirbhéanna a dhéanamh go tráthrialta ar phraghsanna táirgí iascaigh agus do Bharshaothraithe feadh shlabhra soláthair an Aontais, agus a anailís a dhéanamh ar threochtaí margaidh;
- (d) staidéir ad hoc ar an margadh a dhéanamh, mar aon le modheolaíocht a sholáthar chun suirbhéanna ar phraghasmhúnú a dhéanamh.

2. Chun mír 1 a chur chun feidhme, úsáidfidh an Coimisiún na bearta seo a leanas:

- (a) rochtain a éascú ar na sonraí atá ar fáil maidir le táirgí iascaigh agus do Bharshaothraithe arna mbailiú de bhun dhlí an Aontais;
- (b) faisnéis margaidh amhail suirbhéanna praghais, anailís margaidh agus staidéir a chur ar fáil do na geallshealbhóirí uile agus don phobal i gcoitinne ar bhealach inrochtana agus intuigthe, faoi réir Rialachán (CE) 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾
3. Rannchuideoidh na Ballstáit le baint amach na gcuspóirí dá dtagraítear i mír 1.

CAIBIDIL VII

FORÁLACHA NÓS IMEACHTA

Airteagal 43

Nós imeachta coiste

1. Beidh coiste de chúnadh ag an gCoimisiún. Coiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 a bheidh sa choiste sin.
2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

CAIBIDIL VIII

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 44

Leasú ar Rialachán (CE) Uimh. 1184/2006

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1 de Rialachán (CE) Uimh. 1184/2006:

“Airteagal 1

Leis an Rialachán seo, leagtar síos rialacha maidir le hinfheidhmeacht Airteagail 101 go 106 agus Airteagal 108(1) agus (3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí agus ag comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin (IO L 8, 12.1.2001, lch. 1)

Eorpaigh (CFAE) i ndáil leis na táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le CFAE a tháirgeadh nó trádáil a dhéanamh iontu cé is moite de na táirgí a liostaítear in Rialachán 1234/2007 an 22 Deireadh Fómhair 2007 ón gComhairle lena mbunaítear comheagrú na margaí talmhaíochta agus maidir le forálacha sonracha do tháirgí talmhaíochta áirithe (an Rialachán CEM aonair) (*) agus i Rialachán (AE) Uimh. .../2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... maidir le comheagrú na margaí i dtáirgí iascaigh agus do Bharshaothraithe (**).

(*) IO L 299, 16.11.2007, lch. 1.

(**) IO L ...”

Airteagal 45

Leasuithe ar Rialachán (CE) 1224/2009

Leis seo leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 mar seo a leanas:

- (1) cuirtear na habairtí seo a leanas le hAirteagal 57(1):

“Déanfaidh na Ballstáit seiceálacha chun comhlíonadh a áirithiú. Féadfar na seiceálacha a dhéanamh ag gach céim den mhargú agus le linn an iompair.”;

- (2) leasaítear Airteagal 58(5) mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe (g):

“(g) an fhaisnéis do thomhaltóirí dá bhforáiltear in Airteagal 35 de Rialachán (AE) Uimh. .../2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*);

(*) Rialachán (AE) Uimh. /2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... maidir le comheagrú na margaí i dtáirgí iascaigh agus do Bharshaothraithe (IO L ...).”;

- (b) scriostar pointe (h).

Airteagal 46

Aisghairm

Aisghairtear leis seo Rialachán (CE) Uimh.104/2000. Beidh feidhm ag Airteagal 4 go dtí an 12 Nollaig 2014, áfach.

Déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil a leagtar amach in Iarscríbhinn IV.

*Airteagal 47***Rialacha lena mbunaítear comhchaighdeáin mhargaíochta**

Maidir le rialacha lena mbunaítear comhchaighdeáin mhargaíochta, go háirithe Rialachán (CEE) Uimh. 2136/89 ón gComhairle ⁽¹⁾, Rialachán (CEE) Uimh. 1536/92 ón gComhairle ⁽²⁾, Rialachán (CE)Uimh. 2406/96 ón gComhairle ⁽³⁾, chomh maith le rialacha eile a glacadh chun comhchaighdeáin mhargaíochta a chur i bhfeidhm amháil Rialachán (CEE) Uimh. 3703/85 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾, leanfaidh siad d'fheidhm a bheith acu.

*Airteagal 48***Athbhreithniú**

Tuairisceoidh an Coimisiún do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le torthaí chur i bhfeidhm an Rialacháin seo faoin 31 Nollaig 2022.

*Airteagal 49***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2014, cé is moite de Chaibidil IV agus d'Airteagal 45 a mbeidh feidhm acu ón 13 Nollaig 2014.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i/sa ...

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

...

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

...

⁽¹⁾ Rialachán (CEE) Uimh. 2136/89 ón gComhairle an 21 Meitheamh 1989 lena leagtar síos comhchaighdeáin mhargaíochta maidir le sairdíní leasaithe agus maidir le tuairiscí trádála le haghaidh sairdíní leasaithe agus táirgí de chineál sairdín (IO L 212, 22.7.1989, lch. 79).

⁽²⁾ Rialachán (CEE) Uimh. 1536/92 ón gComhairle an 9 Meitheamh 1992 lena leagtar síos comhchaighdeáin mhargaíochta maidir le tuinníní agus boiníotó leasaithe (IO L 163, 17.6.1992, lch. 1).

⁽³⁾ Rialachán (CE)Uimh. 2406/96 ón gComhairle lena leagtar síos comhchaighdeáin mhargaíochta maidir le táirgí áirithe iascaigh (IO L 334, 23.12.1996, lch. 1).

⁽⁴⁾ Rialachán (CEE) Uimh. 3703/85 ón gCoimisiún lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir leis na comhchaighdeáin mhargaíochta a chur i bhfeidhm maidir le héisc áirithe atá úr nó fuaraithe (IO L 351, 28.12.1985, lch. 63).

IARSCRÍBHINN I

TÁIRGÍ IASCAIGH AGUS DOBARSHAOTHRAITHE A CHUMHDAÍTEAR LE CEM

Cód AC	Tuairisc ar na hearraí
(a) 0301	Iasc beo
0302	Iasc úr nó fuaraithe, seachas filléid éisc agus feoil eile éisc atá faoi cheannteideal 0304
0303	Iasc reoite, seachas filléid éisc agus feoil eile éisc atá faoi cheannteideal 0304
0304	Filléid éisc agus feoil eile éisc (bíodh sí mionaithe nó ná bíodh) atá úr, fuaraithe nó reoite
(b) 0305	Iasc triomaithe, saille nó faoi sháile; iasc deataithe, bíodh sé cócaráilte roimh an bpróiseas deataithe nó lena linn; plúir, min agus millíní éisc, atá oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine
(c) 0306	Crústaigh bheo, úra, fuaraithe, reoite, triomaithe, saille nó faoi sháile, bídís sa bhlaosc nó ná bíodh; crústaigh sa bhlaosc, cócaráilte le gal nó beirthe in uisce, bídís fuaraithe, reoite, triomaithe, saille nó faoi sháile nó ná bíodh; plúir, min agus millíní crústach, atá oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine
0307	Moilisc bheo, úra, fuaraithe, reoite, triomaithe, saille nó faoi sháile, bídís sa bhlaosc nó ná bíodh; inveirteabraigh uisce, seachas crústaigh agus moilisc, bheo, úra, fuaraithe, reoite, triomaithe, saille nó faoi sháile; plúir, min agus millíní inveirteabach uisce, seachas crústaigh, atá oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine
(d)	Táirgí ainmhíocha nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile; ainmhithe marbha dá dtagraítear i gCaibidil 1 nó i gCaibidil 3, atá mí-oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine: – Eile: -- Táirgí éisc nó crústach, moileasc nó inveirteabach eile uisce; ainmhithe marbha dá dtagraítear i gCaibidil 3: 0511 91 10 --- Dramhaíl éisc 0511 91 90 --- Eile
(e) 1212 20 00	– Cineálacha feamainne agus algaí eile
(f)	Saill agus olaí éisc agus a gcodáin, bídís scagtha nó ná bíodh, nach bhfuil modhnú ceimiceach déanta orthu: 1504 10 – Olaí aenna éisc agus a gcodáin 1504 20 – Saill agus olaí éisc, agus a gcodáin, seachas olaí aenna
(g) 1603 00	Úisc agus súnna ó fheoil, éisc nó crústach, moileasc nó inveirteabach eile uisce
(h) 1604	Iasc ullmhaithe nó leasaithe; caibheár agus caibheár ionaid a ullmhaíodh ó uibheacha éisc
(i) 1605	Crústaigh, moilisc agus inveirteabraigh eile uisce, ullmhaithe nó leasaithe
(j)	Pasta, bíodh sé cócaráilte nó stuáilte (le feoil nó le substaintí eile), nó bíodh sé ullmhaithe ar bhealaí eile nó ná bíodh, mar shampla spaigítí, macarón, núdail, lasáinne, gnocchi, ravioli, cannelloni; cúscús, bíodh sé ullmhaithe nó ná bíodh 1902 20 – Pasta stuáilte, bíodh sé cócaráilte nó ullmhaithe ar bhealach eile: 1902 20 10 -- ina bhfuil níos mó ná 20 %, de réir meacháin, iasc, crústach, moileasc nó inveirteabach eile uisce

Cód AC	Tuairisc ar na hearraí
(k) 2301 20 00	Plúir, min agus millíní, ó fheoil agus ó mhiodamas feola, éisc nó crústach, moileasc nó inveirteabrach eile uisce, nach bhfuil oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine; geirdheascadh: – Plúir, min agus millíní, éisc nó crústach, moileasc nó inveirteabrach eile uisce
(l) 2309 90 ex 2309 90 10	Ullmhóidí den chineál a úsáidtear i mbeathú ainmhithe – Eile: -- Ábhair intuaslagtha éisc

IARSCRÍBHINN II

TÁIRGÍ IASCAIGH FAOI RÉIR NA MEICNÍOCHTA STÓRÁLA

Cód AC	Tuairisc ar na hearraí
0302 22 00	Leathóga (<i>Pleonectes platessa</i>)
ex 0302 29 90	Dabaí (<i>Limanda limanda</i>)
0302 29 10	Scaoilteáin (<i>Lepidorhombus</i> spp.)
ex 0302 29 90	Leitheanna (<i>Platichthys flesus</i>)
0302 31 10	Tuinníní colgacha (<i>Thunnus alalunga</i>)
agus	
0302 31 90	
ex 0302 40	Scadáin de chuid an speicis <i>Clupea harengus</i>
0302 50 10	Troisc de chuid an speicis <i>Gadus morhua</i>
0302 61 10	Sairdíní de chuid an speicis <i>Sardina pilchardus</i>
ex 0302 61 80	Salán (<i>Sprattus Sprattus</i>)
0302 62 00	Cadóga (<i>Melanogrammus aeglefinus</i>)
0302 63 00	Glasáin (<i>Pollachius virens</i>)
ex 0302 64	Ronnaigh de chuid an speicis <i>Scomber scombrus</i> agus <i>Scomber japonicus</i>
0302 65 20	Fíogaigh (<i>Squalus acanthias</i> agus <i>Scyliorhinus</i> spp.)
agus	
0302 65 50	
0302 69 31	Péirsí mhara (<i>Sebastes</i> spp.)
agus	
0302 69 33	
0302 69 41	Faoitíní (<i>Merlangius merlangus</i>)
0302 69 45	Langáí (<i>Molva</i> spp.)
0302 69 55	Ainseabhaithe (<i>Engraulis</i> spp.)
ex 0302 69 68	Colmóirí de chuid an speicis <i>Merluccius merluccius</i>
0302 69 81	Láimhínigh (<i>Lophius</i> spp.)
ex 0302 69 99	Dorád (<i>Coryphaena hippurus</i>)
ex 0307 41 10	Cudail (<i>Sepia officinalis</i> agus <i>Rossia macrosoma</i>)
ex 0306 23 10	Séaclaí de chuid an speicis <i>Crangon crangon</i> agus séaclaí Artacha (<i>Pandalus borealis</i>)
ex 0306 23 31	
ex 0306 23 39	
0302 23 00	Sóil (<i>Solea</i> spp.)

Cód AC	Tuairisc ar na hearraí
0306 24 30	Portáin dhearga (<i>Cancer pagurus</i>)
0306 29 30	Gliomaigh na hIorua (<i>Nephrops norvegicus</i>)
0303 31 10	Haileabónna Graonlannacha (<i>Reinhardtius hipoglossoides</i>)
0303 78 11	Colmóirí de chuid an speicis <i>Merluccius</i>
0303 78 12	
0303 78 13	
0303 78 19	
agus	
0303 29 55	
0304 29 56	
0304 29 58	
0303 79 71	Garbhánaigh (<i>Dentex dentex</i> agus <i>Pagellus</i> spp.)
0303 61 00	Colgáin (<i>Xiphias gladius</i>)
0304 21 00	
0304 91 00	
0306 13 40	Séaclaí de chuid na fine <i>Penaeidae</i>
0306 13 50	
ex 0306 13 80	
0307 49 18	Cudail de chuid na speiceas <i>Sepia officinalis</i> , <i>Rossia macrosoma</i> agus <i>Sepiola rondeletti</i>
0307 49 01	
0307 49 31	Scuideanna (<i>Loligo</i> spp.)
0307 49 33	
0307 49 35	
agus	
0307 49 38	
0307 49 51	Scuideanna (<i>Ommastrephes sagittatus</i>)
0307 59 10	Ochtapais (<i>Octopus</i> spp.)
0307 99 11	<i>Illex</i> spp.
0303 41 10	Tuinní colgacha (<i>Thunnus alalunga</i>)
0302 32 10	Tuinníní buí (<i>Thunnus albacares</i>)
0303 42 12	
0303 42 18	
0303 42 42	
0303 42 48	

Cód AC	Tuairisc ar na hearraí
0302 33 10	Boiníotó aigéanach (<i>Katsuwonus pelamis</i>)
0303 43 10	
0303 45 10	Tuinníní gorma (<i>Thunnus thynnus</i>)
0302 39 10	Speicis eile de chuid na ngéineas <i>Thunnus</i> agus <i>Euthynnus</i>
0302 69 21	
0303 49 30	
0303 79 20	
ex 0302 29 90	Leathóga míne (<i>Microstomus kitt</i>)
0302 35 10	Tuinníní gorma (<i>Thunnus thynnus</i>)
agus	
0302 35 90	
ex 0302 69 51	Mangaigh (<i>Pollachius pollachius</i>)
0302 69 75	Sáimhíní (<i>Brama</i> spp.)
ex 0302 69 82	Faoitíní gorma (<i>Micromesistius poutassou</i>)
ex 0302 69 99	Troscáin stopóige (<i>Trisopterus luscus</i>) agus miontroisc (<i>Trisopterus minutus</i>)
ex 0302 69 99	Bogue (<i>Boops boops</i>)
ex 0302 69 99	Picréil (<i>Spicara smaris</i>)
ex 0302 69 99	Eascanna concair (<i>Conger conger</i>)
ex 0302 69 99	Cnúdáin (<i>Trigla</i> spp.)
ex 0302 69 91	Bolmáin (<i>Trachurus</i> spp.)
ex 0302 69 99	
ex 0302 69 99	Milléid (<i>Mugil</i> spp.)
ex 0302 69 99	Sciataí (<i>Raja</i> spp.)
agus	
ex 0304 19 99	
ex 0302 69 99	Scabairdí (<i>Lepidopus caudatus</i> agus <i>Aphanopus carbo</i>)
ex 0307 21 00	Muiríní móra (<i>Pecten maximus</i>)
ex 0307 91 00	Cuachmaí (<i>Buccinum undatum</i>)
ex 0302 69 99	Milléid cheannchothroma nó milléid dhearga (<i>Mullus surmuletus</i> , <i>Mullus barbatus</i>)
ex 0302 69 99	Sáimhíní (<i>Spondyliosoma cantharus</i>)

IARSCRÍBHINN III

FAISNÉIS MAIDIR LE TREALAMH IASCAIGH

Faisnéis shainordaitheach maidir le cineál an trealaimh iascaigh	Faisnéis atá níos mionsonraithe ar threalamh agus cóid atá comhfhreagrach, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 26/2004 ⁽¹⁾ agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 ón gCoimisiún ⁽²⁾	
Saighní	Saighní trá	SB
	Saighní Danmhargacha	SDN
	Saighní Albanacha	SSC
	Saighní péire	SPR
Tráil	Tráil bíoma	TBB
	Tráil dobharchú íochtair	OTB
	Tráil phéire íochtair	PTB
	Tráil dobharchúnna láruisce	OTM
	Tráil phéire pheiligeacha	PTM
	Dé-thráil dobharchú	OTT
Eangacha geolbhaigh agus eangacha costúla	Eangacha geolbhaigh socraithe (ar ancaire)	GNS
	Sruthlúnta	GND
	Eangacha geolbhaigh timpeallaithe	GNC
	Trailmí	GTR
	Trailmí agus Eangacha geolbhaigh cumasctha	GTN
Eangacha timpeallacha agus líonta ardaithe	Saighní Peaslíon	PS
	Eangacha Lampara	LA
	Líonta ardaithe le bád	LNB
	Líonta ardaithe do-aistrithe ar chladach	LNS
Duáin agus doruithe	Doruithe láimhe agus doruithe cuaille (láimhe)	LHP
	Doruithe láimhe agus doruithe cuaille (meicniúla)	LHM
	Doruithe fada socraithe	LLS
	Doruithe fada (aistreacha)	LLD
	Doruite trálála	LTL
Dreidirí	Dreidirí báid	DRB
	Dreidirí láimhe arna n-úsáid ar bord arthaigh	DRH
	Dreidirí meicniúla lena n-áirítear dreidirí síute	HMD
Potaí agus gaistí	Pótaí (gaistí)	FPO

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 26/2004 ón gCoimisiún an 30 Nollaig 2003 maidir le clár cabhlaigh iascaireachta an Chomhphobail (IO L 5, 9.1.2004, lch. 25).

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 ón gCoimisiún lena leagtar síos rialacha mionsonraithe chun Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú. (IO: L 112, 30.4.2011, lch. 1).

IARSCRÍBHINN IV

TÁBLA COMHGHAOIL

Rialachán (CE) Uimh. 104/2000	An Rialachán seo
Airteagal 1	Airteagail 1 go 5
Airteagal 2, Airteagal 3	Airteagal 33, Airteagal 34
Airteagal 4	Airteagail 35 go 39,
Airteagal 5(1)	Airteagal 6, Airteagal 7 agus Airteagal 8
Airteagail 5(2), 5(3), 5(4), agus Airteagal 6	Airteagail 14, 18 go 21
Airteagal 7	Airteagal 22 agus Airteagail 24, go 27
Airteagal 8	—
Airteagail 9 go 12,	Airteagal 28, Airteagal 29,
Airteagal 13	Airteagail 11, 12, 13, 16, 18, 20 agus 21
Airteagal 14	Airteagal 41(2)
Airteagal 15	Airteagal 23
Airteagal 16	Airteagail 24 go 27
Airteagail 17 go 27	Airteagal 30, Airteagal 31 agus Airteagal 32
Airteagal 33	—
Airteagal 34	Airteagal 20(2), Airteagal 21 agus Airteagal 32
Airteagal 35	—
Airteagal 36	—
Airteagal 37	Airteagal 43
Airteagal 38, Airteagal 39	Airteagal 43
Airteagal 40	—
Airteagal 41	Airteagal 48
Airteagal 42	Airteagal 44, Airteagal 45, Airteagal 46
Airteagal 43	Airteagal 49
—	Airteagal 40
—	Airteagal 41(1)
—	Airteagal 42

RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE

I. RÉAMHRÁ

An 13 Iúil 2011, chuir an Coimisiún Eorpach a thogra maidir le comheagraíocht na margaí i dtáirgí iascaigh agus do Bharshaothraithe (“CEM”) ⁽¹⁾ faoi bhráid na Comhairle.

Tar éis díospóireachta beartais a tionóladh an 19 Márta 2012, tháinig an Chomhairle “Talmhaíocht agus Iascach” ar “chur chuige ginearálta” i mí an Mheithimh 2012 ⁽²⁾.

Chaith Parlaimint na hEorpa vóta maidir lena seasamh ar an gcéad léamh an 12 Meán Fómhair 2012 ⁽³⁾.

Tar éis na vótála i bParlaimint na hEorpa, rinneadh caibidlíocht idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún chun go dtiocfaí ar chomhaontú maidir leis an togra. Thángthas ar chomhaontú an 4 Meitheamh 2013 agus d’fhormhuinigh Coiste na mBuanionadaithe ina dhiaidh sin é an 14 Meitheamh 2013, d’fhormhuinigh Coiste Pharlaimint na hEorpa um Iascach é an 18 Meitheamh agus d’fhormhuinigh an Chomhairle é an 15 Iúil 2013.

Agus an comhaontú thuas á chur san áireamh aici agus tar éis athbhreithniú dlí agus teanga a bheith déanta, iarrtar ar an gComhairle “Talmhaíocht agus Iascach” an 17 Deireadh Fómhair 2013 an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh a ghlacadh, i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach a leagtar síos in Airteagal 294 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

Agus a cuid oibre á cur i gcrích aici, thug an Chomhairle aird iomchuí ar thuairim Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus ar thuairim Choiste na Réigiún, a glacadh an 28 Márta 2012 agus an 4 Bealtaine 2012, faoi seach ⁽⁴⁾.

II. CUSPÓIR

Is é is aidhm don togra áit Rialachán 104/2000 an 17 Nollaig 1999 ⁽⁵⁾ lena mbunaítear bunús dlí chomheagraíocht na margaí i dtáirgí iascaigh agus do Bharshaothraithe (“CEM”) a ghlacadh. Is cuid den Phacáiste Athchóirithe ar an gComhbheartas Iascaigh é an togra maidir le Comheagraíocht na Margaí agus tá sé ceaptha chun cur le cuspóirí an Rialacháin nua atá molta maidir leis an gComhbheartas Iascaigh ⁽⁶⁾.

Áirítear na nithe seo a leanas ar chuspóirí an togra seo:

- nósanna imeachta dlíthiúla agus oibleagáidí maidir le tuairisciú a shimpliú;
- an ról atá ag na hEagraíochtaí Gairmiúla a neartú;
- laghdú ar thacaíocht mhargaidh (deireadh a chur leis an sásra praghais aistarraingthe agus céimniú amach na tacaíochta do chúnaimh stórála); agus
- faisnéis níos fearr a thabhairt do thomhaltóirí.

III. ANAILÍS AR AN SEASAMH ÓN GCOMHAIRLE AR AN GCÉAD LÉAMH

A) Barúlacha ginearálta

Ar bhonn an togra ón gCoimisiún, rinne Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle caibidlíocht agus é mar aidhm acu teacht ar chomhaontú ag céim an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh. Léirítear go hiomlán leis an téacs ón gComhairle an comhréiteach ar thángthas air idir an dá chomhreachtóir.

B) Na príomh-shaincheisteanna

Tá na príomhghnéithe a leanas sa chomhaontú a léirítear sa seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh:

⁽¹⁾ 12516/11 PECHE 188 CODEC 1167.

⁽²⁾ 10415/12 PECHE 192 CODEC 1445.

⁽³⁾ 13616/12 CODEC 2093 PECHE 334 PE 390.

⁽⁴⁾ IO C 181, 21.6.2012, lch. 183; IO C 225, 25.7.2012, lch. 20.

⁽⁵⁾ IO L 17, 21.1.2000, lch. 22.

⁽⁶⁾ 12514/11 PECHE 187 CODEC 1166.

a) *Forálacha ginearálta*

Thug Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon dá n-aire go raibh tagairt don ghné sheachtrach in easnamh sa togra ón gCoimisiún. Dar leis an gCoimisiún, ní raibh sé sin riachtanach de bhrí go láimhseálfaí an beartas seachtrach i rialachán ar leith faoi bhunús dlí difriúil. Sa chomhréiteach deiridh, cuireadh isteach tagairt do na rialacháin lena bhforlíonfar CEM maidir le gnéithe seachtracha.

Arna iarraidh sin don Chomhairle, cuireadh na sainmhínte i ndáil le “miondíol” agus le “táirgí iascaigh agus doibharshaothraithe réamhphacáilte” le liosta na sainmhínte in Airteagal 5 agus rinneadh tagairt do shainmhínte ó CBI agus ó rialacháin eile a mbeidh feidhm leo freisin sa chomhthéacs seo.

b) *Eagraíochtaí Táirgeoirí*

D’fhormhuinigh Parlaimint na hEorpa athstruchtúrú na roinne maidir le bunú, le cuspóirí agus le beartais a mhol an Chomhairle, chun críche simplithe, a raibh scrios Airteagal 9 go hAirteagal 11 mar thoradh air. Dá bharr sin, fágadh Leasú 38 go Leasú 68 ó Pharlaimint na hEorpa amach, agus ábhar na Leasuithe sin á ionchorprú den chuid is mó i struchtúr na Comhairle.

Cuspóirí agus bearta: tháinig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar chomhaontú maidir le hathruithe lena méadaítear cuspóirí eagraíochtaí táirgeoirí agus lena dtugtar mionsonraí orthu I gcomparáid leis an togra ón gCoimisiún. Mar sin, cuir i gcás, maidir le heagraíochtaí táirgeoirí lascaigh, cuireadh isteach na gnéithe seo a leanas: *iascaireacht inbhuanaithe* a chur chun cinn, cloí leis an *dlí comhshaoil* agus an *beartas sóisialta* á urramú, an bealach ar cheart *gabhála nach bhfuil de dhíth* a láimhseáil, *inrianaitheacht* agus an rannchuidiú i gcoinne *cleachtas iascaireachta neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (cleachtais NNN)*. Tugadh isteach athruithe comhfhreagracha ar an roinn i ndáil le “beartais”.

Aitheantas: Arna iarraidh sin don Chomhairle, tugadh isteach rialacha mionsonraithe maidir le feidhmiú eagraíochtaí táirgeoirí agus eagraíochtaí idirchraoibhe.

Pleananna táirgthe agus margaióchta: glacadh le hiarrataí tábhachtacha ón gComhairle: i dtús báire, sonraítear ábhar pleananna táirgthe agus margaióchta in Airteagal 28(2), ar an dara dul síos, scriosadh an chumhacht a thugtar don Choimisiún leis an togra chun gníomhartha tarmlichte a ghlacadh, agus, ar deireadh, glacfaidh an Coimisiún athruithe ar fhormaid agus ar struchtúr na bpleananna táirgthe agus margaióchta trí mheán gníomhartha cur chun feidhme.

Sásra stórála: I dtaca leis an sásra stórála a mhol an Coimisiún, a raibh sé beartaithe leis áit an chórais praghsanna aistarraingthe agus idirghabhálacha ina iomláine a ghlacadh, is beag athrú a tháinig air. Ba léir go raibh comhréiteach éifeachtach ann idir na páirtithe a bhí i bhfabhar síneadh a chur leis an gcóras reatha agus páirtithe eile ar mhaith leo deireadh ar fad a chur le hidirghabháil phoiblí.

Comhchiste: Arna iarraidh sin don Chomhairle, scriosadh rialacha an togra maidir le comhchistí na n-eagraíochtaí táirgeoirí, de bhrí gur measadh nár tugadh breisluach ar bith isteach leo.

c) *Caighdeán mhargaíochta*

Mar a mhol an Chomhairle, féadfar tagairt a dhéanamh le caighdeán mhargaíochta do cháilíocht, do mhéid nó mheáchan, do phacáistiú, do chur i láthair agus do lipéadú na dtáirgí, agus go háirithe d’íosmhéideanna margaióchta i gcomhréir le híosmhéideanna tagartha caomhantais, nuair is iomchuí. Féadfar táirgí iascaigh a chuirtear i dtír, ar táirgí iad nach gcomhlíonann na caighdeáin mhargaíochta, a úsáid chun críche seachas lena gcaitheamh ag an duine (beartaítear sa chaoi sin gan margaí a chruthú do “ghabhálacha nach bhfuil de dhíth” amhail iasc óg).

Arna iarraidh sin don Chomhairle, scriosadh an chumhacht a thugtar don Choimisiún leis an togra chun gníomhartha tarmhligthe a ghlacadh.

d) *Faisnéis do thomhaltóirí*

Ba é Airteagal 35 (faisnéis shainordaitheach) ceann de na saincheisteanna ba dheacra a bhain leis an gcaibidlíocht. Go háirithe ba iad cur isteach an *dáta gabhála nó an dáta chur i dtír* agus an *trealamh a úsáideadh* a bhí ina gcnámh spairne.

- *Dáta chur i dtír*: Thacaigh Parlaimint na hEorpa leis an dáta chur i dtír a chur isteach leis an bhfaisnéis shainordaitheach murab ionann agus an dáta gabhála a mhol an Coimisiún. Níor tháinig an Chomhairle leis an tuairim sin, áfach, ach mheas sí nár tugadh dóthain breisluacha isteach leis an dáta gabhála ná leis an dáta chur i dtír níos minice ná a mhalairt (cé gur méadaíodh an t-ualach riaracháin dá mbarr). D'fhéadfadh sé bheith míthreorach uaireanta fiú amháin, dá mba rud é gur shíl an tomhaltóir go nádúrtha go mbeadh táirge de cháilíocht níos fearr i gceist le dáta níos déanaí. Ar deireadh, ghlac an Chomhairle leis an mbeart chun an dáta íosmharthanachta a chur isteach, agus go bhféadfaí an dáta gabhála a áireamh i gcónaí leis an bhfaisnéis dheonach faoi Airteagal 39.
- *Catagóir trealaimh*: De bhreis ar thásc níos mionsonraithe ar an limistéar inar gabhadh an táirge nó inar saothraíodh é, lenar ghlac an Chomhairle, ba mhian leis an bParlaimint go gcuirfí isteach an chatagóir trealaimh a úsáideadh. Ar dtús, chuaigh an Chomhairle i gcoinne an tionscnaimh sin lena bhféadfaí teicnící áirithe iascaireachta a aithisiú. Mar chomhréiteach, chomhaontaigh an dá thaobh go gcuirfí isteach liosta simplithe de sheacht ngrúpa de threalaimh mar a shonraítear in Iarscríbhinn III (féadfar níos mó faisnéise i ndáil le trealaimh a thabhairt mar fhaisnéis dheonach, féach thíos).

Éicilipéadú (Airteagal 36): Chomhaontaigh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle go dtíolacfaidh an Coimisiún, faoin 1 Eanáir 2015, tuarascáil féidearthachta maidir le roghanna le haghaidh scéime éicilipéid agus le híoscheanglais a shocrú.

Ar fhaisnéis bhreise dheonach (Airteagal 39) féadfar a áireamh inter alia an *dáta gabhála*, an *dáta chur i dtír* nó an *calaíocht* ar tugadh na táirgí i dtír ann, an *cinéal trealaimh iascaireachta ar bhealach níos mionsonraithe nó bratstát* an tsoithigh lenar gabhadh na táirgí.

Féadfar “cóid Freagairt Thapa (QR)” a úsáid chun cuntas a thabhairt ar an bhfaisnéis shainordaitheach faoi Airteagal 35(1).

Ní chúngóidh an fhaisnéis dheonach ar an áit atá curtha i leataobh don fhaisnéis shainordaitheach, agus ní dhéanfar aon fhaisnéis dheonach a chur san áireamh nach féidir a fhóru.

Gníomhartha tarmhligthe: Scriosadh an chumhacht a thugtar don Choimisiún leis an togra chun gníomhartha tarmhligthe a ghlacadh.

e) *Forálacha Nós Imeachta agus Críochnaitheacha*

Leasuithe ar an Rialachán maidir le Rialú: Arna iarraidh sin don Chomhairle, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 le dearbhú go ndéanfaidh na Ballstáit seiceálacha comhlíonta agus leis na forálacha maidir le faisnéis do thomhaltóirí a ailíniú.

Rialacha lena mbunaítear comhchaighdeáin mhargaíochta (Airteagal 47): leanfaidh caighdeáin mhargaíochta reatha le haghaidh táirgí áirithe de bheith infheidhmithe

IV. CONCLÚID

Léirítear go hiomlán leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh an comhréiteach a baineadh amach le linn na caibidlíochta idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa, agus a rinne an Coimisiún a éascú. Dearbhaítear an comhréiteach sin leis an litir a chuir Cathaoirleach an Choiste um Iascach (PECH) de chuid Parlaimint na hEorpa chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe (an 25 Meitheamh 2013). Cuireann Cathaoirleach PECH in iúl sa litir sin go molfaidh sé do chomhaltaí Choiste PECH, agus ina dhiaidh sin don seisiún iomlánach, go nglaca siad an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, gan leasuithe, ar dhara léamh na Parlaiminte, faoi réir fíorú a dhéanfaidh dlítheangeolaithe an dá institiúid. Tríd an Rialachán maidir le comheagraíocht na margaí i dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe a ghlacadh, soláthraíonn an tAontas Eorpach bunchloch tacaíochta riachtanach chun an Comhbheartas Iascaigh nua a bhunú.

RÁITEAS Ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS ÓN GCOMHAIRLE MAIDIR LE RIALACHA RIALAITHE I RÉIMSE NA HINRIANAITHEACHTA TÁIRGE AGUS NA FAISNÉISE DO THOMHALTÓIRÍ

Mar obair leantach ar an athchóiriú ar an Rialachán maidir le Comheagraíocht na Margaí i dtáirgí iascaigh agus do Bharshaothraithe, iarrann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an gCoimisiún togra a thíolacadh chucu lena ndírítear ar an Rialachán maidir le Rialú a leasú (Rialachán Uimh. 1224/2009). Ba cheart go gcuirfí san áireamh i leasú den chineál sin an gá atá le soláthar faisnéise a rialú maidir le cineál trealaimh i ndáil le táirgí a fhaightear ó iascaigh gabhála fiáine.

Iarrann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an gCoimisiún na leasuithe is gá a ghlacadh, in am trátha, ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 ón gCoimisiún maidir leis an bhfaisnéis shainordaitheach don tomhaltóir d'fhonn forálacha a chur san áireamh ón Rialachán seo, ón Rialachán maidir le Rialú, mar a leasaíodh é, agus ó Rialachán 1169/2011 maidir le faisnéis faoi bhia a sholáthar do thomhaltóirí.

RÁITIS ÓN gCOIMISIÚN

Maidir le hAirteagal 35

mír 1 (e)

Ní aontaíonn an Coimisiún leis an athrú ar Airteagal 42(1)(e) a thug na dlítheangeolaithe isteach, ar athrú é ar théacs an chomhaontaithe pholaitiúil a tháinig air ag an idirphlé neamhfhoirmiúil tripháirteach an 8 Bealtaine 2013 maidir leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh rialacháin maidir le comheagraíocht na margaí i dtáirgí iascaigh agus do Bharshaothraithe (Airteagal 35(1)(e) nua de 12005/13).

Is é an seasamh ón gCoimisiún, mar a comhaontaíodh le linn an idirphlé neamhfhoirmiúil thrípháirtigh an 8 Bealtaine 2013, gur cheart go léireofaí an dáta íosmháthachta le marcáil nó lipéadú iomchuí, gan aon cháilíocht bhreise, do tháirgí iascaigh agus do Bharshaothraithe dá dtagraítear in Airteagal 42(1) (Airteagal 35(1) nua de dhoiciméad 12005/13) a thairgtear lena ndíol don tomhaltóir deiridh. Leis na focail “i gcás inarb iomchuí” a chur isteach ag deireadh Airteagal 42(1)(e) (Airteagal 35(1)(e) nua de 12005/13), cruthófar neamhchinnteacht dhlíthiúil agus déanfar dochar do bhaint amach an chuspóra chun trédhearcacht a fheabhsú do thomhaltóirí.

Maidir le hAirteagal 35

Is oth leis an gCoimisiún gur baineadh an oibleagáid chun “an dáta gabhála” agus “an dáta buainte” a léiriú i ndáil le táirgí iascaigh agus táirgí do Bharshaothraithe, faoi seach, ón togra ón gCoimisiún leis an gcomhaontú idir na comhreachtóirí. Measann an Coimisiún go dtugtar faisnéis ríthábhachtach do thomhaltóirí leis na dátaí sin. Is léir go mbaineann na hiascairí agus na feirmeoirí ar mhionscála tairbhe as an dáta gabhála agus an dáta buainte a léiriú, agus go gcuirtear chun cinn leo bealaí gearra dáilte do tháirgí iascaigh agus do Bharshaothraithe.

Is oth leis an gCoimisiún freisin gur bhain na comhreachtóirí cur i bhfeidhm ceanglas áirithe lipéadaithe, i.e. an t-ainm tráchtála, an modh táirgthe agus an bhunáitíocht, i leith táirgí leasaithe agus ullmhaithe ón togra ón gCoimisiún. Creideann an Coimisiún go bhfreagraítear leis na ceanglais sin don éileamh poiblí atá ag fás ar fhaisnéis faoi ábhar na dtáirgí leasaithe agus ullmhaithe. Is ábhar ríthábhachtach é freisin le haghaidh inchreidteacht agus luach tháirgeacht an Aontais.

Ba mhaith leis an gCoimisiún a athdhearbhú nach gcuirfí ualach míréireach ar an tionscal iascaigh leis na feabhsúcháin lipéadaithe thuasluaite a mholann an Coimisiún, toisc go bhforbraítear leo na ceanglais inrianaitheachta atá ann cheana.

Tairiscíonn EUR-Lex (<http://new.eur-lex.europa.eu>) rochtain dhíreach agus saor in aisce ar reachtaíocht an Aontais Eorpaigh. Ar an láithreán seo is féidir breathnú ar *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus cuimsíonn sí na conarthaí, an reachtaíocht, an cásdlí agus gníomhartha ullmhúcháin na reachtaíochta.

Le haghaidh tuilleadh eolais faoin Aontas Eorpach, breathnaigh ar: <http://europa.eu>



Difig Foilseachán an Aontais Eorpaigh
2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA